**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um Iompar agus um Thurasóireacht*

**2021/0211(COD)**

10.5.2022

# TUAIRIM

ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht

chuig an gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia

ar an togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2003/87/CE lena mbunaítear córas i ndáil le trádáil lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Aontas, Cinneadh (AE) 2015/1814 i ndáil le cúlchiste cobhsaíochta margaidh a bhunú agus a fheidhmiú do scéim trádála an Aontais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa agus Rialachán (AE) 2015/757
(COM(2021)0551 – C9-0318/2021 – 2021/0211(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Andrey Novakov

PA_Legam

# RÉASÚNÚ GEARR

## Príomhghnéithe an togra le haghaidh athbhreithniú ar Threoir AE maidir le Trádáil Astaíochtaí

Cuid dhílis den phacáiste Oiriúnach do 55 is ea an t-athbhreithniú ar an gCóras Eorpach maidir le Trádáil Astaíochtaí (ETS). Is ionstraim mhargadhbhunaithe Eorpach é an córas chun dul i ngleic leis an athrú aeráide, trí phraghas a chur ar astaíochtaí CO2 agus ar astaíochtaí gás ceaptha teasa eile. Leis an togra ón gCoimisiún, déantar foráil maidir le sprioc mhéadaithe chun astaíochtaí a laghdú ó 43 go 61 % faoi bhun leibhéil 2005 faoi 2030, astaíochtaí loingseoireachta a chur san áireamh agus deireadh a chur de réir a chéile leis na lamháltais astaíochtaí saor in aisce d'earnáil na heitlíochta. Ina theannta sin, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún córas nua trádála astaíochtaí ar leithligh a sheoladh chun iompar de bhóthar agus foirgnimh a chumhdach.
I bprionsabal, glacann an Rapóirtéir leis an ngá atá ann Treoir AE maidir le Trádáil Astaíochtaí a athbhreithniú mar uirlis mhargadhbhunaithe a chuidíonn le huaillmhianta aeráide an Aontais do 2030 a bhaint amach. Mar sin féin, cuireann sé a fhorchoimeádais in iúl maidir leis an easpa measúnaithe tionchair eacnamaíoch shineirgistigh a chlúdaigh an Pacáiste iomlán in ionad an mheasúnaithe tionchair sách ilroinnte a rinneadh go dtí seo, rud nach féidir dearcadh iomlánaíoch a thabhairt. Ina theannta sin, tá imní ar an Rapóirtéir i gcónaí faoin mbearna ollmhór infheistíochta a aithníonn an Measúnú Tionchair a ghabhann leis seo. D'fhonn tacú leis an aistriú glas, tá an Rapóirtéir i bhfabhar úsáid níos leithne a bhaint as na hioncaim ó CTA chun tacú le tionscadail dícharbónaithe, trí mhéid na gcistí Nuálaíochta agus Nuachóirithe a mhéadú, lena gcuirfear borradh, a bhfuil géarghá leis, faoi bhreoslaí idirthréimhseacha agus faoi theicneolaíochtaí nuálacha in earnáil an iompair.

## An earnáil mhuirí le háireamh in CTA AE

An síneadh atá beartaithe chuig an earnáil mhuirí i gcomhair cuspóirí chun 100 % d'astaíochtaí CO2 ó mhuiraistir laistigh de AE a chumhdach, is é sin na hastaíochtaí ó longa a dhéanann muiraistir a imíonn ó chalafort atá faoi dhlínse Ballstáit agus a thagann isteach ann agus na hastaíochtaí le linn dóibh a bheith i mbeart i gcalafort de chuid an Aontais, agus 50 % de na hastaíochtaí ó mhuiraistir lasmuigh de AE, is é sin na hastaíochtaí ó longa a dhéanann turais isteach ag imeacht ó chalafort lasmuigh den Aontas agus ag teacht isteach i gcalafort atá faoi dhlínse Ballstáit agus ar an gcaoi chéanna le haghaidh longa i mbun turais amach.

Tacaíonn an Rapóirtéir leis an earnáil mhuirí a áireamh, áfach, agus tá sé suite de go n-éilíonn gné thrasteorann an iompair loingseoireachta cur chuige níos comhordaithe agus iarrachtaí níos mó i dtreo ionstraim atá bunaithe ar an margadh domhanda tríd an gcomhpháirtíocht leis an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO). Is é tuairim an Rapóirtéara go bhfuil cóir chomhionann ar bhealaí muirí laistigh de AE agus lasmuigh de AE ríthábhachtach chun iomaíochas earnáil mhuirí AE a áirithiú. Le cumhdach leath de na hastaíochtaí ó aistir isteach agus amach araon idir an tAontas agus tríú tíortha agus leath de na hastaíochtaí do thurais laistigh de AE, áirithítear cothrom na Féinne d'earnáil mhuirí AE, agus ag an am céanna déantar an baol le cuairteanna ar chalafort chun críoch éalaitheach agus an baol le dí-chomhchruinniú gníomhaíochtaí athlastála lasmuigh den Aontas a theorannú. Ina theannta sin, cuireann an Rapóirtéir síneadh le tréimhse chéimniú isteach CTA don earnáil mhuirí ó 20 % d'astaíochtaí fíoraithe don bhliain 2026 go dtí 100 % do 2029 d'fhonn éifeachtaí diúltacha

phaindéim COVID-19 a mhaolú agus téarnamh iomlán na hearnála a áirithiú, rud a thugann dóthain ama di chun na teicneolaíochtaí malartacha riachtanacha a oiriúnú agus a fhorbairt.

Creideann an Rapóirtéir go bhfuil tacaíocht chuí airgeadais riachtanach chun dícharbónú na hearnála a éascú. Dá bhrí sin, i dteannta na gcistí Nuálaíochta agus Nuachóirithe, molann sé go mbunófaí ciste tiomnaithe, eadhon Ciste don Aistriú Muirí, agus é mar aidhm aige dlús a chur le tionscadail a thacaíonn le teicneolaíochtaí nuálacha agus breoslaí malartacha inbhuanaithe a úsáid chomh maith le bonneagar calafoirt leormhaith a fhorbairt. Tá sé ríthábhachtach i gcónaí gur acmhainní breise i ndáiríre iad acmhainní an chiste sin agus nach nginfear iad trí acmhainní a ath-leithdháileadh chun dochair do bheartais, cláir nó cistí eile atá ann cheana de chuid an Aontais .

**Córas nua trádála astaíochtaí a thabhairt isteach d'iompar de bhóthar agus d'fhoirgnimh**

De réir an togra ón gCoimisiún, ba cheart CTA nua ar leithligh a bhunú chun earnálacha an iompair de bhóthar agus na bhfoirgneamh a chumhdach. Tacaíonn an Rapóirtéir le huaillmhianta an Aontais dul i ngleic leis an athrú aeráide agus geilleagar AE a dhícharbónú. Is ábhar mór imní dó, áfach, go mbeidh tionchar diúltach ag an leathnú ar CTA AE chun iompar de bhóthar agus foirgnimh a chumhdach ar thomhaltóirí deiridh, ar shaoránaigh agus ar ghnólachtaí, trí chostais bhreosla a mhéadú tuilleadh toisc go gcuirfear costais lamháltais CTA leis na praghsanna do thomhaltóirí deiridh, go háirithe i gcás teaghlaigh ar ioncam íseal agus meánioncaim, ag laghdú a soghluaisteachta agus as a dtiocfaidh bochtaineacht fuinnimh agus iompair. Dá bhrí sin, measann an Rapóirtéir go bhfuil sé ró-luath síneadh a chur le CTA nua d'iompar de bhóthar agus d'fhoirgnimh araon. Fiú le Ciste Sóisialta na hEorpa don Aeráid agus na Pleananna Náisiúnta don Aeráid, is léir nach leor an tacaíocht a thugtar do shaoránaigh Eorpacha nuair a dhéanfar an t-aistriú glas i gcomhréir le dlí aeráide na hEorpa. Measann an Rapóirtéir gur réamhchoinníoll ríthábhachtach é measúnú tionchair cuimsitheach ar an bpacáiste 'Oiriúnach do 55' ina léirítear an fíorualach ar shaoránaigh na hEorpa agus ina ndéantar anailís dhomhain ar riosca agus ar scála na bochtaineachta fuinnimh agus iompair, sular féidir cinneadh críochnaitheach dea-eolach a dhéanamh maidir leis an gCóras Trádála Astaíochtaí nua.

## LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Iompar agus um Thurasóireacht ar an gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia, mar an coiste atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 14**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (14) Is é gníomhaíocht mhuiriompair | (14) Is é gníomhaíocht mhuiriompair |

| | |
|---|---|
| idirnáisiúnta, a bhfuil muiraistir idir calafoirt faoi dhlínse dhá Bhallstát difriúil nó idir calafort faoi dhlínse Ballstáit agus calafort lasmuigh de dhlínse aon Bhallstát mar chuid di, an t-aon mhodh iompair nach n-áirítear le gealltanais an Aontais roimhe seo chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú. Tá méadú de thart ar 36 % ó 1990 tagtha ar na hastaíochtaí ó bhreosla a dhíoltar san Aontas le haghaidh aistear a imíonn ó Bhallstát amháin agus a thagann isteach i mBallstát difriúil nó i dtríú tír. Is ionann na hastaíochtaí sin agus gar do 90 % d’astaíochtaí loingseoireachta uile an Aontais mar tháinig laghdú de 26 % ó 1990 ar astaíochtaí ó bhreosla a dhíoltar san Aontas le haghaidh aistear a imíonn ó Bhallstát agus a thagann isteach sa Bhallstát céanna. Sa chás ‘gnó mar is gnách’, táthar ag tuar go dtiocfaidh méadú de thart ar 14 % idir 2015 agus 2030 agus de 34 % idir 2015 agus 2050 ar astaíochtaí ó ghníomhaíochtaí muiriompair idirnáisiúnta. ***Má thagann méadú ar thionchar an athraithe*** aeráide ***ar na gníomhaíochtaí muiriompair mar atáthar ag tuar, dhéanfaí dochar suntasach do laghduithe arna ndéanamh ag earnálacha eile chun dul i ngleic leis an athrú aeráide***. | idirnáisiúnta, a bhfuil muiraistir idir calafoirt faoi dhlínse dhá Bhallstát difriúil nó idir calafort faoi dhlínse Ballstáit agus calafort lasmuigh de dhlínse aon Bhallstát mar chuid di, an t-aon mhodh iompair nach n-áirítear le gealltanais an Aontais roimhe seo chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú. Tá méadú de thart ar 36 % ó 1990 tagtha ar na hastaíochtaí ó bhreosla a dhíoltar san Aontas le haghaidh aistear a imíonn ó Bhallstát amháin agus a thagann isteach i mBallstát difriúil nó i dtríú tír. Is ionann na hastaíochtaí sin agus gar do 90 % d’astaíochtaí loingseoireachta uile an Aontais mar tháinig laghdú de 26 % ó 1990 ar astaíochtaí ó bhreosla a dhíoltar san Aontas le haghaidh aistear a imíonn ó Bhallstát agus a thagann isteach sa Bhallstát céanna. Sa chás ‘gnó mar is gnách’, táthar ag tuar go dtiocfaidh méadú de thart ar 14 % idir 2015 agus 2030 agus de 34 % idir 2015 agus 2050 ar astaíochtaí ó ghníomhaíochtaí muiriompair idirnáisiúnta. ***Dá bhrí sin, ba cheart go rannchuideodh gníomhaíocht chomhréireach san earnáil sin go mór le spriocanna laghdaithe astaíochtaí GCT an Aontais agus le haeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050 mar a leagtar síos sa Dlí*** Aeráide. |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 15**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (15) In 2013, ghlac an Coimisiún straitéis chun astaíochtaí muirí a chomhtháthú de réir a chéile i mbeartas an Aontais chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú. Mar chéad chéim sa chur chuige seo, bhunaigh an tAontas córas chun faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí ón muiriompar i Rialachán (AE) 2015/757 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[47] , agus leagfar | (15) In 2013, ghlac an Coimisiún straitéis chun astaíochtaí muirí a chomhtháthú de réir a chéile i mbeartas an Aontais chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú. Mar chéad chéim sa chur chuige seo, bhunaigh an tAontas córas chun faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí ón muiriompar i Rialachán (AE) 2015/757 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[47] , agus leagfar |

spriocanna laghdaithe síos don earnáil mhuirí agus cuirfear beart i bhfeidhm atá bunaithe ar an margadh ina dhiaidh sin. I gcomhréir le gealltanas na gcomhreachtóirí, arna léiriú i dTreoir (AE) 2018/410 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[48] , ba cheart tús a chur le gníomhaíocht ón Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO) nó ón Aontas ó 2023 ar aghaidh, lena n-áirítear an réamhobair maidir le glacadh agus le cur chun feidhme birt lena n-áirithítear go rannchuidíonn an earnáil go hiomchuí leis na hiarrachtaí is gá chun na cuspóirí a comhaontaíodh faoi Chomhaontú Pháras a bhaint amach agus aird chuí á tabhairt ag na páirtithe leasmhara uile.

[47] Rialachán (AE) 2015/757 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin ó mhuiriompar, agus lena leasaítear

spriocanna laghdaithe síos don earnáil mhuirí agus cuirfear beart i bhfeidhm atá bunaithe ar an margadh ina dhiaidh sin. I gcomhréir le gealltanas na gcomhreachtóirí, arna léiriú i dTreoir (AE) 2018/410 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[48] , ba cheart tús a chur le gníomhaíocht ón Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO) nó ón Aontas ó 2023 ar aghaidh, lena n-áirítear an réamhobair maidir le glacadh agus le cur chun feidhme birt lena n-áirithítear go rannchuidíonn an earnáil go hiomchuí leis na hiarrachtaí is gá chun na cuspóirí a comhaontaíodh faoi Chomhaontú Pháras a bhaint amach agus aird chuí á tabhairt ag na páirtithe leasmhara uile. ***Agus na gníomhaíochtaí sin á sainiú agus á gcur chun feidhme aige, ba cheart don Aontas aird chuí a thabhairt ar iomaíochas na hearnála muirí, lena n-áirítear seasamh iomaíoch chalafoirt an Aontais agus gan sceitheadh carbóin agus gnó a chruthú. Tá sé tábhachtach go gcuirfí san áireamh cuairteanna ar chalafoirt chomharsanachta AE a dhéantar roimh chuairteanna ar chalafoirt an Aontais agus ina ndiaidh. Ba cheart don Choimisiún, dá bhrí sin, scéim faireacháin a bhunú agus bearta a mholadh chun measúnú a dhéanamh agus aghaidh a thabhairt ar sceitheadh carbóin agus gnó a bhaineann le hathródú agus cuairteanna imghabhála, chomh maith leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag córas réigiúnach den sórt sin ar iomaíochas agus nascacht calafort san Eoraip a chinneadh, chomh maith leis an tionchar diúltach a d'fhéadfadh a bheith aige ar an gcion módach.***

[47] Rialachán (AE) 2015/757 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin ó mhuiriompar, agus lena leasaítear

Treoir 2009/16/CE (***IO L 123, 19.5.2015, lch. 55);***

[48] Treoir (AE) 2018/410 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2018 lena leasaítear Treoir 2003/87/CE chun laghduithe costéifeachtacha astaíochtaí agus infheistíochtaí ísealcharbóin a fheabhsú, agus Cinneadh (AE) 2015/1814 (IO L 76, 19.3.2018, lch. 3).

Treoir 2009/16/CE (***IO L 123, 19.5.2015, lch. 55);***

[48] Treoir (AE) 2018/410 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2018 lena leasaítear Treoir 2003/87/CE chun laghduithe costéifeachtacha astaíochtaí agus infheistíochtaí ísealcharbóin a fheabhsú, agus Cinneadh (AE) 2015/1814 (IO L 76, 19.3.2018, lch. 3).

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 16**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (16) De bhun Threoir (AE) 2018/410, ba cheart don Choimisiún tuarascáil a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoin dul chun cinn atá déanta in IMO maidir le cuspóir uaillmhianach i ndáil le hastaíochtaí a laghdú agus maidir le bearta tionlacain chun a áirithiú go gcuireann an earnáil mhuiriompair go cuí leis na hiarrachtaí a bhfuil gá leo chun na cuspóirí a comhaontaíodh faoi Chomhaontú Pháras a bhaint amach. Tá iarrachtaí á ndéanamh ***anois le hastaíochtaí*** domhanda muirí a theorannú ***trí*** IMO agus ba cheart na hiarrachtaí ***sin a spreagadh. Cé go bhfáiltítear roimh an dul*** chun ***cinn a rinneadh trí IMO le déanaí, ní bheidh na bearta seo leordhóthanach chun cuspóirí Chomhaontú Pháras a bhaint amach, áfach***. | (16) ***Ní hamháin gur earnáil thábhachtach é an t-iompar muirí do gheilleagar na hEorpa ach tá sé ríthábhachtach freisin don nascacht Eorpach. Oibríonn an earnáil i dtimpeallacht idirnáisiúnta agus éilíonn sí cothrom na Féinne ar fud an domhain chun go mbeidh sí iomaíoch i gcónaí. D'fhéadfadh aistriú luath chuig loingseoireacht inbhuanaithe ag earnáil iompair mhuirí na hEorpa deis ar leith a chruthú chun a hiomaíochas a mhéadú*** de ***réir mar a aistríonn an córas domhanda go dtí astaíochtaí nialasacha. De*** bhun Threoir (AE) 2018/410, ba cheart don Choimisiún tuarascáil a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoin dul chun cinn atá déanta in IMO maidir le cuspóir uaillmhianach i ndáil le hastaíochtaí a laghdú agus maidir le bearta tionlacain chun a áirithiú go gcuireann an earnáil mhuiriompair go cuí leis na hiarrachtaí a bhfuil gá leo chun na cuspóirí a comhaontaíodh faoi Chomhaontú Pháras a bhaint amach. ***I bhfianaise ghné idirnáisiúnta na loingseoireachta,*** tá iarrachtaí á ndéanamh ***chun astaíochtaí*** domhanda muirí a theorannú ***tríd an*** IMO agus ba cheart ***iad a*** |

***spreagadh trí bheart margadhbhunaithe atá éifeachtach ó thaobh an chomhshaoil de a bhunú, i gcomhréir le Comhaontú Pháras, mar an rogha is oiriúnaí agus is éifeachtaí chun aghaidh a thabhairt ar dhícharbónú*** na ***hearnála, go háirithe i gcás réigiúin atá ar imeall na hEorpa a bhfuil a n-earnálacha muirí neamhchosanta go mór ar thionchair dhiúltacha eacnamaíocha. Dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, dlús breise a chur leis na*** hiarrachtaí ***taidhleoireachta agus cur leis an mbrú atá ar IMO*** chun ***an méadú ar an meánteocht dhomhanda a theorannú go maith faoi bhun 2°C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch, agus díriú ar 1,5°C, chomh maith le sceitheadh carbóin a sheachaint, rud a chuirfeadh gnólachtaí an Aontais i mbaol mar gheall ar iomaíocht idirnáisiúnta éagórach vis-à-vis calafoirt nach calafoirt de chuid an Aontais iad***. ***Ar an iomlán, ba cheart tionscnaimh de chuid an Aontais lena dtugtar aghaidh ar astaíochtaí ó loingseoireacht a bheith i gcomhréir le hiarrachtaí IMO chun cothrom na Féinne a choimeád ar bhealaí muirí.***

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 16 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***D'fhéadfadh beart réigiúnach margadhbhunaithe amhail ETS an laghdú ar astaíochtaí iomlána loingseoireachta a chur go mór i mbaol ós rud é go bhféadfadh sé go dtiocfadh méadú ar na hastaíochtaí foriomlána fiú mar thoradh ar chuairteanna imghabhála ag calafoirt chomharsanacha nach calafoirt chomharsanacha de chuid an Aontais iad, go háirithe nuair a bhíonn turais níos faide chuig tríú tíortha agus uathu, a mbaineann caighdeáin*** |

***chomhshaoil níos ísle leo, mar thoradh ar imghabháil. Chun na críche sin, ba cheart don Aontas Eorpach aon ghníomhaíocht imghabhála a d'fhéadfadh a bheith ann a sheachaint agus ba cheart dó an chuairt imghabhála chuig nó ó chalafort comharsanacha nach calafort de chuid an Aontais é, lena n-áirítear calafoirt trasloingsithe nach calafoirt de chuid an Aontais iad, a chur san áireamh mar chuairt ar chalafort de chuid an Aontais nuair atá na hastaíochtaí a thagann faoin Treoir seo á ríomh. Ba cheart a áireamh i raon feidhme na dturas atá le tuairisciú i Rialachán (AE) 2015/757 ceanglas chun tuairisciú a dhéanamh ar mhuiraistir iomlána lena mbaineann na calafoirt chomharsanacha sin nach calafoirt chomharsanacha de chuid an Aontais iad. Chun na críche sin, ba cheart go ndéanfaí an riosca go dtarlódh sceitheadh carbóin agus gnó mar thoradh ar chur chun feidhme beart réigiúnach margadhbhunaithe a bhreithniú sa sainmhíniú ar chuairt ar chalafort a chuirtear i bhfeidhm sa Treoir maidir le CTA AE agus i Rialachán (AE) 2015/757. Dá réir sin, ba cheart cuairteanna i gcalafort trasloingsithe de thír chomharsanach nach tír de chuid an Aontais í a chur san áireamh sa sainmhíniú ar chuairt ar chalafort, agus ba cheart gur míniú a bheadh sa mhéid sin ar shoithí a sheachnaíonn CTA AE trí chuairteanna seachanta ar chalafoirt i dtíortha comharsanacha an Aontais agus gur cuidiú a bheadh ann é sin a sheachaint. Ina theannta sin, ba cheart sainmhíniú nua ar chalafort trasloingsithe comharsanach a chomhtháthú chun cothrom na Féinne a bhaint amach agus chun cosc a chur ar sceitheadh carbóin a tharlaíonn mar thoradh ar rialacha níos déine a chuirtear i bhfeidhm i gcalafoirt an Aontais i gcomparáid le calafoirt tíortha nach tíortha de chuid an Aontais iad. D'fhonn cothrom na Féinne a áirithiú, ba cheart***

***don Choimisiún, ina theannta sin, liosta a bhunú de bhealaí farraige domhainfharraige lena nasctar dhá mhór-roinn nó níos mó agus a dhéantar trí sheirbhísí rialta lena gcumhdaítear níos mó ná 3 000 km i gcás ina ndéanfadh longa oibríochtaí trasloingsithe ag aon chalafort ar a mbealach. Ba cheart don Choimisiún an liosta sin a athbhreithniú ar bhonn bliantúil.***

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 16 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(16 b) Cé go n-áirítear sna gníomhaíochtaí muiriompair a dtabharfar aghaidh orthu i dTreoir 2003/87/CE astaíochtaí CO2 ó longa atá os cionn olltonnáiste 5000 de bhun Rialachán (AE) 2015/757, ba cheart don Choimisiún, tráth nach déanaí ná [xx bliana tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo], anailís a dhéanamh ar an mbreisluach a bhaineann le hastaíochtaí muirí ó longa atá breis agus 400 olltonáiste a chomhtháthú de réir a chéile, leis an bhféidearthacht go n-áireofaí leis sin longa a dhéanann gníomhaíochtaí seirbhíse do shuiteálacha amach ón gcósta, i gcreat an Aontais trí mheasúnú tionchair. Agus é sin á dhéanamh, d'fhéadfadh na longa sin a bheith faoi réir chóras an Aontais maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí CO2 le linn treoirthréimhse chur i bhfeidhm an chórais sin lena gcumhdaítear dhá thréimhse tuairiscithe ar a laghad. I measc na sonraí a ndéanfar anailís orthu, ba cheart don Choimisiún breithniú a dhéanamh ar an laghdú a d'fhéadfadh a bheith ann ar astaíochtaí gás ceaptha teasa, ar scála an ualaigh riaracháin chomh maith leis na hiarmhairtí*** |

***airgeadais. Mar thoradh ar chonclúidí ó mheasúnú tionchair den sórt sin, ba cheart don Choimisiún tograí reachtacha a chur faoi bhráid na Comhairle agus Pharlaimint na hEorpa lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/757 agus Treoir 2003/87/CE, más iomchuí.***

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 17**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (17) Leis an gComhaontú Glas don Eoraip, chuir an Coimisiún in iúl go raibh sé i gceist aige bearta breise a dhéanamh chun dul i ngleic le hastaíochtaí gás ceaptha teasa ón earnáil mhuiriompair trí réimse beart a chuirfidh ar chumas an Aontais a chuspóirí laghdaithe astaíochtaí a bhaint amach. Sa chomhthéacs sin, ba cheart Treoir 2003/87/CE a leasú chun earnáil an mhuiriompair a áireamh in ***EU ETS*** chun a áirithiú go rannchuideoidh an earnáil sin le cuspóirí aeráide méadaithe an Aontais chomh maith le cuspóirí Chomhaontú Pháras, lena gceanglaítear ar thíortha forbartha bheith i gceannas ar spriocanna laghdaithe astaíochtaí ar fud an gheilleagair, agus spreagtar tíortha atá i mbéal forbartha chun bogadh thar am i dtreo spriocanna laghdaithe nó teorannaithe astaíochtaí ar fud an gheilleagair.[49] Toisc gur cheart uasteorainn a chur le hastaíochtaí ó eitlíocht idirnáisiúnta lasmuigh den Eoraip ó mhí Eanáir 2021 ar aghaidh trí ghníomh domhanda atá bunaithe ar an margadh fad agus nach bhfuil aon ghníomh i bhfeidhm a chuireann uasteorainn le hastaíochtaí muiriompair nó a chuireann praghas orthu, is iomchuí go gcumhdóidh ***EU ETS*** sciar de na hastaíochtaí ó aistir idir calafort faoi dhlínse Ballstáit agus calafort faoi dhlínse tríú tíre, agus go mbeadh an tríú tír in ann gníomh iomchuí a chinneadh maidir le | (17) Leis an gComhaontú Glas don Eoraip, chuir an Coimisiún in iúl go raibh sé i gceist aige bearta breise a dhéanamh chun dul i ngleic le hastaíochtaí gás ceaptha teasa ón earnáil mhuiriompair trí réimse beart a chuirfidh ar chumas an Aontais a chuspóirí laghdaithe astaíochtaí a bhaint amach. Sa chomhthéacs sin, ba cheart Treoir 2003/87/CE a leasú chun earnáil an mhuiriompair a áireamh in ***CTA AE*** chun a áirithiú go rannchuideoidh an earnáil sin le cuspóirí aeráide méadaithe an Aontais chomh maith le cuspóirí Chomhaontú Pháras, lena gceanglaítear ar thíortha forbartha bheith i gceannas ar spriocanna laghdaithe astaíochtaí ar fud an gheilleagair, agus spreagtar tíortha atá i mbéal forbartha chun bogadh thar am i dtreo spriocanna laghdaithe nó teorannaithe astaíochtaí ar fud an gheilleagair.[49] Toisc gur cheart uasteorainn a chur le hastaíochtaí ó eitlíocht idirnáisiúnta lasmuigh den Eoraip ó mhí Eanáir 2021 ar aghaidh trí ghníomh domhanda atá bunaithe ar an margadh fad agus nach bhfuil aon ghníomh i bhfeidhm a chuireann uasteorainn le hastaíochtaí muiriompair nó a chuireann praghas orthu, is iomchuí go gcumhdóidh ***CTA AE*** sciar de na hastaíochtaí ó aistir idir calafort faoi dhlínse Ballstáit agus calafort faoi dhlínse tríú tíre, agus go mbeadh an tríú tír in ann gníomh iomchuí a chinneadh maidir le |

sciar eile na n-astaíochtaí Ba cheart do shíneadh ***EU ETS*** leis an earnáil mhuiriompair na hastaíochtaí a leanas a chur san áireamh dá réir sin: leath de na hastaíochtaí ó longa a thugann faoi mhuiraistir a thagann isteach i gcalafort faoi dhlínse Ballstáit ó chalafort lasmuigh de dhlínse Ballstáit, leath de na hastaíochtaí ó longa a thugann faoi mhuiraistir a imíonn ó chalafort faoi dhlínse Ballstáit agus a thagann isteach i gcalafort lasmuigh de dhlínse Ballstáit, astaíochtaí ó longa a thugann faoi mhuiraistir a thagann isteach i gcalafort faoi dhlínse Ballstáit ó chalafort faoi dhlínse Ballstáit, agus astaíochtaí i mbeart i gcalafort faoi dhlínse Ballstáit. Tá sé tugtha faoi deara gur bealach praiticiúil é an cur chuige sin chun réiteach a fháil ar an tsaincheist maidir le Freagrachtaí agus Inniúlachtaí Coiteanna ach Difreáilte, ar dúshlán é a bhí ann le fada i gcomhthéacs UNFCCC. Le cumhdach sciar de na hastaíochtaí ó aistir isteach agus amach araon idir an tAontas agus tríú tíortha, déantar éifeachtacht ***EU ETS*** a áirithiú, go háirithe trí thionchar comhshaoil an bhirt a mhéadú i gcomparáid le raon feidhme geografach atá teoranta d'aistir laistigh den Aontas, agus an baol le cuairteanna ar chalafort chun críocha éalaitheacha agus an baol le dí-chomhchruinniú gníomhaíochtaí athlastála lasmuigh den Aontas a theorannú. Chun cuimsiú rianúil na hearnála in EU ETS a áirithiú, ba cheart an líon lamháltas a thabharfaidh cuideachtaí loingseoireachta suas a mhéadú de réir a chéile maidir le hastaíochtaí fíoraithe a tuairiscíodh don tréimhse ***2023*** go dtí ***2025. Chun sláine comhshaoil an chórais a chosaint***, ***sa mhéid a thugtar lamháltais níos lú suas i ndáil le hastaíochtaí fíoraithe le haghaidh muiriompair sna blianta sin, nuair a bheidh an difríocht idir na hastaíochtaí fíoraithe agus na lamháltais arna dtabhairt suas bunaithe gach bliain,*** ba cheart ***líon comhfhreagrach lamháltas a chur ar ceal. Ó 2026 ar aghaidh, ba cheart*** do

sciar eile na n-astaíochtaí Ba cheart do shíneadh ***CTA AE*** leis an earnáil mhuiriompair na hastaíochtaí a leanas a chur san áireamh dá réir sin: leath de na hastaíochtaí ó longa a thugann faoi mhuiraistir a thagann isteach i gcalafort faoi dhlínse Ballstáit ó chalafort lasmuigh de dhlínse Ballstáit, leath de na hastaíochtaí ó longa a thugann faoi mhuiraistir a imíonn ó chalafort faoi dhlínse Ballstáit agus a thagann isteach i gcalafort lasmuigh de dhlínse Ballstáit, astaíochtaí ó longa a thugann faoi mhuiraistir a thagann isteach i gcalafort faoi dhlínse Ballstáit ó chalafort faoi dhlínse Ballstáit, agus astaíochtaí i mbeart i gcalafort faoi dhlínse Ballstáit. Tá sé tugtha faoi deara gur bealach praiticiúil é an cur chuige sin chun réiteach a fháil ar an tsaincheist maidir le Freagrachtaí agus Inniúlachtaí Coiteanna ach Difreáilte, ar dúshlán é a bhí ann le fada i gcomhthéacs UNFCCC. ***Ina theannta sin, maidir*** le ***longa a oibríonn bealaí a áirítear i Mótarbhealaí na Farraige nó lena ndeonaítear leanúnachas críochach mar sheirbhís phoiblí d'oileáin, níor cheart iad a mheas faoi raon feidhme CTA AE, chun an baol nithiúil go ndéanfaí cúlathrú módach chuig níos mó truailleán sa chéad chás acu a sheachaint, agus chun an riosca go gcuirfí leanúnachas críche i mbaol sa dara cás acu a sheachaint. Le*** cumhdach sciar de na hastaíochtaí ó aistir isteach agus amach araon idir an tAontas agus tríú tíortha, déantar éifeachtacht ***CTA AE*** a áirithiú, go háirithe trí thionchar comhshaoil an bhirt a mhéadú i gcomparáid le raon feidhme geografach atá teoranta d'aistir laistigh den Aontas, agus an baol le cuairteanna ar chalafort chun críocha éalaitheacha agus an baol le dí-chomhchruinniú gníomhaíochtaí athlastála lasmuigh den Aontas a theorannú. ***Ina theannta sin, d'fhonn cosc a chur ar sceitheadh carbóin mar gheall ar aon ath-leithdháileadh a d'fhéadfaí a dhéanamh ar oibríocht trasloingsithe ó chalafort de chuid an Aontais go dtí calafort***

chuideachtaí loingseoireachta an líon lamháltas a chomhfhreagraíonn do na hastaíochtaí fíoraithe a tuairiscíodh sa bhliain roimhe sin a thabhairt suas.

***trasloingsithe i dtíortha comharsanacha nach tíortha de chuid an Aontais iad, ba cheart, dá bhrí sin, astaíochtaí ó longa atá i mbun turas a thagann isteach go calafort atá faoi dhlínse Ballstáit ó chalafort trasloingsithe agus astaíochtaí ó longa a dhéanann turais a théann ó chalafort atá faoi dhlínse Ballstáit agus a thagann isteach i gcalafort trasloingsithe i dtír chomharsanach nach tír de chuid an Aontais í agus astaíochtaí ó longa a fhágann calafort atá faoi dhlínse Ballstáit agus a thagann isteach i gcalafort trasloingsithe i dtír chomharsanach nach tír de chuid an Aontais í a áireamh i leathnú CTA AE chuig earnáil an mhuiriompair.*** Chun cuimsiú rianúil na hearnála in EU ETS a áirithiú, ba cheart an líon lamháltas a thabharfaidh cuideachtaí loingseoireachta suas a mhéadú de réir a chéile maidir le hastaíochtaí fíoraithe a tuairiscíodh don tréimhse ***dar tús an chéad bhliain*** go dtí ***an tríú bliain i ndiaidh 18 mí tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo. Ón gceathrú bliain tar éis 18 mí tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo***, ba cheart do chuideachtaí loingseoireachta an líon lamháltas a chomhfhreagraíonn do na hastaíochtaí fíoraithe a tuairiscíodh sa bhliain roimhe sin a thabhairt suas. ***Mar sin féin, ba cheart bearta a dhéanamh chun a áirithiú go ndéanfaidh leathnú CTA AE difear do na Ballstáit ar bhealach atá cothrom agus comhréireach, agus a gcúinsí sonracha á gcur san áireamh, amhail iad siúd a bhaineann lena láthair gheografach, leis an aeráid agus le coinníollacha aimsire.***

[49] Comhaontú Pháras, Airteagal 4(4).

[49] Comhaontú Pháras, Airteagal 4(4).

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 17 a (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***(17 a) Ba cheart go gcuideodh CTA AE le dícharbónú éifeachtach a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí muiriompair a mhéid is féidir. Beidh ról nach beag ag an aistriú ó bhreoslaí iontaise go breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin sa phróiseas sin. Mar sin féin, agus na dúshláin a bhaineann le hastaíochtaí a laghdú san earnáil mhuirí á gcur san áireamh mar gheall ar an easpa teicneolaíochtaí gléasraí cumhachta íseal-astaíochta inmharthana atá ann faoi láthair mar a aithnítear i Straitéis an Choimisiúin um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste, agus an t-ardleibhéal iomaíochta idir cuideachtaí loingseoireachta agus an difreálach praghsanna tábhachtach idir breoslaí traidisiúnta agus breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin á gcur san áireamh, ba cheart tacú leis an aistriú sin trí dhreasachtaí eacnamaíocha lena léireofar an tairbhe a bhaineann le breoslaí malartacha don chomhshaol agus lena ndéanfar níos iomaíche iad do chuideachtaí loingseoireachta agus, ar an gcaoi sin, lena seachnófar sceitheadh carbóin. Chun na críche sin, ba cheart lamháltais saor in aisce a leithdháileadh ar chuideachtaí loingseoireachta, i gcomhréir leis an méid breoslaí malartacha a úsáidtear agus a thuairiscítear. Ba cheart méid na lamháltas a leithdháiltear saor in aisce a choigeartú le hiolraitheoirí chun a chur san áireamh go soláthraíonn cineálacha áirithe breoslaí malartacha tairbhí comhshaoil níos airde agus go bhfuil siad níos costasaí a cheannach do chuideachtaí loingseoireachta. Ba cheart don Choimisiún athbhreithniú rialta a dhéanamh ar leibhéal na n-iolraitheoirí bunaithe ar fhaisnéis faoi phraghas an mhargaidh i gcás breoslaí. Ina theannta sin, sa Rún ó Pharlaimint na hEorpa maidir le hiompar muirí atá éifeachtúil ó thaobh muirí de agus níos glaine in Aibreán 2021, aithníodh tábhacht na*** |

| | |
|---|---|
| | ***dteicneolaíochtaí idirthréimhseacha, amhail GNL agus bonneagar GNL, san earnáil mhuirí. Ba cheart, dá bhrí sin, tacú le húsáid na dteicneolaíochtaí sin le linn na chéad tréimhse idirthréimhsí trí leithdháileadh páirteach lamháltas saor in aisce.*** |

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 17 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(17 b) I gcás inar gá, ba cheart don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar Rialachán (AE) 2015/757, chun a áirithiú go mbeidh an fhaisnéis maidir le húsáid gach cineál breoslaí malartacha ar fáil chun méid na lamháltas saor in aisce faoi CTA AE a chinneadh.*** |

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 17 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(17 c) Ba cheart Ciste don Aistriú Muirí a bhunú chun cistí a sholáthar do na Ballstáit chun tacú lena gcuid beartas lena dtacaítear le dícharbónú na hearnála muiriompair. Ba cheart é sin a bhaint amach go háirithe trí fhorbairt teicneolaíochtaí nuálacha chun an earnáil a dhícharbónú, trí bhreoslaí malartacha inbhuanaithe a tháirgeadh mar a shainítear i Rialachán (AE) [..../....] maidir leis an úsáid a bhaintear as breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin sa mhuiriompar[1], lena n-áirítear córais chun amhábhair a bhailiú le haghaidh breoslaí malartacha, infheistíochtaí i*** |

[1] COM(2021)0562

| | |
|---|---|
| | ***dtaighde agus i bhforbairt agus céad chur i bhfeidhm thionsclaíoch teicneolaíochtaí agus dearaí lena laghdaítear astaíochtaí GCT, taighde i gcomhair innill agus teicneolaíochtaí nua agus bonneagair calafort; Ba cheart don Choimisiún tograí reachtacha a thíolacadh chun Ciste Muirí a chruthú. Ba cheart go mbeadh an Ciste Muirí ina chlár caiteachais a mbeadh buiséad iomlán aige laistigh de CAI. Ba cheart go sloinnfí an t-imchlúdach buiséadach le haghaidh an chláir seo mar mhéid a shocraítear ar leibhéal arb ionann é agus 75 % den ioncam a bhfuiltear ag dréim leis ó lamhháltais mhuirí a chur ar ceant. Ba cheart go bhfeidhmeodh an Ciste Muirí faoi bhainistíocht chomhroinnte leis na Ballstáit faoi Rialachán (AE) Uimh. 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.*** |

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 18**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (18) Ba cheart forálacha Threoir 2003/87/CE maidir le gníomhaíochtaí muiriompair a choinneáil faoi athbhreithniú i bhfianaise forbairtí idirnáisiúnta agus iarrachtaí arna ndéanamh amach anseo chun cuspóirí Chomhaontú Pháras a bhaint amach, lena n-áirítear an dara athbhreithniú domhanda in 2028, agus an t-athbhreithniú a dhéanfar gach 5 bliana ina dhiaidh sin, a bheidh mar bhonn do rannchuidithe comhleanúnacha arna gcinneadh go náisiúnta. Go háirithe, ba cheart don Choimisiún an dul chun cinn sna cainteanna IMO a bhaineann le beart domhanda margadhbhunaithe a thuairisciú aon am roimh an dara athbhreithniú domhanda in 2028 - agus tráth nach déanaí ná an 30 Meán Fómhair 2028, dá bhrí sin - do Pharlaimint na hEorpa agus don | (18) Ba cheart forálacha Threoir 2003/87/CE maidir le gníomhaíochtaí muiriompair a choinneáil faoi athbhreithniú i bhfianaise forbairtí idirnáisiúnta agus iarrachtaí arna ndéanamh amach anseo chun cuspóirí Chomhaontú Pháras a bhaint amach, lena n-áirítear an dara athbhreithniú domhanda in 2028, agus an t-athbhreithniú a dhéanfar gach 5 bliana ina dhiaidh sin, a bheidh mar bhonn do rannchuidithe comhleanúnacha arna gcinneadh go náisiúnta. Go háirithe, ba cheart don Choimisiún an dul chun cinn sna cainteanna IMO a bhaineann le beart domhanda margadhbhunaithe a thuairisciú ***gach re bliain tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo agus go háirithe*** aon am roimh an dara athbhreithniú domhanda in 2028 - agus tráth nach déanaí ná an |

| | |
|---|---|
| Chomhairle. Ina thuarascáil, ba cheart don Choimisiún anailís a dhéanamh ar ionstraimí na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta agus, measúnú a dhéanamh, de réir mar is ábhartha, ar na bealaí inar féidir na hionstraimí sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais trí Threoir 2003/87/CE a athbhreithniú. Ina thuarascáil, ba cheart don Choimisiún tograí a chur san áireamh de réir mar is iomchuí. | 30 Meán Fómhair 2028, dá bhrí sin - do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle. Ina thuarascáil, ba cheart don Choimisiún anailís a dhéanamh ar ionstraimí na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta agus, measúnú a dhéanamh, de réir mar is ábhartha, ar na bealaí inar féidir na hionstraimí sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais trí Threoir 2003/87/CE a athbhreithniú. Ina thuarascáil, ba cheart don Choimisiún tograí a chur san áireamh de réir mar is iomchuí. ***Ina theannta sin, ba cheart don Choimisiún tacú go bríomhar ar an leibhéal idirnáisiúnta le beart margadhbhunaithe domhanda a bhunú i gcomhpháirtíocht leis an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO) d'fhonn raon feidhme CTA AE le haghaidh muiriompair a leathnú, nuair is iomchuí.*** |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 19**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (19) Ba cheart don Choimisiún feidhmiú ***Threoir 2003/87/CE*** a athbhreithniú maidir le gníomhaíochtaí muiriompair i bhfianaise ***taithí*** ar a ***cur i bhfeidhm***, lena n-áirítear ***maidir le cleachtais a bhféadfadh cleachtais éalaitheacha a bheith iontu***, agus ***ba cheart dó bearta*** a ***mholadh ansin chun a héifeachtacht a*** áirithiú. | (19) ***Faoin 1 Eanáir 2025,*** ba cheart don Choimisiún feidhmiú ***Threoir 2003/87/CE*** a athbhreithniú maidir le gníomhaíochtaí muiriompair***, trí bhíthin measúnú tionchair,*** i ***ndlúthchomhar le húdaráis chalafoirt ghaolmhara, cuideachtaí loingseoireachta agus na geallsealbhóirí gaolmhara go léir, bunaithe ar shonraí réadacha, agus tionchair fhéideartha na bhforálacha sin maidir le sceitheadh carbóin, aistriú cuairteanna ar chalafoirt agus gnó calafoirt chuig calafoirt atá lasmuigh den Aontas, nascacht calafort san Eoraip agus, i gcás inarb ábhartha, ar an aistriú módach. Ba cheart go ndéanfaí breithniú sonrach sa mheasúnú tionchair freisin ar chleachtais a d'fhéadfadh a bheith seachanta agus ar liosta a bhunú de ghníomhaíochtaí gnó a d'fhéadfadh a*** |

***bheith ann nach dtagann faoi ghníomhaíochtaí suntasacha gnó a dhéantar ag cuairteanna ar chalafoirt chomharsanacha de chuid an Aontais. Tá measúnú tionchair tiomnaithe den sórt sin thar a bheith tábhachtach chun go n-oibreoidh CTA AE mar atá beartaithe, go háirithe i*** bhfianaise ***na gcleachtas seachanta a d'fhéadfadh a bheith ann. Má chinntear leis an measúnú tionchair go bhfuil baol ann go mbeidh tionchar diúltach*** ar ***an earnáil mhuirí, ar chalafoirt an Aontais agus ar réigiúin mhuirí agus ar réigiúin chósta agus ar oileáin, ba cheart don Choimisiún bearta coisctheacha*** a ***mholadh chun aghaidh a thabhairt air***, lena n-áirítear ***moltaí d'fhorálacha sonracha bunaithe ar chalafoirt in imchuacha farraige AE nó i dtíortha comharsanacha an Aontais***, ***chun cothrom na Féinne*** agus ***éifeachtacht i dtreo dhícharbónú na hearnála*** a áirithiú. ***Ba cheart féachaint go grinn ar ailíniú le beart margadhbhunaithe arna fhorbairt in IMO mar bhealach chun aghaidh a thabhairt ar na tionchair dhiúltacha a d'fhéadfadh a bheith ag baint le raon feidhme réigiúnach CTA AE. Ina theannta sin, ba cheart don Choimisiún measúnú tionchair sineirgisteach a dhéanamh lena n-imscrúdófaí éifeacht thograí uile an phacáiste 'Oiriúnach do 55', lena n-áirítear anailís ar iomaíochas AE, an riosca a d'fhéadfadh a bheith ann go laghdófaí an tsoghluaisteacht agus costéifeachtúlacht laghduithe ar astaíochtaí GCT.***

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 20**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (20) Maidir leis an gcuideachta loingseoireachta, a shainmhínítear mar an longúinéir nó aon eagraíocht nó duine eile, | (20) Maidir leis an gcuideachta loingseoireachta, a shainmhínítear mar an longúinéir nó aon eagraíocht nó duine eile, |

| | |
|---|---|
| amhail an bainisteoir nó an cairtfhostóir forléasta, a ghlac an fhreagracht as oibriú na loinge ón longúinéir; agus a chomhaontaigh, ar ghlacadh na freagrachta sin, dul i gceann na ndualgas agus na bhfreagrachtaí go léir arna bhforchur leis an gCód Idirnáisiúnta um Bainistíocht Sábháilteachta, ba cheart í a bheith ar an duine nó an eagraíocht atá freagrach as ***EU ETS*** a chomhlíonadh. Tá an sainmhíniú seo bunaithe ar an sainmhíniú ar 'chuideachta' in Airteagal 3, pointe (d) de Rialachán (AE) 2015/757, agus i gcomhréir leis an gcóras bailithe sonraí domhanda arna bhunú ag IMO in 2016. I gcomhréir leis an bprionsabal gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as, d'fhéadfadh an chuideachta, trí bhíthin socraithe chonarthaigh, an t-eintiteas atá freagrach go díreach as na cinntí a dhéanann difear d'astaíochtaí $CO_2$ na loinge a choinneáil cuntasach maidir leis na costais chomhlíonta faoin Treoir seo. Is iondúil gurbh é an t-eintiteas seo an t-eintiteas a bheadh freagrach as rogha breosla, bealach agus luas na loinge. | amhail an bainisteoir nó an cairtfhostóir forléasta, a ghlac an fhreagracht as oibriú na loinge ón longúinéir; agus a chomhaontaigh, ar ghlacadh na freagrachta sin, dul i gceann na ndualgas agus na bhfreagrachtaí go léir arna bhforchur leis an gCód Idirnáisiúnta um Bainistíocht Sábháilteachta, ba cheart í a bheith ar an duine nó an eagraíocht atá freagrach as ***CTA AE*** a chomhlíonadh. Tá an sainmhíniú seo bunaithe ar an sainmhíniú ar 'chuideachta' in Airteagal 3, pointe (d) de Rialachán (AE) 2015/757, agus i gcomhréir leis an gcóras bailithe sonraí domhanda arna bhunú ag IMO in 2016. I gcomhréir leis an bprionsabal gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as, d'fhéadfadh an chuideachta, trí bhíthin socraithe chonarthaigh, an t-eintiteas atá freagrach go díreach as na cinntí a dhéanann difear d'astaíochtaí $CO_2$ na loinge a choinneáil cuntasach maidir leis na costais chomhlíonta faoin Treoir seo. Is iondúil gurbh é an t-eintiteas seo an t-eintiteas a bheadh freagrach as rogha breosla, bealach agus luas na loinge. ***Ní mór faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na loinge agus an comhlíonadh a fhorfheidhmiú, ar freagracht chomhroinnte é idir úinéir na loinge agus an t-oibreoir. Iarrtar ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh faoi 2027 ar easnaimh chomhlíontachta a d'fhéadfadh a bheith ann, bearta a mholadh agus athbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir seo, i gcás inarb iomchuí.*** |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 21**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (21) Chun an t-ualach riaracháin ar chuideachtaí loingseoireachta a laghdú, ba cheart do Bhallstát amháin a bheith freagrach as gach cuideachta loingseoireachta. Ba cheart don | (21) Chun an t-ualach riaracháin ar chuideachtaí loingseoireachta a laghdú, ba cheart do Bhallstát amháin a bheith freagrach as gach cuideachta loingseoireachta. Ba cheart don |

| | |
|---|---|
| Choimisiún an chéad liosta de chuideachtaí loingseoireachta a rinne gníomhaíocht mhuirí a thagann faoi raon feidhme ***EU ETS*** a fhoilsiú, ina sonrófar an t-údarás riaracháin i leith gach cuideachta loingsoireachta. Ba cheart an liosta a thabhairt cothrom le dáta gach ***2 bhliain*** ar a laghad chun cuideachtaí loingseoireachta a athleagan ar údarás riaracháin eile, de réir mar is ábhartha. I gcás cuideachtaí loingseoireachta atá cláraithe i mBallstát, ba cheart gurbh é an Ballstát sin a bheadh ina údarás riaracháin. I gcás cuideachtaí loingseoireachta atá cláraithe i dtríú tír, ba cheart gurbh é an Ballstát lena mbaineann an líon measta is mó cuairteanna ar chalafort le linn aistear ag an gcuideachta loingseoireachta a thagann faoi raon feidhme Threoir 2003/87/CE le 2 bhliain faireacháin anuas a bheadh ina údarás riaracháin. I gcás cuideachtaí loingseoireachta atá cláraithe i dtríú tír agus nach ndearna aon aistear a thagann faoi raon feidhme Threoir 2003/87/CE le 2 bhliain faireacháin anuas, ba cheart gurbh é an Ballstát ónar thosaigh an chuideachta loingseoireachta a chéad aistear a thagann faoin raon feidhme na Treorach sin a bheadh ina údarás riaracháin. Ba cheart don Choimisiún liosta cuideachtaí loingseoireachta a thagann faoi raon feidhme Threoir 2003/87/CE a fhoilsiú agus a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn ***débhliantúil*** ina sonrófar an t-údarás riaracháin le haghaidh gach cuideachta loingseoireachta. Chun a áirithiú go láimhseáiltear cuideachtaí loingseoireachta go cothrom, ba cheart do Bhallstáit rialacha comhoiriúnaithe maidir le riaradh cuideachtaí loingseoireachta a bhfuil siad freagrach astu a leanúint, i gcomhréir leis na rialacha mionsonraithe atá le bunú ag an gCoimisiún. | Choimisiún an chéad liosta de chuideachtaí loingseoireachta a rinne gníomhaíocht mhuirí a thagann faoi raon feidhme ***CTA AE*** a fhoilsiú, ina sonrófar an t-údarás riaracháin i leith gach cuideachta loingsoireachta. Ba cheart an liosta a thabhairt cothrom le dáta ***go rialta agus*** gach ***bliain*** ar a laghad chun cuideachtaí loingseoireachta a athleagan ar údarás riaracháin eile, de réir mar is ábhartha. I gcás cuideachtaí loingseoireachta atá cláraithe i mBallstát, ba cheart gurbh é an Ballstát sin a bheadh ina údarás riaracháin. I gcás cuideachtaí loingseoireachta atá cláraithe i dtríú tír, ba cheart gurbh é an Ballstát lena mbaineann an líon measta is mó cuairteanna ar chalafort le linn aistear ag an gcuideachta loingseoireachta a thagann faoi raon feidhme Threoir 2003/87/CE le 2 bhliain faireacháin anuas a bheadh ina údarás riaracháin. I gcás cuideachtaí loingseoireachta atá cláraithe i dtríú tír agus nach ndearna aon aistear a thagann faoi raon feidhme Threoir 2003/87/CE le 2 bhliain faireacháin anuas, ba cheart gurbh é an Ballstát ónar thosaigh an chuideachta loingseoireachta a chéad aistear a thagann faoin raon feidhme na Treorach sin a bheadh ina údarás riaracháin. Ba cheart don Choimisiún liosta cuideachtaí loingseoireachta a thagann faoi raon feidhme Threoir 2003/87/CE a fhoilsiú agus a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn ***bliantúil*** ina sonrófar an t-údarás riaracháin le haghaidh gach cuideachta loingseoireachta. Chun a áirithiú go láimhseáiltear cuideachtaí loingseoireachta go cothrom, ba cheart do Bhallstáit rialacha comhoiriúnaithe maidir le riaradh cuideachtaí loingseoireachta a bhfuil siad freagrach astu a leanúint, i gcomhréir leis na rialacha mionsonraithe atá le bunú ag an gCoimisiún. |

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 23 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(23 a) Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar longa a oibríonn faoi chonradh seirbhíse poiblí nó atá faoi réir oibleagáidí seirbhíse poiblí, agus ar longa a oibríonn chuig na réigiúin nó oileáin is forimeallaí in AE nó uathu d'fhonn inrochtaineacht a chur chun cinn. Dá bhrí sin, ba cheart maolú ón Treoir seo a chur ar fáil d'astaíochtaí ó mhuiraistir chuig na réigiúin is forimeallaí agus uathu nó chuig oileáin agus uathu mar gheall ar a spleáchas ar iompar muirí le haghaidh leanúnachas críochach, d'allmhairiú amhábhar, earraí riachtanacha agus táirgí eile, agus d'onnmhairí áirithe chomh maith.*** |

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 24**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (24) Bunaithe ar thaithí ar chúraimí cosúil leo a bhaineann le cosaint an chomhshaoil, ba cheart don Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (EMSA) nó d'eagraíocht ábhartha eile, de réir mar is iomchuí agus i gcomhréir lena sainordú, cúnamh a thabhairt don Choimisiún agus do na húdaráis riaracháin i leith chur chun feidhme Threoir 2003/87/CE. De bharr a thaithí maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) 2015/757 agus a uirlisí TF, ***d'fhéadfadh*** ESMA cúnamh a thabhairt do na húdaráis riaracháin go háirithe maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí a ghintear le gníomhaíochtaí muiriompair a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo trí mar shampla an malartú faisnéise a éascú nó trí | (24) Bunaithe ar thaithí ar chúraimí cosúil leo a bhaineann le cosaint an chomhshaoil, ba cheart don Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (EMSA) nó d'eagraíocht ábhartha eile, de réir mar is iomchuí agus i gcomhréir lena sainordú, cúnamh a thabhairt don Choimisiún agus do na húdaráis riaracháin i leith chur chun feidhme Threoir 2003/87/CE. De bharr a thaithí maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) 2015/757 agus a uirlisí TF, ***ba cheart do*** ESMA cúnamh a thabhairt do na húdaráis riaracháin go háirithe maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí a ghintear le gníomhaíochtaí muiriompair a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo trí mar shampla an malartú faisnéise a éascú nó trí |

| | |
|---|---|
| threoirlínte agus critéir a fhorbairt. | threoirlínte agus critéir a fhorbairt. |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 25 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(25 a) Chun a áirithiú go mbeidh cothrom iomaíochta ann do longa a dhéanann loingseoireacht faoi dhálaí oighir agus do longa eile, ba cheart modh ar leith a chur i bhfeidhm chun astaíochtaí breise a bhaineann le loingseoireacht faoi dhálaí oighir agus astaíochtaí breise ó longa a aicmítear mar longa oighir agus iad ag seoladh in uisce oscailte a chur san áireamh, agus é á áirithiú go leanfaidh an trádáil astaíochtaí tríd an gCóras Trádála Astaíochtaí ar aghaidh ag laghdú astaíochtaí san earnáil mhuirí. Chuige sin, ba cheart na forálacha ábhartha maidir le haistriú, tabhairt suas agus cealú liúntas faoi Threoir 2003/87/CE a leasú dá réir.*** |

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 28**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (28) Chun an uaillmhian mhéadaithe aeráide a bhaint amach, beidh gá le hacmhainní poiblí substaintiúla san Aontas chomh maith le buiséid náisiúnta a thiomnú don aistriú aeráide. Chun caiteachas substaintiúil a bhaineann leis an aeráid a chomhlánú agus a dhaingniú i mbuiséad an Aontais, ba cheart gach | (28) Chun an uaillmhian mhéadaithe aeráide a bhaint amach, beidh gá le hacmhainní poiblí substaintiúla san Aontas chomh maith le buiséid náisiúnta a thiomnú don aistriú aeráide. Chun caiteachas substaintiúil a bhaineann leis an aeráid a chomhlánú agus a dhaingniú i mbuiséad an Aontais, ba cheart gach |

ioncam ceantála nach bhfuil sannta do bhuiséad an Aontais a úsáid chun críocha a bhaineann leis an aeráid. Áirítear leis sin úsáid na tacaíochta airgeadais chun aghaidh a thabhairt ar ghnéithe sóisialta i dteaghlaigh ar ioncam íseal nó ar mheánioncam trí chánacha saofa a laghdú. De bhreis air sin, chun dul i ngleic le héifeachtaí dáileacháin agus sóisialta an aistrithe i mBallstáit ar ioncam íseal, ba cheart méid breise 2.5 % den chainníocht lamháltas ar fud an Aontais ó [bliain theacht i bhfeidhm na Treorach] go dtí 2030 a úsáid chun aistriú fuinnimh na mBallstát sin arb ísle a n-olltáirgeacht intíre (OTI) per capita ná 65 % de mheán an Aontais in 2016-2018 a chistiú tríd an gCiste don Nuachóiriú dá dtagraítear in Airteagal 10d de Threoir 2003/87/CE.

ioncam ceantála nach bhfuil sannta do bhuiséad an Aontais a úsáid chun críocha a bhaineann leis an aeráid. Áirítear leis sin úsáid na tacaíochta airgeadais chun aghaidh a thabhairt ar ghnéithe sóisialta i dteaghlaigh ar ioncam íseal nó ar mheánioncam trí chánacha saofa a laghdú. De bhreis air sin, chun dul i ngleic le héifeachtaí dáileacháin agus sóisialta an aistrithe i mBallstáit ar ioncam íseal, ba cheart méid breise 2.5 % den chainníocht lamháltas ar fud an Aontais ó [bliain theacht i bhfeidhm na Treorach] go dtí 2030***, mar aon le méid coibhéiseach le 1.5 % den chainníocht lamháltas iomlán ón méid thar 400 milliún lamháltas*** a ***chuirtear ar leataobh i gCúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh chun críche an Chiste don Nuachóiriú, a*** úsáid chun aistriú fuinnimh na mBallstát sin arb ísle a n-olltáirgeacht intíre (OTI) per capita ná 65 % de mheán an Aontais in 2016-2018 a chistiú tríd an gCiste don Nuachóiriú dá dtagraítear in Airteagal 10d de Threoir 2003/87/CE. ***Chun go rannchuideodh CTA AE le hastaíochtaí domhanda GCT a laghdú agus an dícharbónú a chumasú, ba cheart sciar suntasach d'ioncam CTA AE a ghintear leis an earnáil mhuirí nó na méideanna coibhéiseacha a úsáid chun dícharbónú na hearnála sin agus dícharbónú chalafoirt an Aontais a chumasú.***

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 30**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (30) ***Is éard atá i gceist le*** Sásra Coigeartaithe Teorann Carbóin (CBAM), arna bhunú faoi Rialachán (AE) […./..] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[51], ***sásra*** malartach in ionad leithdháileadh saor in aisce chun dul i ngleic le riosca sceite carbóin. A mhéid atá | (30) ***Féadfaidh*** Sásra Coigeartaithe Teorann Carbóin (CBAM), arna bhunú faoi Rialachán (AE) […./..] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[51], ***a bheith ina rogha*** malartach in ionad leithdháileadh saor in aisce chun dul i ngleic le riosca sceite carbóin ***tráth a chruthóidh measúnú*** |

earnálacha agus fo-earnálacha cumhdaithe faoin mbeart sin, ***níor*** cheart ***dóibh leithdháileadh saor in aisce a fháil. Is gá*** deireadh ***idirthréimhseach a chur*** le lamháltais saor in aisce céim ar chéim, ***áfach,*** chun ligean do tháirgeoirí, allmhaireoirí agus trádálaithe dul i dtaithí ar an gcóras nua. Ba cheart laghdú an leithdháilte saor in aisce a chur chun feidhme trí fhachtóir a chur i bhfeidhm sa leithdháileadh saor in aisce le haghaidh earnálacha CBAM, de réir mar a chéimneofar CBAM isteach. Ba cheart don chéatadán sin (an fachtóir CBAM) a bheith cothrom le 100 % le linn na hidirthréimhse idir teacht i bhfeidhm [Rialachán CBAM] agus 2025, 90 % in 2026 agus ba cheart é a laghdú faoi 10 bpointe céatadáin in aghaidh na bliana chun go mbainfidh sé 0 % amach agus deireadh a chur le leithdháileadh saor in aisce faoin deichiú bliain ar an mbealach sin. Ba cheart na gníomhartha tarmligthe ábhartha maidir le leithdháileadh saor in aisce a choigeartú dá réir ***sin le haghaidh*** na n-earnálacha agus na bhfo-earnálacha atá cumhdaithe ag CBAM. Ní mór an leithdháileadh saor in aisce nach soláthraítear d'earnálacha CBAM a thuilleadh bunaithe ar an ríomh seo (éileamh CBAM) a chur ar ceant agus fabhrófar na hioncaim chuig an gCiste don Nuálaíocht, d'fhonn tacú leis an nuálaíocht i dteicneolaíochtaí ísealcharbóin, gabháil agus úsáid dé-ocsaíde carbóin ('CCU'), gabháil agus stóráil gheolaíoch carbóin ('CCS'), fuinneamh in-athnuaite agus stóráil fuinnimh, ar bhealach a rannchuidíonn leis an athrú aeráide a mhaolú. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar thionscadail in earnálacha CBAM. Chun cloí leis an sciar den leithdháileadh saor in aisce atá ar fáil le haghaidh earnálacha nach n-áirítear le CBAM, ba cheart an méid deiridh atá le baint ón leithdháileadh saor in aisce agus atá le cur ar ceant a ríomh bunaithe ar an sciar a léirítear le héileamh CBAM i leith riachtanais maidir le leithdháileadh saor in aisce gach earnála

***an Choimisiúin go bhfuil an rialachán éifeachtach i ndáil le sceitheadh carbóin a chosc maidir le hallmhairí agus le honnmhairí araon***. A mhéid atá earnálacha agus fo-earnálacha cumhdaithe faoin mbeart sin, ***ba*** cheart***, mar sin féin, coimircí leordhóthanacha atá comhoiriúnach do EDT a sholáthar do na táirgí atá beartaithe lena n-onnmhairiú agus dá dtáirgeoirí. I gcás ina gcuirtear*** deireadh le lamháltais saor in aisce céim ar chéim ***toisc éifeachtúlacht CBAM a bheith cruthaithe sa tuarascáil ón gCoimisiún faoi [Rialachán CBAM]***, ***beidh aistriú diaidh ar ndiaidh riachtanach*** chun ligean do tháirgeoirí, allmhaireoirí agus trádálaithe dul i dtaithí ar an gcóras nua. Ba cheart laghdú an leithdháilte saor in aisce ***sin*** a chur chun feidhme trí fhachtóir a chur i bhfeidhm sa leithdháileadh saor in aisce le haghaidh earnálacha CBAM, de réir mar a chéimneofar CBAM isteach. Ba cheart don chéatadán sin (an fachtóir CBAM) a bheith cothrom le 100 % le linn na hidirthréimhse idir teacht i bhfeidhm [Rialachán CBAM] agus 2025, 90 % in 2026 agus ba cheart é a laghdú faoi 10 bpointe céatadáin in aghaidh na bliana chun go mbainfidh sé 0 % amach agus deireadh a chur le leithdháileadh saor in aisce faoin deichiú bliain ar an mbealach sin. Ba cheart na gníomhartha tarmligthe ábhartha maidir le leithdháileadh saor in aisce a choigeartú dá réir ***i gcás*** na n-earnálacha agus na bhfo-earnálacha atá cumhdaithe ag ***an*** CBAM***, ag cur san áireamh gur gá lamháltais saor in aisce a choinneáil le haghaidh na dtáirgí a onnmhairítear***. Ní mór an leithdháileadh saor in aisce nach soláthraítear d'earnálacha CBAM a thuilleadh bunaithe ar an ríomh seo (éileamh CBAM) a chur ar ceant agus fabhrófar na hioncaim chuig an gCiste don Nuálaíocht, d'fhonn tacú leis an nuálaíocht i dteicneolaíochtaí ísealcharbóin, gabháil agus úsáid dé-ocsaíde carbóin ('CCU'), gabháil agus stóráil gheolaíoch carbóin ('CCS'), fuinneamh in-athnuaite agus stóráil

a fhaigheann leithdháileadh saor in aisce.

fuinnimh, ar bhealach a rannchuidíonn leis an athrú aeráide a mhaolú. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar thionscadail in earnálacha CBAM. Chun cloí leis an sciar den leithdháileadh saor in aisce atá ar fáil le haghaidh earnálacha nach n-áirítear le CBAM, ba cheart an méid deiridh atá le baint ón leithdháileadh saor in aisce agus atá le cur ar ceant a ríomh bunaithe ar an sciar a léirítear le héileamh CBAM i leith riachtanais maidir le leithdháileadh saor in aisce gach earnála a fhaigheann leithdháileadh saor in aisce.

---

51 [cuir isteach tagairt IO iomlán, le do thoil]

51 [cuir isteach tagairt IO iomlán, le do thoil]

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 32**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| (32) Tá cur chuige cuimsitheach i leith na nuálaíochta riachtanach chun cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a bhaint amach. Ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, tacaítear leis na hiarrachtaí taighde agus nuálaíochta is gá, i measc nithe eile, trí Fhís Eorpach, ina n-áirítear cistiú suntasach agus ionstraimí nua do na hearnálacha a thagann faoi ***ETS***. Ba cheart go n-áiritheodh Ballstáit nach gcuireann na forálacha náisiúnta trasuímh bac ar nuálaíochtaí agus go bhfuil siad neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de. | (32) Tá cur chuige cuimsitheach i leith na nuálaíochta riachtanach chun cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a bhaint amach. Ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, tacaítear leis na hiarrachtaí taighde agus nuálaíochta is gá, i measc nithe eile, trí Fhís Eorpach, ina n-áirítear cistiú suntasach agus ionstraimí nua do na hearnálacha a thagann faoi ***CTA***. Ba cheart go n-áiritheodh Ballstáit nach gcuireann na forálacha náisiúnta trasuímh bac ar nuálaíochtaí agus go bhfuil siad neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de***, agus san am céanna ba cheart don Choimisiún infhaighteacht agus éifeachtúlacht an chúnaimh theicniúil agus chomhairligh is gá a áirithiú***. |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 33**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (33) Ba cheart síneadh a chur le raon feidhme an Chiste don Nuálaíocht dá dtagraítear in Airteagal 10a(8) de Threoir 2003/87/CE chun tacú leis an nuálaíocht i dteicneolaíochtaí agus próisis ísealcharbóin a bhaineann le breoslaí a úsáidtear in earnáil na bhfoirgneamh ***agus an iompair de bhóthair***. Thairis sin, ba cheart don Chiste don Nuálaíocht tacú le hinfheistíochtaí chun earnáil an mhuiriompair a ***dhícharbónú***, lena n-áirítear infheistíochtaí a dhéanamh i mbreoslaí malartacha inbhuanaithe, amhail hidrigin agus amóinia a tháirgtear ó athnuaiteáin, ***chomh maith le teicneolaíochtaí*** tiomána astaíochtaí nialasacha ar nós teicneolaíochtaí gaoithe. Toisc go leithdháiltear ioncaim a ghintear ó phionóis a ardaítear i Rialachán xxxx/xxxx ***[FuelEU Maritime]***[52] ar an gCiste don Nuálaíocht mar ioncam sannta seachtrach i gcomhréir le hAirteagal 21(5) den Rialachán Airgeadais, ba cheart don Choimisiún a áirithiú go dtugtar aird chuí do thacaíocht le haghaidh tionscnamh nuálach atá ceaptha chun luas a chur faoi fhorbairt agus faoi chur chun feidhme breoslaí in-athnuaite agus ***ísealcharbóin*** san earnáil mhuirí, mar a shonraítear in Airteagal 21(1) de Rialachán xxxx/xxxx [FuelEU Maritime]. Chun a áirithiú go bhfuil cistiú leordhóthanach ar fáil le haghaidh nuálaíochta laistigh den raon feidhme sínithe seo, ba cheart an Ciste don Nuálaíocht a fhorlíonadh le 50 milliún lamháltas, a eascraíonn go páirteach ó na lamháltais a d'fhéadfaí a chur ar ceant ar shlí eile, agus go páirteach ó na lamháltais a d'fhéadfaí a leithdháileadh ar shlí eile saor in aisce, i gcomhréir le sciar reatha an chistithe a sholáthraítear ó gach foinse don Chiste don Nuálaíocht. | (33) Ba cheart síneadh a chur le raon feidhme an Chiste don Nuálaíocht dá dtagraítear in Airteagal 10a(8) de Threoir 2003/87/CE chun tacú ***le suiteáil teicneolaíochtaí neamhcheannródaíocha i bpróisis thionsclaíocha a bhfuil acmhainneacht ollmhór choigiltis GCT acu ach nach bhfuil réidh don mhargadh mar aon*** leis an nuálaíocht i dteicneolaíochtaí agus próisis ísealcharbóin a bhaineann le breoslaí a úsáidtear in earnáil na bhfoirgneamh. Thairis sin, ba cheart don Chiste don Nuálaíocht tacú le hinfheistíochtaí chun ***dlús a chur le dícharbónú*** earnáil an mhuiriompair***, trí infheistíocht i réitigh ghearrthéarmacha amhail tiomáint GNL agus bonneagar athbhreoslaithe agus go háirithe réitigh neamhcheannródaíocha meántéarma*** a ***fhorbairt***, ***tacaíocht a thabhairt d'imscaradh teicneolaíochtaí nuálacha,*** lena n-áirítear infheistíochtaí a dhéanamh i mbreoslaí malartacha inbhuanaithe ***agus an bonneagar lena mbaineann***, amhail hidrigin agus amóinia a tháirgtear ó athnuaiteáin ***inbhuanaithe***, ***an chéad chur i bhfeidhm tionsclaíoch, bonneagar athbhreoslaithe agus athluchtaithe i gcalafoirt, lena n-áirítear soláthair leictreachais cois cladaigh a nascadh leis an eangach agus bonneagar eile fuinnimh, agus trí theicneolaíochtaí*** tiomána astaíochtaí nialasacha ar nós teicneolaíochtaí gaoithe ***chomh maith***. Toisc go leithdháiltear ioncaim a ghintear ó phionóis a ardaítear i Rialachán xxxx/xxxx ***['FuelEU Maritime']***[52] ar an gCiste don Nuálaíocht mar ioncam sannta seachtrach i gcomhréir le hAirteagal 21(5) den Rialachán Airgeadais, ba cheart don Choimisiún a áirithiú go dtugtar aird chuí do thacaíocht le haghaidh tionscnamh nuálach atá ceaptha chun luas a chur faoi fhorbairt agus faoi chur chun feidhme |

breoslaí ***inbhuanaithe*** in-athnuaite***, ísealcharbóin*** agus ***nialasacha mar aon le leictriú*** san earnáil mhuirí, mar a shonraítear in Airteagal 21(1) de Rialachán xxxx/xxxx [FuelEU Maritime]. Chun a áirithiú go bhfuil cistiú leordhóthanach ar fáil le haghaidh nuálaíochta laistigh den raon feidhme sínithe seo, ba cheart an Ciste don Nuálaíocht a fhorlíonadh le 50 milliún lamháltas, a eascraíonn go páirteach ó na lamháltais a d'fhéadfaí a chur ar ceant ar shlí eile, agus go páirteach ó na lamháltais a d'fhéadfaí a leithdháileadh ar shlí eile saor in aisce, i gcomhréir le sciar reatha an chistithe a sholáthraítear ó gach foinse don Chiste don Nuálaíocht. ***Chun an nuálaíocht a chothú i dteicneolaíochtaí ceannródaíocha a luaithe is féidir, ba cheart don Choimisiún a áirithiú go ndéanfar an maoiniú a chuirtear ar fáil tríd an gCiste don Nuálaíocht a 'tús-ualú' le linn na chéad bhlianta de chur chun feidhme na Treorach seo, agus prionsabal na cothromaíochta geografaí á chur san áireamh aige ag an am céanna.***

[52] [cuir tagairt don Rialachán FuelEU Maritime isteach anseo].

[52] [cuir tagairt don Rialachán FuelEU Maritime isteach anseo].

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 38**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (38) Ba cheart raon feidhme an Chiste don Nuachóiriú a ailíniú le cuspóirí aeráide is déanaí an Aontais trína éileamh go bhfuil infheistíochtaí comhsheasmhach le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus le Rialachán (AE) 2021/1119, agus trí ***dheireadh a chur*** leis an tacaíocht d'aon infheistíocht a bhaineann le breoslaí ***iontaise***. Thairis sin, ba cheart an céatadán den Chiste don Nuachóiriú nach mór a dhíriú ar infheistíochtaí tosaíochta a | (38) Ba cheart raon feidhme an Chiste don Nuachóiriú a ailíniú le cuspóirí aeráide is déanaí an Aontais trína éileamh go bhfuil infheistíochtaí comhsheasmhach le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus le Rialachán (AE) 2021/1119, agus trí ***leanúint*** leis an tacaíocht d'aon infheistíocht a bhaineann le breoslaí ***agus teicneolaíochtaí inbhuanaithe agus idirthréimhseacha***. Thairis sin, ba cheart an céatadán den Chiste don Nuachóiriú |

mhéadú go dtí 80 %; ba cheart díriú ar éifeachtúlacht fuinnimh mar réimse tosaíochta ar thaobh an éilimh; agus ba cheart tacaíocht le haghaidh teaghlach chun aghaidh a thabhairt ar an mbochtaineacht fuinnimh, lena n-áirítear i gceantair tuaithe agus iargúlta, a chur san áireamh laistigh de raon feidhme na n-infheistíochtaí tosaíochta.

nach mór a dhíriú ar infheistíochtaí tosaíochta a mhéadú go dtí 80 %; ba cheart díriú ar éifeachtúlacht fuinnimh mar réimse tosaíochta ar thaobh an éilimh; agus ba cheart tacaíocht le haghaidh teaghlach chun aghaidh a thabhairt ar an mbochtaineacht fuinnimh, lena n-áirítear i gceantair tuaithe agus iargúlta, a chur san áireamh laistigh de raon feidhme na n-infheistíochtaí tosaíochta.

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 40**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (40) Féadann breoslaí in-athnuaite leachta agus gásacha de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch agus breoslaí carbóin athchúrsáilte a bheith tábhachtach chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú in earnálacha atá deacair a dhícharbónú. I gcás ina dtáirgtear breoslaí carbóin athchúrsáilte agus breoslaí in-athnuaite leachta agus gásacha de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch ó dhé-ocsaíd charbóin ghafa faoi ghníomhaíocht a chumhdaítear leis an Treoir seo, ba cheart na hastaíochtaí a chur san áireamh faoin ngníomhaíocht sin. D’fhonn a áirithiú go rannchuidíonn breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch agus breoslaí carbóin athchúrsáilte le laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus chun comhaireamh dúbailte na mbreoslaí a rannchuidíonn le laghduithe a sheachaint, is iomchuí an cumhachtú in Airteagal 14(1) a leathnú go sainráite chuig glacadh na ngníomhartha cur chun feidhme ag an gCoimisiún lena leagtar síos na coigeartuithe is gá ar conas scaoileadh dé-ocsaíde carbóin faoi dheireadh a chur san áireamh agus ar conas comhaireamh dúbailte a sheachaint d’fhonn a áirithiú go bhfuil dreasachtaí iomchuí i bhfeidhm, agus láimhseáil na mbreoslaí sin á gcur san | (40) Féadann breoslaí in-athnuaite leachta agus gásacha de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch agus breoslaí carbóin athchúrsáilte a bheith tábhachtach chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú in earnálacha atá deacair a dhícharbónú. I gcás ina dtáirgtear breoslaí carbóin athchúrsáilte agus breoslaí in-athnuaite leachta agus gásacha de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch ó dhé-ocsaíd charbóin ghafa faoi ghníomhaíocht a chumhdaítear leis an Treoir seo, ba cheart na hastaíochtaí a chur san áireamh faoin ngníomhaíocht sin***, i gcás ina n-astaítear CO2 isteach san atmaisféar***. D’fhonn a áirithiú go rannchuidíonn breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch agus breoslaí carbóin athchúrsáilte le laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus chun comhaireamh dúbailte na mbreoslaí a rannchuidíonn le laghduithe a sheachaint, is iomchuí an cumhachtú in Airteagal 14(1) a leathnú go sainráite chuig glacadh na ngníomhartha cur chun feidhme ag an gCoimisiún lena leagtar síos na coigeartuithe is gá ar conas ***agus cá háit*** scaoileadh dé-ocsaíde carbóin faoi dheireadh a chur san áireamh agus ar conas comhaireamh dúbailte a sheachaint d’fhonn a áirithiú go bhfuil dreasachtaí |

áireamh freisin faoi Threoir (AE) 2018/2001. | iomchuí i bhfeidhm ***chun an $CO_2$ a ghabháil***, agus láimhseáil na mbreoslaí sin á gcur san áireamh freisin faoi Threoir (AE) 2018/2001.

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 42**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (42) ***Mar thoradh ar eisiamh*** suiteálacha ***ina mbaintear úsáid eisiach as bithmhais ó EU ETS, tá cásanna ann ina bhfuil brabúis amhantair faighte ag suiteálacha*** a ***dhéanann sciar mór de bhithmhais a dhó trí lamháltais*** saor in aisce a ***fháil a sháraíonn go mór astaíochtaí iarbhír. Dá bhrí sin,*** ba cheart luach tairsí le haghaidh dóchán bithmhaise nialas-rátaithe a ***thabhairt isteach agus*** suiteálacha ***atá os cionn an luacha sin a eisiamh ó EU ETS. Tá an luach tairsí de 95 % ag teacht leis an bparaiméadar éiginnteachta atá leagtha amach in Airteagal 2(16) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/331 ón gCoimisiún[56].*** | (42) ***Má dhéantar*** suiteálacha a ***úsáideann bithmhais go heisiach ó CTA AE a eisiamh tuilleadh, beidh easpa cinnteachta ann maidir leis na luachanna tagarmhairc le haghaidh leithdháileadh*** saor in aisce a ***thabhairt cothrom le dáta agus déanfar aistriú iomlán chuig foinse fuinnimh nialasach a dhídhreasú.*** Ba cheart luach tairsí ***100 %*** le haghaidh dóchán bithmhaise nialas-rátaithe a ***choinneáil le haghaidh*** suiteálacha ***a bheidh le heisiamh ó CTA AE.*** |
| [56] Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/331 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2018 lena gcinntear rialacha idirthréimhseacha uile-Aontais le haghaidh leithdháileadh saor in aisce comhchuibhithe ***liúntais*** astaíochtaí de bhun Airteagal 10a de Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 59, 27.2.2019, lch. 8). | [56] Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/331 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2018 lena gcinntear rialacha idirthréimhseacha uile-Aontais le haghaidh leithdháileadh saor in aisce comhchuibhithe ***lamháltas*** astaíochtaí de bhun Airteagal 10a de Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 59, 27.2.2019, lch. 8). |

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 43**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(43) Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le hUaillmhian aeráide 2030 na hEorpa a uaschéimniú[57], cuireadh i dtábhacht an dúshlán ar leith a bhaineann leis na hastaíochtaí a laghdú in earnáil an iompair de bhóthar agus na bhfoirgneamh. Dá bhrí sin, d'fhógair an Coimisiún go bhféadfaí astaíochtaí ón iompar de bhóthar agus ó fhoirgnimh a chur san áireamh i bhforbairt bhreise ar thrádáil astaíochtaí. Bhunófaí trádáil astaíochtaí don dá earnáil nua sin le trádáil astaíochtaí ar leith ach fogasach. Ar an gcaoi sin, sheachnófaí aon chur isteach ar an trádáil astaíochtaí dea-fheidhmithe in earnáil na suiteálacha do-aistrithe agus earnáil na heitlíochta. Tá beartais agus bearta comhlántacha ag gabháil leis an gcóras nua, a thugann cosaint i gcoinne tionchar mhíchuí praghsanna, rud lena múnlaítear ionchais rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais agus arb é is aidhm dóibh comhartha faoi phraghas an charbóin a bhaint amach don gheilleagar iomlán. Léiríonn an taithí gur gá córas éifeachtach faireacháin, tuairiscithe agus fíorúcháin a bhunú chun an margadh nua a fhorbairt. I bhfianaise sineirgí agus comhleanúnachas a áirithiú le bonneagar reatha an Aontais do EU ETS a chumhdaíonn na hastaíochtaí ó shuiteálacha do-aistrithe agus ón eitlíocht, is iomchuí trádáil astaíochtaí a bhunú le haghaidh earnáil an iompair de bhóthar agus na bhfoirgneamh trí leasú ar Threoir 2003/87/CE.*** | ***scriosta*** |

***[57] COM(2020)562 final.***

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 44**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| ***(44) D’fhonn an creat cur chun feidhme is gá a bhunú agus chun tráthchlár réasúnta a thabhairt chun sprioc 2030 a bhaint amach, ba cheart go dtosódh trádáil astaíochtaí sa dá earnáil nua in 2025. Le linn na céad bliana, ba cheart a cheangal ar na heintitis rialáilte ceadúnas astaíochtaí gás ceaptha teasa a bheith acu agus a n-astaíochtaí a thuairisciú le haghaidh na mblianta 2024 agus 2025. Ba cheart go mbeadh eisiúint lamháltas agus oibleagáidí comhlíontachta le haghaidh na n-eintiteas sin infheidhme amhail ó 2026. Fágfaidh an seicheamhú sin go mbeifear in ann tús a chur le trádáil astaíochtaí sna hearnálacha ar bhealach ordúil agus éifeachtúil. D’fhágfadh sé freisin sé go mbeadh bearta maoinithe an Aontais agus Ballstát i bhfeidhm d’fhonn a áirithiú go dtugtar isteach trádáil astaíochtaí an Aontais sa dá earnáil go cóir agus go cothrom ó thaobh na sochaí de chun tionchar an phraghais charbóin ar theaghlaigh agus úsáideoirí iompair leochaileacha a mhaolú.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 45**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| ***(45) Ós rud é go bhfuil líon an-mhór astairí beaga in earnáil na bhfoirgneamh agus an iompair de bhóthar, ní féidir an pointe rialaithe a shocrú ar leibhéal eintiteas a astaíonn go díreach gáis cheaptha teasa, mar is amhlaidh i gcás na suiteálacha do-aistrithe agus na heitlíochta. Dá bhrí sin, ar chúiseanna indéantachta teicniúla agus éifeachtúlachta riaracháin, tá sé níos iomchuí an pointe rialaithe a shocrú níos*** | ***scriosta*** |

***réamhtheachtachaí sa slabhra soláthair. Ba cheart gurbh é an beart a spreagfadh an oibleagáid chomhlíontachta faoin trádáil astaíochtaí nua ná breoslaí a scaoileadh i gcomhair tomhaltais a úsáidtear le haghaidh dócháin in earnáil na bhfoirgneamh agus an iompair de bhóthar, lena n-áirítear le haghaidh dócháin agus gáis cheaptha teasa á n-iompar de bhóthar le stóráil go geolaíoch. Chun cumhdach dúbailte a sheachaint, níor cheart scaoileadh breoslaí i gcomhair tomhaltais a úsáidtear i ngníomhaíochtaí eile faoi Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2003/87/CE a chumhdach.***

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 46**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(46) Ba cheart na heintitis rialáilte sa dá earnáil nua agus an pointe rialaithe a shainiú ar aon dul leis an gcóras dleachta máil arna bhunú le Treoir (AE) 2020/262 ón gComhairle[58], leis na hoiriúnaithe is gá, ionas go socraítear leis an Treoir sin cheana córas láidir rialaithe i gcomhair na gcainníochtaí breosla uile a scaoiltear lena dtomhailt chun críocha dleachta máil a íoc. Níor cheart d'úsáideoirí deiridh breoslaí sna hearnálacha sin a bheith faoi réir oibleagáidí faoi Threoir 2003/87/CE.*** | ***scriosta*** |

***[58] Treoir (AE) 2020/262 ón gComhairle an 19 Nollaig 2019 lena leagtar síos na socruithe ginearálta maidir le dleacht mháil (IO L 58, 27.2.2020 lch. 4.)***

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 47**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(47) Ba cheart do na heintitis rialáilte a thagann faoi raon feidhme na trádála astaíochtaí in earnáil na bhfoirgneamh agus an iompair de bhóthar a bheith faoi réir ceanglas maidir le cead astaíochtaí gás ceaptha teasa atá cosúil leis na ceanglais i gcomhair oibreoirí suiteálacha do-aistrithe. Is gá rialacha a bhunú i ndáil le hiarratais ar cheadanna, coinníollacha i gcomhair eisiúint, inneachar, agus athbhreithniú ceadanna, agus aon athrú a bhaineann leis an eintiteas rialáilte. Ionas go dtosóidh an córas nua go hordúil, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil cead bailí ag eintitis rialáilte a thagann laistigh de raon feidhme na trádála astaíochtaí nua amhail tús an chórais in 2025.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 48**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(48) Ba cheart do chainníocht iomlán na lamháltas don trádáil nua astaíochtaí conair líneach a leanúint chun an sprioc maidir le laghdú astaíochtaí 2030 a bhaint amach, ag cur rannchuidiú costéifeachtach foirgneamh agus an iompair de bhóthar san áireamh mar atá laghdú 43 % ar astaíochtaí faoi 2030 i gcomparáid le 2005. Ba cheart cainníocht iomlán na lamháltas a shocrú den chéad uair in 2026, chun conair a leanúint a thosóidh in 2024 ó luach theorainneacha astaíochtaí 2024 (1 109 304 000 $CO_2$t), arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 4(2) de Rialachán (AE) 2018/842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[59] ar bhonn na n-astaíochtaí*** | ***scriosta*** |

***tagartha le haghaidh na n-earnálacha sin le haghaidh na tréimhse ó 2016 go 2018. Dá réir sin, ba cheart an fachtóir laghdaithe línigh a shocrú ag 5.15 %. Amhail 2028, ba cheart cainníocht iomlán na lamháltas a shocrú ar bhonn na meánastaíochtaí tuairiscithe le haghaidh na mblianta 2024, 2025 agus 2026, agus ba cheart í a laghdú ag an laghdú bliantúil absalóideach céanna mar atá socraithe ó 2024, a chomhfhreagraíonn d'fhachtóir laghdaithe línigh de 5.43 % i gcomparáid le luach inchomparáide 2025 don chonair atá sainithe thuas. Má tá na hastaíochtaí sin i bhfad níos airde ná an luach conaire sin agus mura n-eascraíonn an éagsúlacht sin ó dhifríochtaí mionscála idir modheolaíochtaí chun astaíochtaí a thomhas, ba cheart an fachtóir laghdaithe línigh a choigeartú chun an laghdú riachtanach ar astaíochtaí a bhaint amach in 2030.***

___________________

***[59] Rialachán (AE) 2018/842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le laghduithe bliantúla ceangailteacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ag na Ballstáit ó 2021 go 2030 lena rannchuidítear leis an ngníomhaíocht ar son na haeráide chun na gealltanais a tugadh faoi Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 (IO L 156, 19.6.2018, lch. 26).***

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 49**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(49) Is é ceantáil lamháltas an bealach is simplí agus is éifeachtúla ó thaobh an gheilleagair le lamháltais astaíochtaí a*** | ***scriosta*** |

***leithdháileadh, agus seachnaítear leis sin freisin brabúis amhantair. Tá earnáil na bhfoirgneamh agus an iompair de bhóthar araon faoi bhrú iomaíoch réasúnta íseal ó lasmuigh den Aontas nó níl siad faoi bhrú iomaíoch ar chor ar bith agus níl riosca sceite carbóin ag roinnt leo. Dá bhrí sin, níor cheart lamháltais le haghaidh foirgneamh agus iompar de bhóthar a leithdháileadh trí cheantáil ach i gcás nach ann d'aon leithdháileadh saor in aisce.***

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 50**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(50) Chun a áirithiú go gcuirfear tús réidh leis an trádáil astaíochtaí in earnáil na bhfoirgneamh agus an iompair de bhóthar agus ag cur san áireamh an gá atá ag na heintitis rialáilte le lamháltais a fhalú nó a cheannach roimh ré chun a riosca praghais agus leachtachta a mhaolú, ba cheart méid níos airde lamháltas a chur ar ceant go luath. In 2026, ba cheart mar sin do na méideanna ceantála a bheith 30 % níos airde ná cainníocht iomlán na lamháltas le haghaidh 2026. Ba leor an méid sin chun leachtacht a sholáthar, má théann astaíochtaí i laghad ar aon dul le riachtanais laghdaithe, agus sa chás nach dtagann laghduithe ar astaíochtaí chun cinn ach de réir a chéile. Tá na rialacha mionsonraithe don ualú tosaigh sin ar mhéid ceantála le socrú i ngníomh tarmligthe i ndáil le ceantáil, arna ghlacadh de bhun Airteagal 10(4) de Threoir 2003/87/CE.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 51**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(51) Tá na rialacha dáileacháin maidir le sciartha ceantála thar a bheith ábhartha le haghaidh aon ioncaim ceantála a d'fhabhrófaí chuig na Ballstáit, go háirithe i bhfianaise an ghá le cumas na mBallstát a neartú le déileáil le tionchair shóisialta comhartha faoi phraghas ar charbón in earnáil na bhfoirgneamh agus an iompair de bhóthar. D'ainneoin go bhfuil saintréithe an-difriúla ag baint leis an dá earnáil, is cuí riail choiteann i gcomhair dáileacháin a shocrú atá cosúil leis an gceann a bhaineann le suiteálacha do-aistrithe. Ba cheart an phríomhchuid de na lamháltais a dháileadh i measc na mBallstát uile ar bhonn mheándháileadh na n-astaíochtaí sna hearnálacha arna gcumhdach le linn na tréimhse ó 2016 go 2018.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 52**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(52) Ba cheart cúiteamh sóisialta éifeachtach a bheith i gceist nuair atá praghas carbóin á thabhairt isteach i ndáil le hiompar de bhóthar agus foirgnimh, go háirithe i bhfianaise na leibhéil bochtaineachta fuinnimh atá ann cheana. Tuairiscítear nach raibh sé de chumas ag thart ar 34 milliún Eorpach a dtithe a choinneáil te go leor in 2018, agus dúirt 6.9 % de dhaonra an Aontais nach raibh sé d'acmhainn acu a dteach a théamh go leordhóthanach i suirbhé a rinneadh ar fud an Aontais in 2019[60]. Chun cúiteamh sóisialta agus dáileacháin éifeachtach a bhaint amach, ba cheart ceangal a chur ar na Ballstáit na*** | ***scriosta*** |

***hioncaim cheantála a chaitheamh ar na cuspóirí a bhaineann le haeráid agus fuinneamh atá sonraithe cheana don trádáil reatha astaíochtaí, ach freisin le haghaidh beart arna thabhairt isteach go sonrach chun aghaidh a thabhairt ar ábhair imní ghaolmhara na n-earnálacha nua mar atá earnáil an iompair de bhóthar agus na bhfoirgneamh lena n áirítear gníomhaíochtaí beartais gaolmhara faoi Threoir 2012/27/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[61]. Ba cheart ioncaim ceantála a úsáid le dul i ngleic leis na gnéithe sóisialta den trádáil astaíochtaí le haghaidh na n earnálacha nua agus béim faoi leith ar theaghlaigh leochaileacha, ar mhicrifhiontair agus ar úsáideoirí iompair. Chuige sin, cuirfidh Ciste Aeráide Sóisialta nua cistiú tiomnaithe ar fáil do Bhallstáit chun tacú leis na saoránaigh Eorpacha is mó atá thíos leis an mbochtaineacht fuinnimh nó soghluaisteachta nó i mbaol aici. Cuirfidh an Ciste cothroime agus dlúthpháirtíocht chun cinn idir na Ballstáit agus laistigh díobh agus baol na bochtaineachta fuinnimh agus soghluaisteachta á maolú fad is atá an t-aistriú ar siúl. Cuirfidh sé le sásraí dlúthpháirtíochta atá ann cheana agus comhlánóidh sé iad. Comhfhreagróidh acmhainní an Chiste nua i bprionsabal do 25 % de na hioncaim ionchasacha ón trádáil astaíochtaí nua i gcaitheamh na tréimhse 2026-2032, agus cuirfear chun feidhme iad ar bhonn na bPleananna Aeráide Sóisialta ar cheart do Bhallstáit iad a chur ar aghaidh faoi Rialachán (AE) 20.../nn ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[62]. Ina theannta sin, ba cheart do gach Ballstát a gcuid ioncam ceantála a úsáid inter alia chun cuid de chostais a bPleananna Aeráide Sóisialta a mhaoiniú.***

***[60] Sonraí ó 2018. Eurostat, SILC***

*[ilc_mdes01]).*

*[61] Treoir 2012/27/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, lena leasaítear Treoracha 2009/125/CE agus 2010/30/AE agus lena n-aisghairtear Treoracha 2004/8/CE agus 2006/32/CE (IO L 315, 14.11.2012, lch. 1-56).*

*[62] [Cuir tagairt isteach don Rialachán lena mbunaítear an Ciste Aeráide Sóisialta].*

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 52 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(52 a) I ngeall ar na costais aistrithe, agus ar luaineacht mhéadaithe phraghsanna fuinnimh agus amhábhar mar thoradh ar choigeartuithe trasdula agus ídiú acmhainní araon, is gá na teaghlaigh, na fiontair agus na FBManna is leochailí a chosaint agus, san am céanna, ardleibhéal infheistíochta a choinneáil ar bun chun a áirithiú go n-éireoidh leis an aistriú éiceolaíoch. Dá bhrí sin, ba cheart Ciste Aeráide Sóisialta a bhunú chun a áirithiú go mbeidh aistriú cuimsitheach ann nach bhfágann aon duine ar lár.*** |

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 53**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(53) Ba cheart don tuairisciú ar úsáid ioncam ceantála a bheith ailínithe leis an tuairisciú reatha arna bhunú le Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint*** | ***scriosta*** |

***na hEorpa agus ón gComhairle[63].***

---

***[63] Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 663/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 94/22/CE, 98/70/CE, 2009/31/CE, 2009/73/CE, 2010/31/AE, 2012/27/AE agus 2013/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2009/119/CE agus (AE) 2015/652 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 328, 21.12.2018, lgh. 1–77).***

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 54**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(54) Tá an nuálaíocht agus forbairt teicneolaíochtaí nua ísealcharbóin in earnálacha na bhfoirgneamh agus an iompair de bhóthar ríthábhachtach chun a áirithiú go ndéanfaidh na hearnálacha sin rannchuidiú costéifeachtach leis na laghduithe ar astaíochtaí a bhfuiltear ag súil leo. Dá bharr sin, ba cheart 150 milliún lamháltas ó thrádáil astaíochtaí in earnálacha na bhfoirgneamh agus an iompair de bhóthar a chur ar fáil don Chiste Nuálaíochta chun an laghdú costéifeachtach ar astaíochtaí a spreagadh.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 55**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(55) Ba cheart d'eintitis rialáilte atá cumhdaithe leis an trádáil astaíochtaí le haghaidh foirgneamh agus iompar de bhóthar lamháltais i gcomhair a gcuid astaíochtaí fíoraithe a thabhairt suas a chomhfhreagraíonn do mhéideanna na mbreoslaí atá scaoilte acu lena dtomhailt. Ba cheart dóibh lamháltais a thabhairt suas den chéad uair le haghaidh a gcuid astaíochtaí fíoraithe in 2026. D'fhonn an t-ualach riaracháin a íoslaghdú, ba cheart roinnt rialacha is infheidhme maidir leis an gcóras reatha um thrádáil astaíochtaí le haghaidh suiteálacha do-aistrithe agus eitlíochta, a chur i bhfeidhm maidir le trádáil astaíochtaí le haghaidh foirgneamh agus iompar de bhóthar, leis na hoiriúnuithe is gá. Áirítear leis sin, go háirithe, rialacha maidir le haistriú, tabhairt suas agus cur ar ceal lamháltas, chomh maith leis na rialacha maidir le bailíocht lamháltas, pionóis, údaráis inniúla agus oibleagáidí tuairiscithe na mBallstát.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 56**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(56) Chun go mbeadh trádáil astaíochtaí in earnálacha na bhfoirgneamh agus an iompair de bhóthar éifeachtach, ba cheart go bhféadfaí faireachán a dhéanamh ar astaíochtaí a bhfuil deimhneacht ard agus costas réasúnta ag baint leo. Ba cheart astaíochtaí a chur i leith eintiteas rialáilte ar bhonn cainníochtaí breosla arna scaoileadh lena dtomhailt agus iad*** | ***scriosta*** |

***comhcheangailte le fachtóir astaíochta. Ba cheart go bhféadfadh eintitis rialáilte na hearnálacha ina scaoiltear na breoslaí lena dtomhailt, chomh maith le húsáideoirí deiridh na mbreoslaí, a shainaithint go cruinn agus idirdhealú a dhéanamh eatarthu, chun éifeachtaí neamh-inmhianaithe, amhail ualach dúbailte, a sheachaint. Ionas go mbeadh neart sonraí ar fáil chun líon iomlán na lamháltas le haghaidh na tréimhse ó 2028 go 2030 a shocrú, ba cheart do na heintitis rialáilte a shealbhaíonn cead ag tús an chórais in 2025 a gcuid astaíochtaí stairiúla gaolmhara le haghaidh 2024 a thuairisciú.***

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 57**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(57) Is iomchuí bearta a thabhairt isteach chun déileáil le riosca féideartha de mhéaduithe iomarcacha ar phraghsanna, a d'fhéadfadh, má tá siad fíor-ard ag tús na trádála astaíochtaí le haghaidh foirgneamh agus iompar de bhóthar, an bonn a bhaint de réidhe teaghlach agus daoine aonair le hinfheistiú ina gcuid astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú. Ba cheart go gcomhlánódh na bearta sin na cosaintí arna gcur ar fáil le Cúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh arna bhunú le Cinneadh (AE) 2015/1814 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[64] atá feidhmiúil ó 2019 i leith. Cé gurb é an margadh fós a shocróidh an praghas carbóin, spreagfar bearta cosanta le huathoibreánachas bunaithe ar rialacha, trína scaoilfear lamháltais ó Chúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh díreach má chomhlíontar coinníollacha spreagtha coincréiteacha atá bunaithe ar an méadú ar an meánphraghas*** | ***scriosta*** |

***lamháltais. Ba cheart don mheicníocht bhreise sin a bheith thar a bheith frithghníomhach freisin chun aghaidh a thabhairt ar luaineacht iomarcach de thoradh fachtóirí eile seachas athrú ar phrionsabail bhunúsacha an mhargaidh Ba cheart na bearta a chur in oiriúint do na leibhéil dhifriúla de mhéadú iomarcach ar phraghsanna, a mbeidh céimeanna difriúla den idirghabháil mar thoradh orthu. Ba cheart don Choimisiún faireachán grinn a dhéanamh ar na coinníollacha spreagtha agus ba cheart don Choimisiún na bearta a ghlacadh ar bhonn práinne nuair a chomhlíontar na coinníollacha. Tá sé sin gan dochar d'aon bhearta tionlacain a d'fhéadfadh Ballstáit a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar dhrochthionchair shóisialta***

***[64] Cinneadh (AE) 2015/1814 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhar 2015 i ndáil le cúlchiste cobhsaíochta margaidh a bhunú agus a fheidhmiú le haghaidh scéim trádála an Aontais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa agus lena leasaítear Treoir 2003/87/CE (IO L 264, 9.10.2015, lch. 1).***

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 58**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(58) Ba cheart don Choimisiún faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na trádála astaíochtaí in earnálacha na bhfoirgneamh agus an iompair de bhóthar, lena n-áirítear céim an chóineasaithe praghsanna leis an gCóras Trádála Astaíochtaí reatha, agus, más gá, ba cheart athbhreithniú a mholadh do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle chun éifeachtacht, riar*** | ***scriosta*** |

***agus cur i bhfeidhm praiticiúil na trádála astaíochtaí a fheabhsú le haghaidh na n-earnálacha sin ar bhonn eolais shealbhaithe chomh maith le cóineasú méadaithe praghsanna. Ba cheart ceangal a bheith ar an gCoimisiún an chéad tuarascáil faoi na hábhair sin a chur faoi bhráid faoin 1 Eanáir 2028.***

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 59**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(59) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le hAirteagail 3gd(3), 12(3b) agus 14(1) de Threoir 2003/87/CE a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Chun sineirgí leis an gcreat reatha rialála a áirithiú, ba cheart deonú na gcumhachtaí cur chun feidhme in Airteagail 14 agus 15 den Treoir sin a leathnú chun earnálacha an iompair de bhóthar agus foirgneamh a chuimsiú. Ba cheart na cumhachtaí cur chun feidhme sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[65].*** | ***scriosta*** |
| ***[65] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).*** | |

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 60**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(60) D'fhonn gníomhartha neamhreachtacha a bhfuil feidhm ghinearálta leo a ghlacadh chun eilimintí neamhriachtanacha áirithe i ngníomh reachtach a fhorlíonadh nó a leasú ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca le hAirteagail 10(4) agus 10a(8) den Treoir sin. Ina theannta sin, chun sineirgí leis an gcreat reatha rialála a áirithiú, ba cheart an tarmligean in Airteagail 10(4) agus 10a(8) de Threoir 2003/87/CE a leathnú chun earnálacha an iompair de bhóthar agus foirgneamh a chuimsiú. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos sa Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe. I gcomhréir le Dearbhú Comhpháirteach Polaitiúil an 28 Meán Fómhair 2011 ó na Ballstáit agus ón gCoimisiún maidir le doiciméid mhíniúcháin[66], ghlac na Ballstáit mar chúram orthu féin, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, doiciméad amháin nó níos mó a chur leis an bhfógra maidir lena*** | ***scriosta*** |

***mbearta trasuite, ar doiciméid iad ina mínítear an gaol idir comhpháirteanna de threoir agus codanna comhfhreagracha na n-ionstraimí náisiúnta trasuite. I ndáil leis an Treoir seo measann an reachtóir go bhfuil údar cuí le doiciméid den sórt sin a tharchur.***

___________________

***[66] IO C 369, 17.12.2011, lch. 14.***

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 60 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(60 a) Tá cur chuige iomlánaíoch agus eolaíochtbhunaithe ríthábhachtach chun sprioc laghdúcháin astaíochtaí gás ceaptha teasa 2030 agus cuspóir aeráidneodrachta 2050 a bhaint amach. Ba cheart na bearta uile a dhréachtú bunaithe ar measúnuithe tionchair cuimsitheacha lena ndéantar anailísiú ar an Treoir seo in éineacht leis na gníomhartha reachtacha eile atá nascadh leis an Dlí Aeráide Eorpach, agus na hiarmhairtí atá acu d'earnálacha éagsúla an gheilleagair Eorpaigh. Dá réir sin, faoin 1 Eanáir 2025, ba cheart don Choimisiún measúnú tionchair sineirgisteach a dhéanamh ar ghnéithe socheacnamaíoch agus comhshaoil na mbeart.*** |

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 63**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(63) Ina theannta sin, chun a áirithiú go mbeidh an leibhéal lamháltas atá fós i*** | ***scriosta*** |

***gCúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh tar éis an neamhbhailíochtaithe intuartha, níor cheart go mbeadh neamhbhailíochtú lamháltas sa chúlchiste ag brath a thuilleadh ar mhéideanna ceantála na bliana roimhe. Dá bhrí sin, ba cheart an líon lamháltas sa chúlchiste a fheistiú ar leibhéal 400 milliún lamháltas, a chomhfhreagraíonn don íostairseach le haghaidh luach an TNAC.***

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 66**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(66) Chun riosca na héagothroime idir soláthar agus éileamh a mhaolú i ndáil le tosú na trádála astaíochtaí i gcomhair earnálacha na bhfoirgneamh agus an iompair de bhóthar, agus chun é a dhéanamh níos frithsheasmhaí i gcoinne suaití margaidh, ba cheart meicníocht riail-bhunaithe Chúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh a chur i bhfeidhm ar na hearnálacha nua. Chun go mbeadh an cúlchiste ag feidhmiú ó thús an chórais, ba cheart é a bhunú le maoiniú tosaigh de 600 milliún lamháltas um thrádáil astaíochtaí in earnálacha an iompair ar bhóthar agus foirgneamh. Ba cheart go mbeadh na híostairseacha agus na huastairseacha tosaigh, a spreagann scaoileadh nó iontógáil lamháltas ón gcúlchiste, faoi réir clásail athbhreithnithe ghinearálta. Ba cheart cloí le rialacha an chúlchiste le haghaidh earnálacha eile i gcás gnéithe eile mar líon iomlán na lamháltas atá i gcúrsaíocht nó méid na lamháltas arna scaoileadh nó arna gcur sa chúlchiste.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 67**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (67) Is gá Rialachán (AE) 2015/757 a leasú chun cuimsiú na hearnála muiriompair in ***EU ETS*** a chur san áireamh. Ba cheart Rialachán (AE) 2015/757 a leasú chun é a chur de dhualgas ar chuideachtaí sonraí comhiomlánaithe astaíochtaí a thuairisciú ar leibhéal cuideachta agus a gcuid pleananna fíoraithe um faireachán agus a gcuid sonraí comhiomlánaithe astaíochtaí ar leibhéal cuideachta a chur faoi bhráid an údaráis riaracháin fhreagraigh lena bhfaomhadh. Ina theannta sin, ba cheart a thabhairt de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh leis na modhanna faireacháin ar astaíochtaí $CO_2$ a leasú i dteannta leis na rialacha maidir le faireachán, chomh maith le haon fhaisnéis eile is ábhartha atá leagtha amach i Rialachán (AE) 2015/757, d’fhonn feidhmiú éifeachtach ***EU ETS*** ar leibhéal riaracháin a áirithiú agus chun forlíonadh a dhéanamh ar Rialachán (AE) 2015/757 leis na rialacha um fhaomhadh pleananna faireacháin agus na hathruithe orthu ag údaráis riaracháin, leis na rialacha maidir le faireachán, tuairisciú ar na sonraí comhiomlánaithe astaíochtaí agus maidir lena gcur isteach ar leibhéal cuideachta agus leis na rialacha maidir le fíorú ar na sonraí comhiomlánaithe astaíochtaí ar leibhéal cuideachta agus maidir le tuarascáil fhíoraithe a eisiúint i ndáil leis na sonraí comhiomlánaithe astaíochtaí ar leibhéal cuideachta. D’fhéadfaí na sonraí a ndéantar faireachán, tuairisciú agus fíorú orthu faoi Rialachán (AE) 2015/757 a úsáid chun críche comhlíontacht le dlí eile de chuid an Aontais lena gceanglaítear faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar an bhfaisnéis chéanna loinge. | (67) Is gá Rialachán (AE) 2015/757 a leasú chun cuimsiú na hearnála muiriompair in ***CTA AE*** a chur san áireamh. Ba cheart Rialachán (AE) 2015/757 a leasú chun é a chur de dhualgas ar chuideachtaí sonraí comhiomlánaithe astaíochtaí a thuairisciú ar leibhéal cuideachta agus a gcuid pleananna fíoraithe um faireachán agus a gcuid sonraí comhiomlánaithe astaíochtaí ar leibhéal cuideachta a chur faoi bhráid an údaráis riaracháin fhreagraigh lena bhfaomhadh***, lena n-áirítear faisnéis faoi chuairteanna ar chalafoirt a thugtar ar chalafoirt in aice láimhe nach bhfuil san Aontas***. Ina theannta sin, ba cheart a thabhairt de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh leis na modhanna faireacháin ar astaíochtaí $CO_2$ a leasú i dteannta leis na rialacha maidir le faireachán, chomh maith le haon fhaisnéis eile is ábhartha atá leagtha amach i Rialachán (AE) 2015/757, d’fhonn feidhmiú éifeachtach ***CTA AE*** ar leibhéal riaracháin a áirithiú agus chun forlíonadh a dhéanamh ar Rialachán (AE) 2015/757 leis na rialacha um fhaomhadh pleananna faireacháin agus na hathruithe orthu ag údaráis riaracháin, leis na rialacha maidir le faireachán, tuairisciú ar na sonraí comhiomlánaithe astaíochtaí agus maidir lena gcur isteach ar leibhéal cuideachta agus leis na rialacha maidir le fíorú ar na sonraí comhiomlánaithe astaíochtaí ar leibhéal cuideachta agus maidir le tuarascáil fhíoraithe a eisiúint i ndáil leis na sonraí comhiomlánaithe astaíochtaí ar leibhéal cuideachta. D’fhéadfaí na sonraí a ndéantar faireachán, tuairisciú agus fíorú orthu faoi Rialachán (AE) 2015/757 a úsáid chun críche comhlíontacht le dlí eile de chuid an Aontais lena gceanglaítear faireachán, tuairisciú agus fíorú a |

dhéanamh ar an bhfaisnéis chéanna loinge.

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 67**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (67) Is gá Rialachán (AE) 2015/757 a leasú chun cuimsiú na hearnála muiriompair in ***EU ETS*** a chur san áireamh. Ba cheart Rialachán (AE) 2015/757 a leasú chun é a chur de dhualgas ar chuideachtaí sonraí comhiomlánaithe ***astaíochtaí*** a thuairisciú ar leibhéal cuideachta agus a gcuid pleananna fíoraithe um faireachán agus a gcuid sonraí comhiomlánaithe ***astaíochtaí*** ar leibhéal cuideachta a chur faoi bhráid an údaráis riaracháin fhreagraigh lena bhfaomhadh. Ina theannta sin, ba cheart a thabhairt de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh ***leis*** na modhanna faireacháin ar astaíochtaí CO2 a leasú ***i dteannta*** leis na rialacha maidir le faireachán, chomh maith le haon fhaisnéis eile is ábhartha ***atá leagtha*** amach i Rialachán (AE) 2015/757, ***d'fhonn*** feidhmiú éifeachtach ***EU ETS*** ar leibhéal riaracháin a áirithiú agus chun forlíonadh a dhéanamh ar Rialachán (AE) 2015/757 leis na rialacha um fhaomhadh pleananna faireacháin agus na hathruithe orthu ag údaráis riaracháin, leis na rialacha maidir le faireachán, tuairisciú ar na sonraí comhiomlánaithe ***astaíochtaí*** agus maidir lena gcur isteach ar leibhéal cuideachta agus leis na rialacha maidir le fíorú ar na sonraí comhiomlánaithe ***astaíochtaí*** ar leibhéal cuideachta agus maidir le tuarascáil ***fhíoraithe*** a eisiúint i ndáil leis na sonraí comhiomlánaithe ***astaíochtaí*** ar leibhéal cuideachta. D'fhéadfaí na sonraí a ndéantar faireachán, tuairisciú agus fíorú orthu faoi Rialachán (AE) 2015/757 a úsáid chun críche ***comhlíontacht*** le dlí eile ***de chuid*** an Aontais lena gceanglaítear faireachán, tuairisciú agus fíorú a | (67) Is gá Rialachán (AE) 2015/757 a leasú chun cuimsiú na hearnála muiriompair in ***CTA AE*** a chur san áireamh. Ba cheart Rialachán (AE) 2015/757 a leasú chun é a chur de dhualgas ar chuideachtaí sonraí ***faoi astaíochtaí*** comhiomlánaithe a thuairisciú ar leibhéal cuideachta agus a gcuid pleananna fíoraithe um faireachán agus a gcuid sonraí ***faoi astaíochtaí*** comhiomlánaithe ar leibhéal cuideachta a chur faoi bhráid an údaráis riaracháin fhreagraigh lena bhfaomhadh***, lena n-áirítear faisnéis faoi chuairteanna ar chalafoirt a thugtar ar chalafoirt in aice láimhe nach bhfuil san Aontas***. Ina theannta sin, ba cheart a thabhairt de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh ***chun*** na modhanna faireacháin ar astaíochtaí $CO_2$ a leasú ***mar aon*** leis na rialacha maidir le faireachán, chomh maith le haon fhaisnéis eile is ábhartha ***a leagtar*** amach i Rialachán (AE) 2015/757, ***chun*** feidhmiú éifeachtach ***CTA AE*** ar leibhéal riaracháin a áirithiú agus chun forlíonadh a dhéanamh ar Rialachán (AE) 2015/757 leis na rialacha um fhaomhadh pleananna faireacháin agus na hathruithe orthu ag údaráis riaracháin, leis na rialacha maidir le faireachán, tuairisciú ar na sonraí ***faoi astaíochtaí*** comhiomlánaithe agus maidir lena gcur isteach ar leibhéal cuideachta agus leis na rialacha maidir le fíorú ar na sonraí ***faoi astaíochtaí*** comhiomlánaithe ar leibhéal cuideachta agus maidir le tuarascáil ***fíorúcháin*** a eisiúint i ndáil leis na sonraí ***faoi astaíochtaí*** comhiomlánaithe ar leibhéal cuideachta. D'fhéadfaí na sonraí a ndéantar faireachán, tuairisciú agus fíorú orthu faoi Rialachán (AE) 2015/757 a |

| | |
|---|---|
| dhéanamh ar an bhfaisnéis chéanna loinge. | úsáid chun críche ***comhlíontachta*** le dlí eile an Aontais lena gceanglaítear faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar an bhfaisnéis chéanna loinge. |

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 67 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(67 a) Ós rud é go nginfear costais bhreise chomhlíonta do na hearnálacha a ndéanfar difear dóibh de bharr na Treorach seo, is gá bearta cúiteacha a dhéanamh chun cosc a chur ar mhéadú ar leibhéal iomlán an ualaigh rialála. Ba cheart don Choimisiún, dá bhrí sin, Treoir 2003/87/CE a choinneáil faoi athbhreithniú láithreach amhail ó theacht i bhfeidhm na Treorach seo agus ar bhonn measúnú tionchair foriomlán cuimsitheach i gcomhair an phacáiste iomláin 'oiriúnach do 55', lena ndéantar mionsaothrú ar éifeachtaí carnacha agus comhcheangailte na Treorach sin, lena n-áirítear maidir le costais shóisialta agus a ndáileadh, iomaíochas, poist, sceitheadh carbóin agus gnó. Ba cheart don Choimisiún, dá bhrí sin, tograí a chur ar aghaidh gan mhoill lena ndéanfar na hualaí riaracháin a fritháireamh trí athbhreithniú a dhéanamh nó deireadh a chur le forálacha i ngníomhartha reachtacha eile an Aontais lena ngintear costais chomhlíonta in earnálacha a ndéantar difear dóibh.*** |

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1**
Treoir 2003/87/CE
Airteagal 2 – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Beidh Feidhm ag an Treoir seo maidir leis na gníomhaíochtaí atá liostaithe in Iarscríbhinní I ***agus III***, agus maidir leis na gáis cheaptha teasa atá liostaithe in Iarscríbhinn II. I gcás***, maidir le*** suiteáil atá cuimsithe i raon feidhme ***EU ETS de thoradh*** aonaid dócháin a oibriú lena ngabhann ionchur teirmeach rátáilte iomlán a sháraíonn 20 MW, ***go n-athraíonn sí a cuid próiseas*** táirgthe chun a hastaíochtaí gás ceaptha teasa ***a laghdú*** agus nach ***sroicheann*** sí an tairseach sin a thuilleadh, fanfaidh sí faoi raon feidhme ***EU ETS*** go dtí deireadh na tréimhse 5 bliana is ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 11(1), an dara fomhír, tar éis athrú a dhéanamh ar a próiseas táirgthe. | 1. Beidh Feidhm ag an Treoir seo maidir leis na gníomhaíochtaí atá liostaithe in Iarscríbhinní I, agus maidir leis na gáis cheaptha teasa atá liostaithe in Iarscríbhinn II. I gcás ***ina ndéanann*** suiteáil atá cuimsithe i raon feidhme ***CTA AE i ngeall ar*** aonaid dócháin a oibriú lena ngabhann ionchur teirmeach rátáilte iomlán a sháraíonn 20 MW, ***athrú ar a próisis*** táirgthe chun ***laghdú*** a ***dhéanamh ar a*** hastaíochtaí gás ceaptha teasa agus nach ***sásaíonn*** sí an tairseach sin a thuilleadh, fanfaidh sí faoi raon feidhme ***CTA AE*** go dtí deireadh na tréimhse 5 bliana is ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 11(1), an dara fomhír, tar éis athrú a dhéanamh ar a próiseas táirgthe. |

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe a**
Treoir 2003/87/CE
Airteagal 3 – mír 1 – pointe b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) ciallaíonn ‘astaíochtaí’ gáis cheaptha teasa a bheith á scaoileadh san atmaisféar ó fhoinsí i suiteáil nó á scaoileadh ó aerárthach ag gabháil do ghníomhaíocht eitlíochta a liostaítear in Iarscríbhinn I nó ó longa atá ag gabháil do ghníomhaíocht mhuiriompair a liostaítear in Iarscríbhinn I de na gáis a shonraítear i leith na gníomhaíochta sin***, nó ciallaíonn sé gáis cheaptha teasa a chomhfhreagraíonn don ghníomhaíocht dá dtagraítear in Iarscríbhinn III a bheith á scaoileadh;;*** | (b) ciallaíonn ‘astaíochtaí’ gáis cheaptha teasa a bheith á scaoileadh san atmaisféar ó fhoinsí i suiteáil nó á scaoileadh ó aerárthach ag gabháil do ghníomhaíocht eitlíochta a liostaítear in Iarscríbhinn I nó ó longa atá ag gabháil do ghníomhaíocht mhuiriompair a liostaítear in Iarscríbhinn I de na gáis a shonraítear i leith na gníomhaíochta sin***;*** |

**Leasú 51**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe b**
Treoir 2003/87
Airteagal 3 – mír 1 – pointe d

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) ciallaíonn 'cead astaíochtaí gás ceaptha teasa' an cead a eisítear i gcomhréir le hAirteagail 5***, 6 agus 30b;;*** | (d) ciallaíonn 'cead astaíochtaí gás ceaptha teasa' an cead a eisítear i gcomhréir le hAirteagail 5 ***agus 6;*** |

**Leasú** 52

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – fomhír 2 – pointe d**
Treoir 2003/87/CE
Airteagal 1 – mír 1 – pointe v

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (v) ciallaíonn 'cuideachta loingseoireachta' an longúinéir nó aon eagraíocht nó duine eile, amhail an bainisteoir nó an cairtfhostóir ***forléasta***, a ghlac an fhreagracht as oibriú na loinge ón longúinéir***;*** agus a chomhaontaigh, ar ghlacadh na freagrachta sin, dul i gceann na ndualgas agus na bhfreagrachtaí go léir arna bhforchur leis an gCód Idirnáisiúnta um Bainistíocht Sábháilteachta, a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 336/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle(*); | (v) ciallaíonn 'cuideachta loingseoireachta' an longúinéir nó aon eagraíocht nó duine eile, amhail an bainisteoir nó an cairtfhostóir ***lánchostais***, a ghlac an fhreagracht as oibriú na loinge ón longúinéir***,*** agus a chomhaontaigh, ar ghlacadh na freagrachta sin, dul i gceann na ndualgas agus na bhfreagrachtaí go léir arna bhforchur leis an gCód Idirnáisiúnta um Bainistíocht Sábháilteachta ***Long agus um Thruailliú a Chosc***, a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 336/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle(*); ***nuair a ghlactar an fhreagracht deiridh as oibriú na loinge agus as na cinntí lena ndéantar difear d'astaíochtaí GCT na loinge, trí bhíthin socrú conarthach, ag eintiteas éagsúil nó ag eintitis éagsúla, beidh an t-eintiteas/na heintitis seo freagrach go díreach as na cúraimí, freagrachtaí agus costais chomhlíonta a ghlacadh faoin Treoir seo a mhéid a fhoráiltear faoin gcomhaontú conarthach seo. Ciallóidh oibriú na loinge chun críocha an Airteagail an lastas atá á iompar, an bealach nó luas na loinge.*** |

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – fomhír 2 – pointe d**
Treoir 2003/87/CE
Airteagal 3 – mír 1 – pointe x

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(x) chun críocha Chaibidil IVa, ciallóidh 'eintiteas rialáilte' aon duine nádúrtha nó duine dlítheanach, seachas tomhaltóir deiridh na mbreoslaí, a bhíonn ag gabháil den ghníomhaíocht dá dtagraítear in Iarscríbhinn III agus a thagann faoi réim ceann amháin de na catagóirí seo a leanas:*** | ***scriosta*** |
| ***(i) i gcás ina dtéann an breosla trí thrádstóras cánach mar a shainmhínítear in Airteagal 3(11) de Threoir (AE) 2020/262(*) ón gComhairle, an coimeádaí údaraithe trádstórais mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1) den Treoir sin, atá faoi dhliteanas an dleacht mháil a íoc atá inmhuirearaithe de bhun Airteagal 7 den Treoir sin;*** | |
| ***(ii) mura bhfuil pointe (i) infheidhme, aon duine eile atá faoi dhliteanas an dleacht mháil a íoc atá inmhuirearaithe de bhun Airteagal 7 de Threoir (AE) 2020/262 i leith na mbreoslaí a chumhdaítear sa Chaibidil seo;*** | |
| ***(iii) mura bhfuil pointí (i) agus (ii) infheidhme, aon duine eile arna chlárú ag údaráis inniúla ábhartha an Bhallstáit chun críche a bheith faoi dliteanas an dleacht mháil a íoc, lena n-áirítear aon duine atá díolmhaithe ón dleacht mháil a íoc, dá dtagraítear in Airteagal 21(5), an ceathrú fomhír, de Threoir 2003/96/CE(**) ón gComhairle;*** | |
| ***(iv) mura bhfuil pointí (i), (ii) agus (iii) infheidhme, nó i gcás ina mbeidh roinnt daoine i gcomhpháirt agus go leithleach faoi dhliteanas an dleacht mháil chéanna*** | |

***a íoc, aon duine eile a ainmníonn Ballstát.***

________

***(*) Treoir (AE) 2020/262 ón gComhairle an 19 Nollaig 2019 lena leagtar síos na socruithe ginearálta maidir le dleacht mháil (IO L 58, 27.2.2020 lch. 4.)***

***(**) Treoir 2003/96/CE ón gComhairle an 27 Deireadh Fómhair 2003 lena ndéantar athstruchtúrú ar an gcreat Comhphobail le haghaidh cáin a ghearradh ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas (IO L 283, 31.10.2003, lch. 51).***

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe d**
Treoir 2003/87/CE
Airteagal 3 – mír 1 – pointe y

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(y) chun críocha Chaibidil IVa, ciallóidh 'breosla' aon bhreosla a liostaítear i dTábla A agus Tábla C d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2003/96/CE, chomh maith le haon táirge eile arna thairiscint le díol mar bhreosla nó mar bhreosla téimh mar a shonraítear in Airteagal 2(3) den Treoir sin;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe d**
Treoir 2003/87/CE
Airteagal 3 – mír 1 – pointe z

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(z) chun críocha Chaibidil IVa, beidh an bhrí chéanna a shainmhínítear in Airteagal 6(3) de Threoir (AE) 2020/262*** | ***scriosta*** |

***le 'imréiteach chun úsáide sa stát.'';***

**Leasú 56**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe d**
Treoir 2003/87/CE
Airteagal 3 – mír 1 – pointe w a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(w a) ciallaíonn 'calafort cuarda' an calafort ina stopann long chun lastas a luchtú nó a dhíluchtú nó chun paisinéirí a bhordáil nó a dhíbhordáil; dá réir sin, déantar stopanna a dhéantar chun críocha athbhreoslaithe, soláthairtí a fháil, faoiseamh a thabhairt don chriú, dul i nduga tirim nó obair dheisiúcháin a dhéanamh ar an long nó ar a cuid trealaimh, agus chun na gcríoch sin amháin, stopanna i gcalafort toisc go dteastaíonn cabhair ón long nó toisc í a bheith i nguais, aistrithe long-go-long a dhéantar lasmuigh de chalafoirt, stopanna i gcalafort trasloingsithe tíre in aice láimhe nach bhfuil san Aontas agus stopanna chun críche foscadh a fháil ón doineann nó a bhfuil gá leo i ngeall ar ghníomhaíochtaí cuardaigh agus tarrthála, agus chun na críche sin amháin, a eisiamh;*** |

**Leasú 57**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe d**
Treoir 2003/87/CE
Airteagal 3 – mír 1 – pointe w b (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(w b) ciallaíonn 'calafort trasloingsithe' an calafort inar mó an ghluaiseacht d'aon chineál amháin lasta atá le trasloingsiú ná formhór thrácht iomlán*** |

| | |
|---|---|
| | ***an chalafoirt sin. Ní mór a mheas go ndéantar lastas, coimeádáin nó earraí a thrasloingsiú nuair a dhíluchtaítear ón long go dtí an calafort iad d'aon toisc chun iad a luchtú ar long eile;*** |

**Leasú 58**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe d**
Treoir 2003/87/CE
Airteagal 3 – mír 1 – pointe w c (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(w c) ciallaíonn 'bealaí farraige domhainfharraige' bealaí loingseoireachta lena nasctar dhá mhór-roinn nó níos mó agus a dhéantar trí sheirbhísí rialta lena gcumhdaítear níos mó ná 3000 km i gcás ina ndéanfadh longa oibríochtaí trasloingsithe ag aon chalafort ar a mbealach;*** |

**Leasú 59**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe d**
Treoir 2003/87/CE
Airteagal 3 – mír 1 – pointe w d (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(w d) ciallaíonn 'oibríocht trasloingsithe' oibríocht ina ndíluchtaítear aon lasta, aon choimeádán nó aon earra ó long go dtí an calafort d'aon toisc chun é a luchtú ar long eile;*** |

**Leasú 60**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe d**
Treoir 2003/87/CE
Airteagal 3 – mír 1 – pointe w e (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(w e) ciallaíonn 'tír chomharsanachta nach bhfuil in AE' tír nach bhfuil san AE agus atá nasctha leis an imchuach farraige céanna le Ballstát AE, nó atá cóngarach do Bhallstát AE;*** |

**Leasú 61**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe d**
Treoir 2003/87/CE
Airteagal 3 – mír 1 – pointe w f (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(w f) ciallaíonn 'muiraistear' aon ghluaiseacht loinge a thosaíonn ó chalafort cuarda nó a chríochnaíonn i gcalafort cuarda agus arb é is feidhm léi paisinéirí nó lastas a iompar chun críocha tráchtála;*** |

**Leasú 62**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4 a (nua)**
Treoir 2003/87/CE
Airteagal 3e

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(4a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 3e:*** |
| | ***Airteagal 3 e*** |
| | ***Lamháltais a leithdháileadh agus a eisiúint d'oibreoirí aerárthaí le haghaidh breoslaí eitlíochta inbhuanaithe a ardú.*** |
| | ***"1. Amhail ó [dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo], déanfar cainníocht iomlán na lamháltas dá dtagraítear in Airteagal 3c(5a) a leithdháileadh saor in aisce chun breoslaí eitlíochta inbhuanaithe a ardú, mar a*** |

***thuairiscítear do Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh faoi Airteagal 7, Airteagal 8 agus Airteagal 9 de Rialachán 2021/0205 [Rialachán ReFuelEU].***

***2. Féadfaidh gach oibreoir aerárthaí iarratas a dhéanamh ar leithdháileadh lamháltas atá le leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gach bliana go dtí 2040 bunaithe ar ardú na mbreoslaí dá dtagraítear i mír 1 ó [dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo].***

***(a) I gcás gach cineáil breosla eitlíochta inbhuanaithe a thuairiscítear, beidh méid na lamháltas a gheofar ag freagairt do mhéid na lamháltas rud a bheadh ina cheangal ar an oibreoir aerárthaí a thabhairt suas don toirt chéanna ceirisín iontaise, bunaithe ar na hiolraitheoirí arna socrú ag an gCoimisiún i gcomhréir le mír 3 den Airteagal seo. Beidh cainníocht na lamháltas comhréireach le hiomlán na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa de réir chóireáil na mbreoslaí sin faoi Threoir (AE) 2018/2001 agus faoi na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 14(1) de Threoir ETA, agus meánphraghsanna margaidh á gcur i gcuntas i gcás gach cineáil breosla eitlíochta inbhuanaithe a thuairiscítear.***

***(b) Ar feadh idirthréimhse go dtí go dtiocfaidh na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 14(1) i bhfeidhm, déanfar breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch a rátáil le hastaíochtaí nialasacha do na hoibreoirí aerárthaí a mbaineann úsáid astu.***

***3. Foilseoidh an Coimisiún an difríocht i gcostais idir ceirisín agus cineálacha SAF ar bhonn bliantúil, bunaithe ar an Tuarascáil a foilsíodh faoi Airteagal 12 de Rialachán 2021/0205 [Rialachán ReFuelEU]. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le***

| | |
|---|---|
| | ***hAirteagal 23 chun an Treoir seo a fhorlíonadh maidir le méid na lamháltas in aghaidh na bliana atá le leithdháileadh saor in aisce de réir Airteagal 3c (5a), an t-iolraitheoir de réir an chineál SAF agus na socruithe mionsonraithe don leithdháileadh.*** <br><br> ***4. Ba cheart méid lamháltas saor in aisce dá dtagraítear in Airteagal 3c (5a) a choimeád tar éis 2040 mura rud é, tar éis measúnú tionchair a dhéanamh, go gcinneann an Coimisiún agus go dtugann sé údar dá mhalairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle, bunaithe ar ghlacadh soiléir an mhargaidh SAF.’*** |

**Leasú 63**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5 (nua)**
Treoir 2003/87/CE
Airteagal 3g – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Beidh feidhm ag leithdháileadh na lamháltas agus cur i bhfeidhm na gceanglas tabhairt suas i leith gníomhaíochtaí muiriompair i leith caoga faoin gcéad (50 %) de na hastaíochtaí ó longa a thugann faoi mhuiraistir a imíonn ó chalafort faoi dhlínse Ballstáit agus a thagann isteach i gcalafort lasmuigh de dhlínse Ballstáit, caoga faoin gcéad (50 %) de na hastaíochtaí ó longa a thugann faoi mhuiraistir a imíonn ó chalafort lasmuigh de dhlínse Ballstáit agus a thagann isteach i gcalafort faoi dhlínse Ballstáit, céad faoin gcéad (100 %) de na hastaíochtaí ó longa a thugann faoi mhuiraistir a imíonn ó chalafort faoi dhlínse Ballstáit agus a thagann isteach i gcalafort faoi dhlínse Ballstáit agus céad faoin gcéad (100 %) de na hastaíochtaí ó longa i ***mbeart i*** gcalafort ***faoin*** dhlínse Ballstáit. | 1. Beidh feidhm ag leithdháileadh na lamháltas agus cur i bhfeidhm na gceanglas tabhairt suas i leith gníomhaíochtaí muiriompair i leith caoga faoin gcéad (50 %) de na hastaíochtaí ó longa a thugann faoi mhuiraistir a imíonn ó chalafort ***atá*** faoi dhlínse Ballstáit agus a thagann isteach i gcalafort ***atá*** lasmuigh de dhlínse Ballstáit, caoga faoin gcéad (50 %) de na hastaíochtaí ó longa a thugann faoi mhuiraistir a imíonn ó chalafort ***atá*** lasmuigh de dhlínse Ballstáit agus a thagann isteach i gcalafort ***atá*** faoi dhlínse Ballstáit, céad faoin gcéad (100 %) de na hastaíochtaí ó longa a thugann faoi mhuiraistir a imíonn ó chalafort ***atá*** faoi dhlínse Ballstáit agus a thagann isteach i gcalafort ***atá*** faoi dhlínse Ballstáit agus céad faoin gcéad (100 %) de na hastaíochtaí ó longa ***atá feistithe le balla*** i gcalafort ***atá faoi*** dhlínse Ballstáit. ***I gcás ina bhfuil an t-achar atá idir calafort atá*** |

***faoi dhlínse Ballstáit agus calafort atá lasmuigh de dhlínse Ballstáit níos lú ná [xxx] muirmhíle [déanfaidh an Coimisiún an líon iomchuí muirmhílte a ríomh], faoi réir measúnú tionchair lena mbunaítear liosta de chuairteanna ar chalafoirt i gcalafoirt trasloingsithe chomharsanachta nach bhfuil in AE, beidh feidhm ag leithdháileadh lamháltas agus cur i bhfeidhm na gceanglas maidir le tabhairt suas i leith gníomhaíochtaí muiriompair i leith céad faoin gcéad (100 %) d'astaíochtaí ó longa a thugann faoi mhuiraistir a imíonn ó chalafort atá faoi dhlínse Ballstáit agus a thagann isteach i gcalafort atá lasmuigh de dhlínse Ballstáit, lena n-áirítear calafoirt trasloingsithe, céad faoin gcéad (100 %) d'astaíochtaí ó longa a thugann faoi mhuiraistear a imíonn ó chalafort atá lasmuigh de dhlínse Ballstáit, lena n-áirítear calafoirt trasloingsithe, agus a thagann isteach i gcalafort atá faoi dhlínse Ballstáit.***

**Leasú 64**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5 (nua)**
Treoir 2003/87/CE
Airteagal 3g – mír 1 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1 a. Déanfaidh an Coimisiún iarrachtaí a shaothrú chun beart atá bunaithe ar an margadh domhanda a bhunú i gcomhpháirtíocht leis an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO) chun an méid seo a leanas a dhéanamh:*** |
| | ***- 100 % de na hastaíochtaí CO2 ó longa a thugann faoi mhuiraistir a imíonn ó chalafort atá faoi dhlínse Ballstáit agus a thagann isteach i gcalafort atá faoi dhlínse Ballstáit agus na hastaíochtaí ó longa atá feistithe le balla i gcalafort atá faoi dhlínse Ballstáit, agus*** |

***- leathnú a dhéanamh ar raon feidhme CTA AE i gcás muiriompair go dtí céad faoin gcéad (100 %) d'astaíochtaí ó longa a thugann faoi mhuiraistir a imíonn ó chalafort atá faoi dhlínse Ballstáit agus a thagann isteach i gcalafort atá lasmuigh de dhlínse Ballstáit agus astaíochtaí ó longa a thugann faoi mhuiraistir ó chalafort atá lasmuigh de dhlínse Ballstáit agus a thagann isteach i gcalafort atá faoi dhlínse Ballstáit.***

**Leasú 65**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5 (nua)**
Treoir 2003/87/CE
Airteagal 3g – mír 2 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2 a. De mhaolú ar Airteagal 3g agus Airteagal 3ga, ní dhéanfaidh na Ballstáit aon ghníomhaíocht i gcoinne cuideachtaí loingseoireachta i leith astaíochtaí ó longa a thugann faoi mhuiraistir ar bhealaí atá idir oileán agus mórthír nó faoi mhuiraistir idir oileáin atá mar chuid den réigiún oileánach céanna nó den limistéar céanna nó muiraistir chuig agus ó chalafoirt atá suite i réigiún is forimeallaí, idir dhá chalafort dhifriúla atá suite i réigiúin fhorimeallacha agus calafort atá suite sa Bhallstát céanna nó i mBallstát eile AE. Tar éis tuarascáil a chur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag leathnú raon feidhme CTA AE ar mhuiriompar chuig na réigiúin is forimeallaí agus uathu, déanfaidh an Coimisiún measúnú i dtaobh an bhfuil bonn cirt le deireadh a chur leis an maolú sin, agus, i gcás inarb iomchuí, leasú a thíolacadh chun na críche sin.*** |

**Leasú 66**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6**
Treoir 2003/87/CE
Airteagal 3ga – mír 1 – an chuid réamhráiteach

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Beidh cuideachtaí loingseoireachta faoi dhliteanas lamháltais a thabhairt suas de réir an sceidil seo a leanas: | Beidh cuideachtaí loingseoireachta faoi dhliteanas lamháltais a thabhairt suas ***i leith chion/chéatadáin na n-astaíochtaí ó longa dá dtagraítear in Airteagal 3g*** de réir an sceidil seo a leanas: |

**Leasú 67**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6**
Treoir 2003/87/CE
Airteagal 3ga – mír 1 – pointe a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) ***20 %*** de na hastaíochtaí fíoraithe ***a thuairiscítear le haghaidh 2023***; | (a) ***25 %*** de na hastaíochtaí fíoraithe ***tuairiscithe don chéad bhliain i ndiaidh 18 mí tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo***; |

**Leasú 68**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6**
Treoir 2003/87/CE
Airteagal 3ga – mír 1 – pointe b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) ***45 %*** de na hastaíochtaí fíoraithe ***a thuairiscítear le haghaidh 2024***; | (b) ***50 %*** de na hastaíochtaí fíoraithe ***tuairiscithe don dara bliain i ndiaidh 18 mí tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo***; |

**Leasú 69**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6**
Treoir 2003/87/CE
Airteagal 3ga – mír 1 – pointe c

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) ***70 %*** de na hastaíochtaí fíoraithe ***a thuairiscítear le haghaidh 2025***; | (c) ***75 %*** de na hastaíochtaí fíoraithe ***tuairiscithe don tríú bliain i ndiaidh 18 mí tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo***; |

**Leasú 70**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6**
Treoir 2003/87/CE
Airteagal 3ga – mír 1 – pointe d

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) 100 % de na hastaíochtaí fíoraithe ***a thuairiscítear le haghaidh 2026 agus gach*** bliain ***ina dhiaidh sin.*** | (d) 100 % de na hastaíochtaí fíoraithe ***tuairiscithe an ceathrú*** bliain ***i ndiaidh 18 mí tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo;*** |

**Leasú 71**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6**
Treoir 2003/87/CE
Airteagal 3ga – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| A ***mhéid a thugtar suas níos lú lamháltas i gcomparáid leis na hastaíochtaí fíoraithe ón muiriompar*** le haghaidh na ***mblianta 2023, 2024 agus 2025, a luaithe a bheidh an difríocht idir na hastaíochtaí fíoraithe agus na lamháltais arna dtabhairt suas bunaithe i*** leith ***gach bliana, cuirfear cainníocht chomhfhreagrach lamháltas ar ceal seachas ar ceant de bhun Airteagal 10***. | ***Cuirfidh na Ballstáit 30 % ar*** a ***laghad de na lamháltais ar fáil saor in aisce in CTA muiriompair do chuideachtaí loingseoireachta a bhíonn ag trádáil ar bhealaí domhainfharraige*** le haghaidh na ***soithí sin atá i mbun 40 % ar a laghad d'oibríochtaí trasloingsithe le linn cuairt a thabhairt ar chalafort de chuid an Aontais, ar choinníoll nach bhforbraíonn longa a oibríonn ar na bealaí sin bealaí malartacha seachanta agus gur féidir leo*** |

***ardéifeachtúlacht a léiriú i gcomhréir le paraiméadar intomhaiste feidhmíochta comhshaoil. Déanfar na bealaí sin a ionchorprú i liosta agus déanfaidh an Coimisiún athmhachnamh ina*** leith ***ar bhonn bliantúil***.

**Leasú 72**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6**
Treoir 2003/87/CE
Airteagal 3ga a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 3 ga a*** |
| | ***1. Gheobhaidh cuideachta loingseoireachta lamháltais a dháilfear in aisce*** |
| | ***(a) comhréireach leis an úsáid a bhainfear as bithbhreoslaí, bithgháis, breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch agus breosla carbóin in-athnuaite, sonraí a fhíorófar le scéim atá aitheanta ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagail 30(5) agus (6) de Threoir (AE) 2018/2001,*** |
| | ***(b) go dtí an 31 Nollaig 2030, i gcás soithí arna gcumhachtú ag GNL [agus ag breoslaí iontaise malartacha le haghaidh céim idirthréimhseach mar a shainítear in Airteagal 2 de [Rialachán ReFuelMaritime]], maidir le 50 % de na lamháltais a bhfuil an cuideachta loingseoireachta faoi dhliteanas a thabhairt suas i gcás na long sin.*** |
| | ***1a. Go dtí an 31 Nollaig 2030, beidh cuideachta loingseoireachta i dteideal úsáid a bhaint as creidmheasanna idirnáisiúnta chun a hoibleagáidí mar a leagtar síos in Airteagal 12 a chomhlíonadh suas go dtí uasmhéid 6 % dá hastaíochtaí fíoraithe in aon bhliain féilire más féidir léi a chruthú go hoifigiúil go bhfaightear na*** |

***creidmheasanna sin trína bheith rannpháirteach i dtionscadail dícharbónaithe laistigh de réigiúin AE ina bhfuil a longa á n-oibriú acu.***

***2. I gcás gach cineáil breosla dá dtagraítear i mír 1(a), beidh méid na lamháltas a gheofar ag freagairt do mhéid na lamháltas rud a bheadh ina cheangal ar an gcuideachta loingseoireachta a thabhairt suas le haghaidh an mhéid chéanna gnáthbhreosla, bunaithe ar na hiolraitheoirí arna socrú ag an gCoimisiún i gcomhréir le mír 3 den Airteagal seo.***

***3. Foilseoidh an Coimisiún an difríocht i gcostais idir na cineálacha éagsúla breoslaí muirí ar bhonn bliantúil. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 23 chun an Treoir seo a fhorlíonadh maidir le méid na lamháltas in aghaidh na bliana atá le leithdháileadh saor in aisce de réir an Airteagail seo, an t-iolraitheoir de réir chineál na mbreoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin mar a shainítear i Rialachán xxx/xxx [ReFuel Maritime] agus na socruithe mionsonraithe le haghaidh an leithdháilte.***

***4. Ní bhfaighidh cuideachta loingseoireachta lamháltais a leithdháiltear saor in aisce chun úsáid a bhaint as bithbhreoslaí agus bithghás nach gcomhlíontar leo na critéir inbhuanaitheachta agus na critéir maidir le laghdú ar ghás ceaptha teasa a leagtar amach in Airteagal 29 de Threoir (AE) 2018/2001.***

***5. Faoin 1 Eanáir 2030, déanfar athbhreithniú ar na hiolraitheoirí dá dtagraítear i mír 3(a) agus 3(b) chun forbairtí sa mhargadh agus forbairtí teicneolaíocha a léiriú.***

***6. Faoin 1 Eanáir 2029, déanfaidh an Coimisiún measúnú i dtaobh an gcuirfear ar atráth céimniú amach na lamháltas saor in aisce dá dtagraítear i mír 1(b)***

***agus an úsáid a bhainfear as creidmheasanna idirnáisiúnta dá dtagraítear i mír 1a tar éis an 31 Nollaig 2030, bunaithe ar anailís chuimsitheach lena gcuirtear san áireamh an cur chuige maidir leis an Teicneolaíocht is Fearr atá ar Fáil (BAT).***

**Leasú 73**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6**
Treoir 2003/87/CE
Airteagal 3ga b (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***Airteagal 3 ga b*** |
| | ***Go dtí an 31 Nollaig 2030, beidh leithdháileadh 100 % de na lamháltais ar shoithí a úsáidtear le haghaidh allmhairí GNL saor in aisce. Faoin 1 Eanáir 2029, déanfaidh an Coimisiún measúnú i dtaobh an gcuirfear ar atráth céimniú amach na lamháltas saor in aisce i gcás soithí a úsáidtear le haghaidh allmhairí GNL tar éis 2030. Beidh an measúnú sin bunaithe ar chur chuige BAT agus ar mheastóireacht ar chinnteacht an tsoláthair gáis agus ar inacmhainneacht an tsoláthair gáis.*** |

**Leasú 74**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6**
Treoir 2003/87/CE
Airteagal 3gd – mír 2 – pointe a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| (a) roimh an 1 Feabhra 2024, foilseoidh sé liosta de na cuideachtaí loingseoireachta a thug faoi gníomhaíocht mhuiriompair a liostaítear in Iarscríbhinn I | (a) roimh an 1 Feabhra 2024 ***den dara bliain i ndiaidh 18 mí tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo***, foilseoidh sé liosta de na cuideachtaí loingseoireachta a |

| | |
|---|---|
| a tháinig faoin raon feidhme a shainítear in Airteagal 3g an ***1 Eanáir 2023,*** nó le héifeacht ón ***dáta sin***, agus sonrófar ann an t-údarás riaracháin le haghaidh gach cuideachta loingseoireachta i gcomhréir le mír 1; agus | thug faoi gníomhaíocht mhuiriompair a liostaítear in Iarscríbhinn I a tháinig faoin raon feidhme a shainítear in Airteagal 3g ***ar*** an ***1 Eanáir*** nó le héifeacht ón ***1 Eanáir den chéad bhliain i ndiaidh 18 mí tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo***, agus sonrófar ann an t-údarás riaracháin le haghaidh gach cuideachta loingseoireachta i gcomhréir le mír 1; agus |

**Leasú 75**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6**
Treoir 2003/87/CE
Airteagal 3gd a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 3gd a*** |
| | ***1. Déanfaidh an Coimisiún Ciste don Aistriú Muirí ('an Ciste Muirí') a mholadh trí ghníomh reachtach chun tacú le tionscadail, infheistíochtaí, nuálaíochtaí agus an chéad fheidhm thionsclaíoch lena n-éascaítear dícharbónú in earnáil mhuirí AE, lena n-áirítear loingseoireacht ghearrthurais agus calafoirt;*** |
| | ***2. Beidh an Ciste Muirí ina chuid dhílis de bhuiséad AE agus déanfar é a bhuiséadú go hiomlán laistigh d'uasteorainneacha CAI. Sloinnfear an t-imchlúdach buiséadach le haghaidh an chláir seo mar mhéid a shocraítear ar leibhéal arb ionann é agus 75 % den ioncam a bhfuiltear ag dréim leis ó lamháltais mhuirí a chur ar ceant. Feidhmeoidh an Ciste faoi bhainistíocht chomhroinnte leis na Ballstáit faoi Rialachán (AE) Uimh. 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.*** |
| | ***3. Tacóidh an Ciste Muirí tiomnaithe leis an aistriú chuig earnáil mhuirí an Aontais a bheidh tíosach ar fhuinneamh*** |

***agus aeráid-díonach, lena dtacófar le forbairt teicneolaíochtaí nuálacha chun an earnáil a dhícharbónú, le breoslaí malartacha inbhuanaithe a tháirgeadh mar a shainítear i Rialachán (AE) Uimh. XXX/XXX maidir leis an úsáid a bhaintear as breoslaí inbhuanaithe, in-athnuaite, ísealcharbóin agus astaíochtaí nialasacha san muiriompar, lena n-áirítear córais chun amhábhair a bhailiú le haghaidh breoslaí malartacha, infheistíochtaí i dtaighde agus i bhforbairt agus céad chur i bhfeidhm thionsclaíoch teicneolaíochtaí agus dearaí lena laghdaítear astaíochtaí GCT, lena n-áirítear sa chabhlach, mar aon le cur chun cinn athnuachan an chabhlaigh ar fud thionscal longthógáil AE, taighde i gcomhair innill agus teicneolaíochtaí nua agus bonneagair calafort;***

***4. bainfear úsáid as an ioncam faoin gCiste chun rannchuidiú le cosaint, athshlánú agus bainistiú níos fearr ar éiceachórais mhuirí a mbíonn tionchar ag an téamh domhanda orthu, amhail limistéir mhuirí faoi chosaint; agus geilleagar gorm inbhuanaithe trasearnálach a chur chun cinn mar fhuinneamh muirí in-athnuaite.***

***5. Le leithdháileadh acmhainní an Chiste Mhuirí le haghaidh gach Ballstáit cuirfear i gcuntas tionchar an togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2003/87/CE ar an earnáil mar aon le hacmhainneacht nuálach an tionscadail, agus an infheistíocht atá i gceist chun na spriocanna mar atá leagtha amach sa togra seo le haghaidh treorach a bhaint amach.***

***6. Ní ghinfear acmhainní an Chiste Mhuirí trí acmhainní a ath-leithdháileadh ó aon bheartais, cistí nó cláir eile an Aontais.***

***7. Déanfar na hinfheistíochtaí uile a dtacaíonn an Ciste leo a phoibliú agus beidh siad comhsheasmhach le***

| | |
|---|---|
| | ***haidhmeanna na Treorach seo.*** |
| | ***8. Déanfaidh an Ciste Muirí dea-shampla a thabhairt agus déanfaidh an Coimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, idirphlé oscailte a choimeád le IMO chun ciste a lorg ar scála domhanda chun dul i ngleic le dícharbónú na hearnála muirí domhanda.*** |

**Leasú 76**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6**
Treoir 2003/87/CE
Airteagal 3ge – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Breithneoidh an Coimisiún leasuithe féideartha i ndáil le glacadh birt dhomhanda margadhbhunaithe ag an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta chun na hastaíochtaí gás ceaptha teasa ón muiriompar a ***laghdú***. I gcás ina nglacfar le beart den sórt sin, agus in aon chás roimh athbhreithniú domhanda 2028 agus tráth nach déanaí ná an 30 Meán Fómhair 2028, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil ***i láthair*** Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina ndéanfaidh sé scrúdú ar aon bheart den sórt sin. I gcás inarb iomchuí, féadfaidh an Coimisiún togra reachtach a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle i ndiaidh na tuarascála chun an Treoir seo a leasú de réir mar is iomchuí. | 1. Breithneoidh an Coimisiún leasuithe féideartha i ndáil le glacadh birt dhomhanda margadhbhunaithe ag an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta chun ***laghdú a dhéanamh ar*** na hastaíochtaí gás ceaptha teasa ón muiriompar ***ar mhaithe le cur chuige domhanda*** a ***áirithiú agus a chur chun cinn***. I gcás ina nglacfar le beart den sórt sin, agus in aon chás roimh athbhreithniú domhanda 2028 agus tráth nach déanaí ná an 30 Meán Fómhair 2028, cuirfidh an Coimisiún***, ag dul i gcomhairle, i gcás inarb iomchuí, leis an mBord Comhairleach Eolaíoch Eorpach maidir leis an Athrú Aeráide,*** tuarascáil ***faoi bhráid*** Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina ndéanfaidh sé scrúdú ar aon bheart den sórt sin. I gcás inarb iomchuí, féadfaidh an Coimisiún togra reachtach a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle i ndiaidh na tuarascála chun an Treoir seo a leasú de réir mar is iomchuí ***chun reachtaíocht AE a ailíniú le bearta a rinneadh ar an leibhéal domhanda***. |

**Leasú 77**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6**
Treoir 2003/87/CE
Airteagal 3ge – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar chur chun feidhme na Caibidle seo agus ar threochtaí a ***d’fhéadfadh a bheith ann a*** mhéid a bhaineann le cuideachtaí ***a fhéachann gan a bheith*** faoi cheangal cheanglais na Treorach seo. Más iomchuí, molfaidh an Coimisiún bearta chun ***seachaint den sórt sin*** a chosc.***;*** | 2. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ***agus meastóireacht*** ar chur chun feidhme na Caibidle seo agus ar threochtaí ***agus ar thionchair*** a mhéid a bhaineann le***, inter alia, iomaíochas earnáil mhuirí AE agus*** cuideachtaí ***atá ag iarraidh nach mbeidh siad*** faoi cheangal cheanglais na Treorach seo ***trí thuarascálacha bliantúla ina ndéanfar anailís ar shaobhadh sa mhargadh agus ar mheathlú chothroime iomaíochta na hearnála muirí****.* ***As measc treochtaí anailísithe, déanfaidh an Coimisiún anailís ar athruithe ar chuairteanna trasloingsithe a thugtar ar chalafoirt san Aontas, ar líon na n-aistear ó chalafoirt chomharsanacha agus ar chuairteanna calafoirt ó shoithí friothála agus ar athruithe foriomlána ar thrácht calafoirt i gcalafoirt an Aontais i measc nithe eile. Sa chomhthéacs sin, déanfaidh an Coimisiún anailís agus machnamh ar an bhféidearthacht longa os cionn 400GT agus soithí seirbhíse soláthair amach ón gcósta a áireamh.*** Más iomchuí, molfaidh an Coimisiún bearta chun ***drochthionchair fhéideartha*** a chosc. |
| | ***Agus faireachán á dhéanamh ar chur chun feidhme na Caibidle seo de bhun na chéad fhomhíre, déanfaidh an Coimisiún faireachán, thairis sin, ar shaincheisteanna a d’fhéadfadh a bheith ann de bharr gur freagracht chomhroinnte de chuid an oibreora agus an úinéara chláraithe gurb ea long a bheith ag comhlíonadh Rialachán (AE) 2003/87/CE agus Rialachán (AE) 2015/757, agus molfaidh sé bearta chun aghaidh a thabhairt ar lúba ar lár, i gcás inarb iomchuí.*** |

**Leasú 78**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6**
Treoir 2003/87/CE
Airteagal 3ge – mír 2 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2 a. Faoin 1 Eanáir 2025, déanfaidh an Coimisiún, i ndlúthchomhar leis na geallsealbhóirí, measúnú bunaithe ar fhíorshonraí ar iomaíochas an Aontais agus a earnála muirí, ar a chalafoirt agus ar na réigiúin mhuirí agus chósta agus oileáin atá buailte, agus ar a nochtadh do sceitheadh carbóin agus gnó, lena n-áirítear an tionchar agus an riosca a d'fhéadfadh a bheith ag na forálacha sin maidir le seachaint, aistriú cuairteanna ar chalafoirt agus gnó calafoirt chuig calafoirt atá lasmuigh den Aontas, nascacht calafort san Eoraip trí bhíthin measúnú tionchair cuimsitheach ar an bpacáiste 'Oiriúnach do 55'. Faoi chuimsiú na tuarascála creata céanna, déanfaidh an Coimisiún scrúdú freisin ar athruithe ar an margadh saothair, ar rátaí lasta iompair, ar chumhacht ceannaigh teaghlaigh agus ar bhriseadh sa slabhra soláthair. Tar éis an mheasúnaithe tionchair sin, déanfaidh an Coimisiún sásraí tacaíochta leormhaithe a fhorbairt agus cinnfidh sé an bhfuil bonn cirt leis an Treoir seo a athbhreithniú, agus, i gcás inarb iomchuí, déanfaidh sé togra reachtach a thíolacadh chun na críche sin chun laghdú domhanda ar astaíochtaí GCT a bhaint amach agus chun cothroime iomaíochta a chaomhnú. Tá méadú tagtha ar astaíochtaí GCT ón earnáil mhuirí agus táthar ag dréim leis go méadóidh siad tuilleadh, ba cheart, dá bhrí sin, ailíniú le beart margadh-bhunaithe arna fhorbairt san IMO a scrúdú go grinn mar bhealach chun spriocanna laghdaithe astaíochtaí GCT an Aontais agus aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050 mar a leagtar síos sa Dlí*** |

***Aeráide agus chun aghaidh a thabhairt ar na tionchair dhiúltacha a d'fhéadfadh a bheith ann.***

**Leasú 79**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6**
Treoir 2003/87/CE
Airteagal 3ge – mír 2b (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2 b. In 202X (bliain amháin tar éis an chéad chéimniú isteach de CTA muirí), ullmhóidh an Coimisiún tuarascáil maidir leis an bhforbairt ar chostais allmhairithe agus onnmhairithe i bhfoirm costais indíreacha a eascraíonn as loingseoireacht do mhonarú na hEorpa. Ar an mbonn sin, molfaidh an Coimisiún do na Ballstáit bearta airgeadais a ghlacadh i gcomhréir leis an dara agus leis an gceathrú fomhír d'Airteagal 10a (6) i bhfabhar earnálacha nó fo-earnálacha atá neamhchosanta ar fhíor-riosca sceitheadh carbóin i ngeall ar chostais indíreacha a thabhaítear go hiarbhír ó chostais iompair bhreise a chuirtear ar aghaidh i bpraghsanna lasta muirí chun táirgí, réamhtheachtaithe, amhábhair agus tráchtearraí a allmhairiú nó a onnmhairiú. Beidh na bearta sin i gcomhréir leis na rialacha Státchabhrach, agus go háirithe ní bheidh siad ina gcúis le saobhadh míchuí ar iomaíocht sa mhargadh inmheánach.*** |

**Leasú 80**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 8**
Treoir 2003/87/CE
Airteagal 6 – mír 2 – pointe e

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|

| | |
|---|---|
| (e) oibleagáid lamháltais a thabhairt suas ***arb ionann iad agus astaíochtaí iomlána na suiteála*** i ngach bliain féilire, mar a fhíoraítear i gcomhréir le ***hAirteagal 15***, laistigh de 4 mhí tar éis dheireadh na bliana sin.; | (e) oibleagáid lamháltais a thabhairt suas i ngach bliain féilire ***i gcomhréir le forálacha na Treorach seo***, mar a fhíoraítear i gcomhréir le ***hAirteagail 3gc agus 15***, laistigh de 4 mhí tar éis dheireadh na bliana sin.; |

**Leasú 81**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10**
Treoir 2003/87/CE
Airteagal 9 – mír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| In [an bhliain tar éis theacht i bhfeidhm an leasaithe seo], ***laghdófar*** cainníocht na lamháltas ***uile-Aontais*** faoi ***[-- milliún lamháltas (***le ***cinneadh ag brath ar an mbliain teacht i bhfeidhm)]. Sa bhliain chéanna, méadófar cainníocht na lamháltas uile-Aontais faoi 79 milliún lamháltas le*** haghaidh ***an mhuiriompair***. Ag tosú in [an bhliain tar éis theacht i bhfeidhm an leasaithe seo], is é 4.2 % a bheidh mar fhachtóir líneach. Foilseoidh an Coimisiún cainníocht na lamháltas ***uile-Aontais*** laistigh de 3 mhí ó [dáta theacht i bhfeidhm an leasaithe seo le cur isteach]**.**; | In [an bhliain ***dá dtagraítear i bpointe a, mír 1 Airteagal 3ga*** tar éis theacht i bhfeidhm an leasaithe seo], ***méadófar*** cainníocht ***uile-Aontais*** na lamháltas faoi ***[uimhir a chomhfhreagraíonn do raon feidhme gníomhaíochtaí muiriompair mar a leagtar amach in Airteagal 3g de Threoir 200/87/CE] lamháltais*** le haghaidh ***muiriompair***. Ag tosú in [an bhliain tar éis theacht i bhfeidhm an leasaithe seo], is é 4.2 % a bheidh mar fhachtóir líneach. Foilseoidh an Coimisiún cainníocht ***uile-Aontais*** na lamháltas laistigh de 3 mhí ó [dáta theacht i bhfeidhm an leasaithe seo le cur isteach]; |

**Leasú 82**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 11**
Treoir 2003/87/CE
Airteagal 10 – mír 1 – fomhír 1

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Ó 2019 ar aghaidh, cuirfidh na Ballstáit ar ceant gach lamháltas nach leithdháiltear saor in aisce i gcomhréir le hAirteagail 10a, 3ga, 3gb agus le hAirteagal 10c den Treoir seo agus nach gcuirtear i gcúlchiste | 1. Ó 2019 ar aghaidh, cuirfidh na Ballstáit ar ceant gach lamháltas nach leithdháiltear saor in aisce i gcomhréir le hAirteagail 10a, 3ga, 3gb agus le hAirteagal 10c den Treoir seo agus nach gcuirtear i gcúlchiste |

| | |
|---|---|
| cobhsaíochta an mhargaidh a bunaíodh le Cinneadh (AE) 2015/1814 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (‘cúlchiste cobhsaíochta an mhargaidh’) nó a chuirtear ar ceal i gcomhréir le ***hAirteagal 12***(4) den Treoir seo. | cobhsaíochta an mhargaidh a bunaíodh le Cinneadh (AE) 2015/1814 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (‘cúlchiste cobhsaíochta an mhargaidh’) nó a chuirtear ar ceal i gcomhréir le ***hAirteagal 12***(4) den Treoir seo. |
| ________ | ________ |
| [2] Cinneadh (AE) 2015/1814 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhar 2015 i ndáil le cúlchiste cobhsaíochta margaidh a bhunú agus a fheidhmiú le haghaidh scéim trádála an Aontais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa agus lena leasaítear Treoir 2003/87/CE (IO L 264, 9.10.2015, lch. 1). | [2] Cinneadh (AE) 2015/1814 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhar 2015 i ndáil le cúlchiste cobhsaíochta margaidh a bhunú agus a fheidhmiú le haghaidh scéim trádála an Aontais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa agus lena leasaítear Treoir 2003/87/CE (IO L 264, 9.10.2015, lch. 1). |

**Leasú 83**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 11 – pointe a**
Treoir 2003/87/CE
Airteagal 10 – mír 1 – fomhír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Thairis*** sin, cuirfear ***2,5 %*** de chainníocht iomlán na lamháltas idir [an bhliain ***i ndiaidh*** theacht i bhfeidhm na Treorach] agus 2030 ar ceant ***le haghaidh an*** Chiste don Nuachóiriú. Is iad na Ballstáit is tairbhithe le haghaidh ***na cionranna*** sin lamháltas na mBallstát sin a bhfuil OTI per capita acu de réir margadhphraghsanna faoi bhun 65 % de mheán an Aontais sa tréimhse 2016 ***go 2018***. Leithdháilfear na cistí a chomhfhreagraíonn don chainníocht sin lamháltas i gcomhréir le Cuid B d’Iarscríbhinn IIb. | ***Anuas air*** sin, cuirfear ***4 %*** de chainníocht iomlán na lamháltas idir [an bhliain ***tar éis*** theacht i bhfeidhm na Treorach] agus 2030 ***agus coibhéis 1,5 % de chainníocht iomlán na lamháltas ón méid os cionn 400 milliún lamháltas a cuireadh i leataobh i gCúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh chun críche an Chiste don Nuachóiriú*** ar ceant ***don*** Chiste don Nuachóiriú. Is iad na Ballstáit is tairbhithe le haghaidh ***an mhéid*** sin lamháltas ***ná*** na mBallstát sin a bhfuil OTI per capita acu de réir margadhphraghsanna ***atá*** faoi bhun 65 % de mheán an Aontais sa tréimhse 2016 ***go 2018***. Leithdháilfear na cistí a chomhfhreagraíonn don chainníocht sin lamháltas i gcomhréir le Cuid B d’Iarscríbhinn IIb. ***Anuas air sin, déanfar coibhéis 1,5 % de chainníocht iomlán na lamháltas idir [an bhliain tar éis theacht i*** |

***bhfeidhm na Treorach] agus 2030 ón méid os cionn 400 milliún lamháltas a cuireadh i leataobh i gCúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh chun críche an Chiste don Nuálaíocht a chur ar fáil le haghaidh an Chiste don Nuálaíocht a bunaíodh faoi Airteagal 10a(8). Ní dhéanfar aon mhéadú sa bhreis ar an gCiste don Nuachóiriú agus ar an gCiste don Nuálaíocht a ghiniúint trí acmhainní a ath-leithdháileadh ó aon bheartais, cistí nó cláir eile an Aontais;***

**Leasú 84**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 11 – pointe b**
Treoir 2003/87/CE
Airteagal 10 – mír 3 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Cinnfidh Ballstáit úsáid ioncam a ghintear ó cheantáil lamháltas, seachas le haghaidh na n-ioncam bunaithe mar acmhainní ***féin*** i gcomhréir le hAirteagal 311(3) de CFAE agus a iontráiltear i mbuiséad an Aontais. Úsáidfidh Ballstáit a n-ioncaim a ghintear ó cheantáil lamháltas dá dtagraítear i mír 2, seachas na hioncaim a úsáidtear chun costais charbóin indíreacha dá dtagraítear in Airteagal 10a(6)a chúiteamh, le haghaidh ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas:***';*** | 3. Cinnfidh Ballstáit úsáid ioncam a ghintear ó cheantáil lamháltas, seachas le haghaidh na n-ioncam bunaithe mar acmhainní ***dílse*** i gcomhréir le hAirteagal 311(3) de CFAE agus a iontráiltear i mbuiséad an Aontais ***mar ioncam ginearálta agus le haghaidh na n-ioncam a aistrítear chuig an gCiste Muirí i gcomhréir le hAirteagal 3gd a***. Úsáidfidh Ballstáit a n-ioncaim a ghintear ó cheantáil lamháltas dá dtagraítear i mír 2, seachas na hioncaim a úsáidtear chun costais charbóin indíreacha dá dtagraítear in Airteagal 10a(6)a chúiteamh, le haghaidh ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas: |

**Leasú 85**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 11 – pointe b a (nua)**
Treoir 2003/87/CE
Airteagal 10 – mír 3 – fomhír 1 – pointe a a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(b a) i mír 3, cuirtear an pointe seo a leanas (aa) isteach i ndiaidh phointe (a):*** |
| | ***‘ (a a) an t-aistriú glas a éascú trí na fáltais ón gceantáil a athinfheistiú san earnáil ina dtagann an t-ioncam chun nuálaíocht agus forbairt theicneolaíoch a spreagadh, chun cabhrú leis an gcéad chur i bhfeidhm tionsclaíoch, chun sásraí tacaíochta breise a fhorbairt agus chun bonneagar riachtanach a chruthú; ”*** |

**Leasú 86**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 11 – pointe b b (nua)**
Treoir 2003/87/CE
Airteagal 10 – mír 3 – fomhír 1 – pointe f

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(b a) i mír 3, leasaítear pointe f mar a leanas:*** |
| (f) aistriú a spreagadh ***chuig modhanna*** iompair ***ísealastaíochtaí*** agus ***modhanna iompair poiblí; (aistriúchán neamhoifigiúil)*** | ***‘***(f) aistriú ***chuig cineálacha iompair astaíochtaí ísle agus poiblí*** a spreagadh***, go háirithe forbairt an*** iompair ***paisinéirí*** agus ***iarnróid lasta, tionscadail ilmhódacha iarnróid ar ghréasán TEN-T, naisc iarnróid d’fhonn eitiltí ar ghearrachair a laghdú, i gcás inar féidir, i gcalafoirt ilmhódacha.’*** |

**Leasú 87**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 11 – pointe c**
Treoir 2003/87/CE
Airteagal 10 – mír 3 – fomhír 1 – pointe h

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (h) bearta atá ceaptha an éifeachtúlacht fuinnimh, córais téimh cheantair agus insliú a fheabhsú, nó tacaíocht airgeadais a chur ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar ghnéithe sóisialta i dteaghlaigh ar ioncam íseal nó ar mheánioncam, lena n-áirítear trí chánacha saofa a laghdú;'; | (h) bearta atá ceaptha an éifeachtúlacht fuinnimh, córais téimh cheantair agus insliú a fheabhsú, nó tacaíocht airgeadais a chur ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar ghnéithe sóisialta i dteaghlaigh ar ioncam íseal nó ar mheánioncam, ***chomh maith le FBManna agus micrifhiontair,*** lena n-áirítear trí chánacha saofa a laghdú;'; |

**Leasú 88**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 11 – pointe d**
Treoir 2003/87/CE
Airteagal 10 – mír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 23 chun an Treoir seo a fhorlíonadh maidir le huainiú, riarachán agus gnéithe eile a bhaineann le ceantáil, lena n-áirítear na módúlachtaí chun sciar ioncam a aistriú chuig buiséad an Aontais, chun a áirithiú go ndéantar é ar bhealach oscailte, trédhearcach, comhchuibhithe agus neamh-idirdhealaitheach. | 4. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 23 chun an Treoir seo a fhorlíonadh maidir le huainiú, riarachán agus gnéithe eile a bhaineann le ceantáil, lena n-áirítear na módúlachtaí chun sciar ioncam a aistriú chuig buiséad an Aontais ***agus chuig an gCiste Muirí***, chun a áirithiú go ndéantar é ar bhealach oscailte, trédhearcach, comhchuibhithe agus neamh-idirdhealaitheach. |

**Leasú 89**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12 – pointe b**
Treoir 2003/87/CE
Airteagal 10a – mír 1a – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1a. Ní thabharfar aon ***leithdháileadh saor in aisce*** i ndáil le táirgeadh ***na dtáirgí a liostaítear in Iarscríbhinn I de*** | 1a. Ní thabharfar aon ***saor-leithdháileadh*** i ndáil le táirgeadh ***táirgí atá liostaithe in Iarscríbhinn I a*** |

| | |
|---|---|
| Rialachán [CBAM] amhail ó ***dháta chur i bhfeidhm an tSásra Coigeartaithe*** Carbóin ***ar Theorainneacha***. | ***ghabhann le*** Rialachán [CBAM] amhail ***ón dáta a bheidh CBAM tar éis a éifeachtacht a léiriú go hiomlán*** ó ***thaobh costais CO2 a chothromú idir táirgí allmhairithe agus táirgí intíre, mar a bheidh le tuairisciú ag an gCoimisiún roimh dheireadh na hidirthréimhse chun go dtabharfaí isteach an uirlis nua seo chun sceitheadh*** carbóin ***a chosc faoi Airteagal 30(2) de [Rialachán CBAM]***. ***Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc ar shaor-leithdháileadh a thabhairt do tháirgeadh na dtáirgí sin, a leagtar amach sa chéad fhomhír, maidir le haon chuid de tháirgeadh na dtáirgí sin a onnmhairítear go tríú tíortha nach bhfuil sásra praghsála carbóin acu atá cosúil le CTA AE nó comhionann leis.*** |

**Leasú 90**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12 – pointe g**
Treoir 2003/87/CE
Airteagal 10a – mír 8 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 8. Déanfar ***365 milliún*** lamháltas, ón méid a d’fhéadfaí a leithdháileadh ar shlí eile saor in aisce de bhun an Airteagail seo, agus ***85 milliún*** lamháltas, ón méid a d’fhéadfaí a chur ar ceant de bhun Airteagal 10, chomh maith leis na lamháltais a leanann as an leithdháileadh saor in aisce a laghdú dá dtagraítear in Airteagal 10a(1a), a chur ar fáil do Chiste leis an gcuspóir tacú leis an nuálaíocht i dteicneolaíochtaí agus próisis ísealcharbóin agus chun rannchuidiú le cuspóirí maidir le truailliú nialasach (an ‘Ciste don Nuálaíocht’). Lamháltais nach n-eisítear chuig oibreoirí aerárthaigh mar gheall ar dhúnadh oibreoirí aerárthaigh agus nach bhfuil gá leo chun aon easnamh i dtabhairt suas ag na hoibreoirí sin a chumhdach, úsáidfear iad chomh maith le haghaidh tacaíocht nuálaíochta dá dtagraítear sa | 8. Déanfar ***365 mhilliún*** lamháltas, ón méid a d’fhéadfaí a leithdháileadh ar shlí eile saor in aisce de bhun an Airteagail seo, agus ***85 mhilliún*** lamháltas, ón méid a d’fhéadfaí a chur ar ceant de bhun Airteagal 10, chomh maith leis na lamháltais a leanann as an leithdháileadh saor in aisce a laghdú dá dtagraítear in Airteagal 10a(1a), a chur ar fáil do Chiste leis an gcuspóir tacú leis an nuálaíocht i dteicneolaíochtaí agus próisis ísealcharbóin ***lena gcumasófar bonneagar breoslaí malartacha a imscaradh*** agus chun rannchuidiú le cuspóirí maidir le truailliú nialasach (an ‘Ciste don Nuálaíocht’). Lamháltais nach n-eisítear chuig oibreoirí aerárthaigh mar gheall ar dhúnadh oibreoirí aerárthaigh agus nach bhfuil gá leo chun aon easnamh i dtabhairt suas ag na hoibreoirí sin a chumhdach, úsáidfear iad |

| | |
|---|---|
| chéad fhomhír. | chomh maith le haghaidh tacaíocht nuálaíochta dá dtagraítear sa chéad fhomhír. |

**Leasú 91**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12 – pointe g**
Treoir 2003/87/CE
Airteagal 10a – mír 8 – fomhír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Cumhdóidh an Ciste don Nuálaíocht na hearnálacha a liostaítear in Iarscríbhinn I ***agus Iarscríbhinn III***, lena n-áirítear gabháil agus úsáid dé-ocsaíde carbóin (‘CCU’) atá sábháilte don chomhshaol agus a rannchuidíonn go suntasach le tionchair an athraithe aeráide a mhaolú, chomh maith le táirgí a úsáidtear in ionad cinn atá dian ó thaobh úsáid carbóin de a tháirgtear sna hearnálacha a liostaítear in Iarscríbhinn I, agus chun cabhrú le spreagadh a thabhairt chun tionscadail a thógáil agus a oibriú arb é is aidhm dóibh $CO_2$ a ghabháil agus a stóráil (‘CCS’) go geolaíoch ar dhóigh atá sábháilte don chomhshaol, agus spreagadh a thabhairt freisin do theicneolaíochtaí ***nuálacha a bhaineann le fuinneamh in-athnuaite agus stóráil fuinnimh;*** in áiteanna atá cothrom ó thaobh na geografaíochta de. ***Féadfaidh*** an Ciste don Nuálaíocht tacú freisin le teicneolaíochtaí nuálacha agus bonneagar ***nuálach ceannródaíoch*** chun an earnáil mhuirí a dhícharbónú agus chun breoslaí ísealcharbóin nó breoslaí saor ó charbón a tháirgeadh le haghaidh na heitlíochta, ***an iarnróid*** agus an iompair de bhóthar. Tabharfar aird ar leith ar thionscadail in earnálacha a chumhdaítear faoin [rialachán CBAM] d’fhonn tacú leis an nuálaíocht i dteicneolaíochtaí ísealcharbóin, CCU, CCS, fuinneamh in-athnuaite agus stóráil fuinnimh, ar bhealach a rannchuidíonn leis an athrú | Cumhdóidh an Ciste don Nuálaíocht na hearnálacha a liostaítear in Iarscríbhinn I, lena n-áirítear gabháil agus úsáid dé-ocsaíde carbóin (‘CCU’) atá sábháilte don chomhshaol agus a rannchuidíonn go suntasach le tionchair an athraithe aeráide a mhaolú, chomh maith le táirgí ***agus próisis*** a úsáidtear in ionad cinn atá dian ó thaobh úsáid carbóin de a tháirgtear sna hearnálacha a liostaítear in Iarscríbhinn I, agus chun cabhrú le spreagadh a thabhairt chun tionscadail a thógáil agus a oibriú arb é is aidhm dóibh $CO_2$ a ghabháil agus a stóráil (‘CCS’) go geolaíoch ar dhóigh atá sábháilte don chomhshaol, agus spreagadh a thabhairt freisin do theicneolaíochtaí ***fuinnimh agus stórála fuinnimh atá nuálaíoch inbhuanaithe in-athnuaite, ag a bhfuil astaíochtaí atá íseal go dtí nialasach.*** in áiteanna atá cothrom ó thaobh na geografaíochta de. ***Déanfaidh*** an Ciste don Nuálaíocht tacú freisin le teicneolaíochtaí nuálacha ***ceannródaíocha*** agus bonneagar***, lena n-áirítear le haghaidh bonneagar a athbhreoslú agus a athluchtú i gcalafoirt, nascadh leis an eangach leictreachais agus le bonneagar eile fuinnimh, agus leis an gcéad chur i bhfeidhm tionsclaíoch*** chun an earnáil mhuirí a dhícharbónú agus chun breoslaí ísealcharbóin nó breoslaí saor ó charbón a tháirgeadh le haghaidh na heitlíochta, agus an iompair de bhóthar***; tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an gcóras iarnróid agus ar iompar poiblí áitiúil lena dtugtar*** |

| | |
|---|---|
| aeráide a mhaolú. | ***aghaidh ar an mbonneagar fisiciúil agus digiteach agus ar na cabhlaigh araon, ag cur aistriú módach chun cinn***. Tabharfar aird ar leith ar thionscadail in earnálacha a chumhdaítear faoin [rialachán CBAM] d'fhonn tacú leis an nuálaíocht i dteicneolaíochtaí ísealcharbóin, CCU, CCS, fuinneamh in-athnuaite agus stóráil fuinnimh, ar bhealach a rannchuidíonn leis an athrú aeráide a mhaolú. |

**Leasú 92**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12 – pointe g**
Treoir 2003/87/CE
Airteagal 10a – mír 8 – fomhír 3 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Sa bhreis air sin, tacóidh an Ciste don Nuálaíocht le gníomhaíochtaí chun an t-aistriú chuig earnáil mhuirí de chuid an Aontais atá tíosach ar fhuinneamh agus aeráid-díonach a chur chun cinn, lena dtacaítear le húsáid breoslaí malartacha inbhuanaithe agus breoslaí ísealcharbóin, le forbairt teicneolaíochtaí nuálacha agus astaíochtaí nialasacha agus le bonneagar chun dícharbónú a dhéanamh ar an earnáil.*** |

**Leasú 93**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12 – pointe g**
Treoir 2003/87/CE
Airteagal 10a – mír 8 – fomhír 4 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Beidh sé d'aidhm ag an gCiste don Nuálaíocht tacaíocht chothrom gheografach a thabhairt do na hearnálacha a chumhdaítear, agus dálaí sonracha earnála agus riachtanais*** |

***infheistíochta á gcur san áireamh.***

**Leasú 94**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12 – pointe g**
Treoir 2003/87/CE
Airteagal 10a – mír 8 – fomhír 6 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Déanfar le tionscadail arna gcistiú ag an gCiste don Nuálaíocht eolas a roinnt, i gcás inar féidir, le tionscadail AE-bhunaithe agus le taighdeoirí a bhfuil leas dlisteanach acu. Déanfaidh an Coimisiún téarmaí na comhroinnte eolais a shainiú i nglaonna ar thograí.*** |

**Leasú 95**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 14 – pointe a**
Treoir 2003/87/CE
Airteagal 10d – mír 1 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Beidh na hinfheistíochtaí sin a fhaigheann tacaíocht ag teacht le haidhmeanna na Treorach seo, chomh maith le cuspóirí na Teachtaireachta ón gCoimisiún an 11 Nollaig 2019 maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip (*) agus Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (**) agus leis na cuspóirí fadtéarmacha a leagtar síos i gComhaontú Pháras. ***Ní chuirfear aon tacaíocht ón*** gCiste don Nuachóiriú ar fáil do ***shaoráidí giniúna fuinnimh a úsáideann breoslaí iontaise.’***; | Beidh na hinfheistíochtaí sin a fhaigheann tacaíocht ag teacht le haidhmeanna na Treorach seo, chomh maith le cuspóirí na Teachtaireachta ón gCoimisiún an 11 Nollaig 2019 maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip (*) agus Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (**) agus leis na cuspóirí fadtéarmacha a leagtar síos i gComhaontú Pháras. ***Leis an*** gCiste don Nuachóiriú***, cuirfear tacaíocht*** ar fáil do ***bhreoslaí agus teicneolaíochtaí idirthréimhseacha, do bhreoslaí agus teicneolaíochtaí in-athnuaite inbhuanaithe agus do bhreoslaí agus teicneolaíochtaí atá saor ó astaíochtaí.”***; |

**Leasú 96**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 14 – pointe b**
Treoir 2003/87/CE
Airteagal 10d – mír 2 – pointe a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) ***leictreachas a ghiniúint*** agus ***a*** úsáid ó fhoinsí in-athnuaite; | (a) ***giniúint*** agus úsáid ***leictreachais*** ó fhoinsí in-athnuaite***, ó bhreoslaí ísealcharbóin agus ó bhreoslaí atá saor ó astaíochtaí a thiocfaidh in ionad córas atá dian ar charbón***; |

**Leasú 97**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 14 – pointe b**
Treoir 2003/87/CE
Airteagal 10d – mír 2 – pointe b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) téamh agus fuarú ó fhoinsí in-athnuaite; | (b) téamh agus fuarú ó fhoinsí in-athnuaite***, ó bhreoslaí ísealcharbóin agus ó bhreoslaí atá saor ó astaíochtaí a thiocfaidh in ionad córas atá dian ar charbón***; |

**Leasú 98**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 14 – pointe b**
Treoir 2003/87/CE
Airteagal 10d – mír 2 – pointe f a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(f a) infheistíochtaí in imscaradh bonneagar breoslaí malartacha*** |

**Leasú 99**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 15 – pointe -a (nua)**
Treoir 2003/87/CE
Airteagal 12 – mír 1

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(-a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:*** |
| 1. Áiritheoidh na Ballstáit gur féidir lamháltais a aistriú idir: | " 1. Áiritheoidh na Ballstáit gur féidir lamháltais a aistriú idir: |
| (a) ***daoine*** laistigh den ***Chomhphobal***; | (a) ***eintitis rialaithe*** laistigh den ***Aontas***; |
| (b) ***daoine laistigh*** den Aontas agus daoine i dtríú tíortha, ina n-aithnítear na lamháltais sin i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 25 gan srianta seachas iad sin atá sa Treoir seo nó a glacadh de bhun na Treorach seo. | (b) ***eintitis rialaithe*** den Aontas agus daoine i dtríú tíortha, ina n-aithnítear na lamháltais sin i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 25 gan srianta seachas iad sin atá sa Treoir seo nó a glacadh de bhun na Treorach seo. |
| | ***(c) eintitis rialaithe laistigh den Aontas agus idirghabhálaithe airgeadais a ghníomhaíonn thar ceann eintitis rialaithe laistigh den Aontas.*** |

**Leasú 100**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 15 – pointe c**
Treoir 2003/87/CE
Airteagal 12 – mír 3 – pointe c agus fomhír 1d (nua) agus 1b (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) go dtabharfaidh cuideachta loingseoireachta méid áirithe lamháltas suas, atá cothrom lena hastaíochtaí iomlána le linn na bliana féilire roimhe sin mar a fhíoraítear i gcomhréir le ***hAirteagal 3gc;*** | (c) go dtabharfaidh cuideachta loingseoireachta méid áirithe lamháltas suas, atá cothrom lena hastaíochtaí iomlána le linn na bliana féilire roimhe sin mar a fhíoraítear i gcomhréir le ***hAirteagail 3gc agus 3ga.***<br>***Féadfaidh cuideachtaí loingseoireachta níos lú liúntas a thabhairt suas ar bhonn na nithe seo a leanas:*** |
| | ***- aicme oighir na long nó loingseoireacht in oighear nó iad araon*** |
| | ***Faoin 31 Nollaig 2023 [bliain roimh an gcéad bhliain tuairiscithe dá dtagraítear*** |

| | |
|---|---|
| | ***in Airteagal 3ga] déanfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh de bhun Airteagal 23 chun an Treoir seo a fhorlíonadh maidir leis an modh chun líon coigeartaithe lamháltas le haghaidh soithí a aicmítear mar shoithí oighir a thabhairt suas, lena n-áirítear*** |
| | ***- an mhodheolaíocht chun coigeartuithe ar na lamháltais astaíochtaí atá le tabhairt suas go bliantúil a ríomh agus a chinneadh, ar bhonn saintréithe teicniúla a mhéadaíonn astaíochtaí long atá aicmithe mar longa oighir le linn a loingseoireachta i gcónaí agus ar bhonn aon astaíochtaí méadaithe eile mar gheall ar loingsiú i ndálaí oighir, agus*** |
| | ***- na ceanglais chomhfhreagracha do chuideachtaí loingseoireachta a bheartaíonn níos lú liúntas a thabhairt suas ar bhonn aicme oighir long nó loingseoireacht in oighear nó an dá rud.*** |

**Leasú 101**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 15 – pointe c**
Treoir 2003/87/CE
Airteagal 12 – mír 3 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Áiritheoidh na Ballstáit, na Ballstáit riaracháin agus na húdaráis riaracháin i leith cuideachta loingseoireachta, go gcuirfear lamháltais a thabharfar suas i gcomhréir leis an gcéad fhomhír ar ceal ina dhiaidh sin.'; | Áiritheoidh na Ballstáit, na Ballstáit riaracháin agus na húdaráis riaracháin i leith cuideachta loingseoireachta, go gcuirfear lamháltais a thabharfar suas i gcomhréir leis an gcéad fhomhír ***agus leis an dara fomhír*** ar ceal ina dhiaidh sin.'; |

**Leasú 102**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 15 – pointe e a (nua)**
Treoir 2003/87/CE
Airteagal 12 – mír 4

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(e a) leasaítear mír 4 mar a leanas:*** |
| 4. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go gcuirfear na lamháltais ar ceal tráth ar bith arna iarraidh sin ag an ***duine*** a shealbhaíonn iad. I gcás ina ndúntar acmhainn giniúna leictreachais ina gcríoch féin mar gheall ar bhearta náisiúnta eile, féadfaidh Ballstáit lamháltais a chealú ó chainníocht iomlán na lamháltas a bheidh le cur ar ceant acu dá dtagraítear in Airteagal 10(2) suas go méid a chomhfhreagraíonn do mheán-astaíochtaí fíoraithe na suiteála lena mbaineann thar thréimhse cúig bliana sular dúnadh iad. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann an Coimisiún ar an eolas faoin gcealú atá beartaithe i gcomhréir leis na gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun Airteagal 10(4). | "4. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go gcuirfear na lamháltais ar ceal tráth ar bith arna iarraidh sin ag an ***eintiteas rialáilte*** a shealbhaíonn iad. I gcás ina ndúntar acmhainn giniúna leictreachais ina gcríoch féin mar gheall ar bhearta náisiúnta eile, féadfaidh Ballstáit lamháltais a chealú ó chainníocht iomlán na lamháltas a bheidh le cur ar ceant acu dá dtagraítear in Airteagal 10(2) suas go méid a chomhfhreagraíonn do mheán-astaíochtaí fíoraithe na suiteála lena mbaineann thar thréimhse cúig bliana sular dúnadh iad. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann an Coimisiún ar an eolas faoin gcealú atá beartaithe i gcomhréir leis na gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun Airteagal 10(4). |

**Leasú 103**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 16**
Treoir 2003/87/CE
Airteagal 14 – mír 1 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Cuirfidh na gníomhartha cur chun feidhme sin i bhfeidhm na critéir inbhuanaitheachta agus laghdaithe astaíochtaí gás ceaptha teasa maidir le húsáid bithmhaise a bhunaítear le Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle(*), leis na coigeartuithe is gá le haghaidh cur i bhfeidhm faoin Treoir seo, chun go mbeidh an bhithmhaise seo nialas-rátaithe. Sonrófar iontu an chaoi le stóráil astaíochtaí ó mheascán d'fhoinsí atá nialas-rátaithe agus foinsí nach bhfuil nialas-rátaithe a chur san áireamh. Sonrófar iontu freisin an chaoi le hastaíochtaí ó bhreoslaí in-athnuaite de thionscnamh | Cuirfidh na gníomhartha cur chun feidhme sin i bhfeidhm na critéir inbhuanaitheachta agus laghdaithe astaíochtaí gás ceaptha teasa maidir le húsáid bithmhaise a bhunaítear le Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle(*), leis na coigeartuithe is gá le haghaidh cur i bhfeidhm faoin Treoir seo, chun go mbeidh an bhithmhaise seo nialas-rátaithe. Sonrófar iontu an chaoi le stóráil astaíochtaí ó mheascán d'fhoinsí atá nialas-rátaithe agus foinsí nach bhfuil nialas-rátaithe a chur san áireamh. Sonrófar iontu freisin an chaoi le hastaíochtaí ó bhreoslaí in-athnuaite de thionscnamh |

| | |
|---|---|
| neamh-bhitheolaíoch agus breoslaí carbóin athchúrsáilte a chur san áireamh, chun a áirithiú go gcuirfear na hastaíochtaí sin san áireamh agus go seachnófar an t-áireamh dúbailte.'; | neamh-bhitheolaíoch agus breoslaí carbóin athchúrsáilte a chur san áireamh, chun a áirithiú go gcuirfear na hastaíochtaí sin san áireamh agus go seachnófar an t-áireamh dúbailte. ***Sonrófar iontu freisin conas is féidir astaíochtaí tobar-go-humar breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin a chur san áireamh***'; |

**Leasú 104**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 19 a (nua)**
Treoir 2003/87/CE
Airteagal 19 – mír 2

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***'(19 a) Airteagal 19, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:*** |
| 2. ***Féadfaidh aon duine*** lamháltais a ***shealbhú***. Beidh rochtain ag an bpobal ar an gclárlann agus beidh cuntais ar leithligh ann chun taifead a dhéanamh ar na lamháltais a shealbhaíonn gach ***duine*** a n-eisítear lamháltais chuige agus óna n-aistrítear lamháltais. | "2. ***Gan dochar do mhír 5, seachas na cuntais riaracháin láir agus náisiúnta, ní fhéadfaidh*** lamháltais a ***bheith ina seilbh ach amháin ag eintitis rialáilte a bhfuil oibleagáidí maidir le comhlíonadh CTA san am atá caite, sa lá atá inniu ann nó atá intuartha acu amach anseo***. Beidh rochtain ag an bpobal ar an gclárlann agus beidh cuntais ar leithligh ann chun taifead a dhéanamh ar na lamháltais a shealbhaíonn gach ***eintiteas*** a n-eisítear lamháltais chuige agus óna n-aistrítear lamháltais. |

**Leasú 105**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 19 b (nua)**
Treoir 2003/87/CE
Airteagal 19 – mír 2 a (nua)

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(19 b) Cuirtear an mhír seo a leanas isteach i ndiaidh mhír 2 d'Airteagal 19:*** |
| | ***"2a. Eintitis rialáilte a bhfuil astaíochtaí*** |

|  |  |
|---|---|
|  | ***bliantúla iomlána níos lú ná 25 000 tona de choibhéis dé-ocsaíde carbóin acu in aghaidh na bliana, féadfaidh siad sainordú a thabhairt do dhuine nádúrtha nó d'eintiteas dlíthiúil cuntais chlárlainne ar leis an eintiteas rialáilte iad a oscailt agus gach cineál idirbheart a bhfuil an cuntas sin ina dteideal a sheoladh thar ceann an eintitis rialáilte. Leanann freagracht an chomhlíonta leis an eintiteas rialáilte. Nuair a bheidh an duine nádúrtha nó an t-eintiteas dlíthiúil á shainordú, áiritheoidh an t-eintiteas rialáilte nach mbeidh aon choinbhleacht leasa i measc an duine nó an eintitis sainordaithe agus na n-údarás inniúil, riarthóirí náisiúnta, fíoraitheoirí nó comhlachtaí eile atá faoi réir fhorálacha na Treorach seo.*** |

**Leasú 106**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 19 c (nua)**
Treoir 2003/87/CE
Airteagal 23 – mír 3

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagail 3d(3), 10(4), 10a(1) agus (8), 10b(5), 12(7), tríú fomhír, 19(3), ***Airteagal 22, Airteagal 24***(3), ***Airteagal 24a***(1), ***Airteagal 25a***(1) agus Airteagal 28c a chúlghairm tráth ar bith. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta níos déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana ***féin***. | 3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagail 3d(3), ***3e,*** 10(4), 10a(1) agus (8), 10b(5), 12(7), tríú fomhír, 19(3), ***Airteagail 22, 24***(3), ***24a***(1), ***25a***(1) agus Airteagal 28c a chúlghairm tráth ar bith. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta níos déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana. |

**Leasú 107**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 19 d (nua)**
Treoir 2003/87/CE
Airteagal 29b (nua)

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(19 d) Cuirtear isteach Airteagal 29b seo a leanas i ndiaidh Airteagal 29a:*** |
| | ***'Airteagal 29b*** |
| | ***Sásra gearrthéarmach chun luaineacht praghsanna a shrianadh*** |
| | ***Más rud é, ar feadh níos mó ná 4 seachtaine as a chéile, ina bhfuil an meánphraghas lamháltais sna ceantanna a dhéantar i gcomhréir leis an ngníomh arna ghlacadh faoi Airteagal 10(4) níos mó ná 15% an mheánphraghais lamháltais le linn na 4 seachtaine as a chéile roimhe sin sna ceantanna le haghaidh na lamháltas, glacfaidh an Coimisiún, ar bhonn práinne, cinneadh x milliún lamháltas a chumhdaítear leis an gCaibidil seo a scaoileadh ó Chúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh i gcomhréir le hAirteagal 1a(7) de Chinneadh (AE) 2015/1814. Tabharfaidh an Coimisiún fógra trí mhí tar éis an chinnidh faoin airteagal seo faoi na tionchair fhoriomlána ar phraghas carbóin AE, ar rannpháirtithe sa mhargadh agus ar CCM. Foilseofar an tuarascáil sin agus cuirfear ar fáil go poiblí í."*** |

**Leasú 108**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 19 e (nua)**
Treoir 2003/87/CE
Airteagal 29c (nua)

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(19 e) Cuirtear isteach Airteagal 29c seo a leanas i ndiaidh Airteagal 29a:*** |
| | ***'Airteagal 29c*** |
| | ***Uasteorainn fhíorúil shealadach*** |
| | ***Más rud é, ar feadh níos mó ná 4 seachtaine as a chéile, ina bhfuil an praghas lamháltais sna ceantanna a dhéantar i gcomhréir leis an ngníomh arna ghlacadh faoi Airteagal 10(4) dhá oiread an mheánphraghais in 2021 nó trí oireadh a mheánphraghais in 2020, déanfaidh an Coimisiún go dtí dáta an chur isteach (i.e. 31/12/2025), cinneadh a ghlacadh lamháltais leordhóthanacha a chumhdaítear leis an gCaibidil seo a scaoileadh ó Chúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh i gcomhréir le hAirteagal 1a(7) de Chinneadh (AE) 2015/1814. chun tacú leis an sásra reatha um chosaint sceitheadh carbóin. »*** |

**Leasú 109**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 21**
Treoir 2003/87/CE
Caibidil IVa.

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(21) Cuirtear an Chaibidil IVa seo a leanas isteach i ndiaidh Airteagal 30:*** | ***scriosta*** |
| ***[...]*** | ***(scriosadh phointe 21 ina iomláine maidir le Caibidil IVa)*** |

**Leasú 110**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 21 a (nua)**
Treoir 2003/87/CE
Airteagal 31 – a (nua)

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(21 a) Cuirtear an tAirteagal 31 –a seo a leanas isteach do Chaibidil V roimh Airteagal 31:*** |
| | ***'Airteagal 31-a*** |
| | ***Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú leanúnach ar an Treoir seo maidir le simpliú rialála [agus lena n-áirítear comhéifeacht charnach an phacáiste 'oiriúnach do 55'], agus, i gcás inarb iomchuí, molfaidh sé leasuithe ar an Treoir seo. Déanfaidh an Coimisiún agus na húdaráis inniúla nósanna imeachta riaracháin a oiriúnú go leanúnach don dea-chleachtas agus déanfaidh siad gach beart chun forfheidhmiú na Treorach seo a shimpliú, agus na hualaí riaracháin á gcoinneáil chomh híseal agus is féidir. »*** |

**Leasú 111**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 22**
Treoir 2003/87/CE
Iarscríbhinní

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (22) Leasaítear ***Iarscríbhinní I***, IIb, IV agus V a ghabhann le ***Treoir 2003/87/CE*** i gcomhréir le ***hIarscríbhinn I leis an Treoir seo, agus cuirtear Iarscríbhinn III, IIIa agus IIIb isteach i dTreoir 2003/87/CE mar*** a ***leagtar amach in Iarscríbhinn I a*** ghabhann leis an Treoir seo**.** | (22) Leasaítear ***Iarscríbhinní I***, IIb, IV agus V a ghabhann le ***Treoir 2003/87/CE*** i gcomhréir le ***hIarscríbhinn I*** a ghabhann leis an Treoir seo***;*** |

**Leasú 112**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 1 – pointe c**
Cinneadh (AE) 2015/1814
Airteagal 1 – mír 5

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. In aon bhliain ar leith, má tá líon iomlán na lamháltas atá i gcúrsaíocht idir ***833 milliún*** agus ***1 096 milliún***, bainfear líon lamháltas atá comhionann leis an difríocht idir líon iomlán na lamháltas atá i gcúrsaíocht, mar a leagtar amach san fhoilseachán is déanaí dá dtagraítear i mír 4 den Airteagal seo, agus ***833 milliún***, ó mhéid na lamháltas atá le cur ar ceant ag na Ballstáit faoi Airteagal 10(2) de Threoir 2003/87/CE agus cuirfear sa chúlchiste iad thar thréimhse 12 mhí ag tosú an ***1 Meán Fómhair*** den bhliain sin. Má tá líon iomlán na lamháltas atá i gcúrsaíocht os cionn ***1 096 milliún*** lamháltas, beidh líon na lamháltas atá le baint ó mhéid na lamháltas atá le cur ar ceant ag na Ballstáit faoi Airteagal 10(2) de Threoir 2003/87/CE agus le cur sa chúlchiste thar thréimhse 12 mhí ag tosú an ***1 Meán Fómhair*** den bhliain sin, beidh an líon sin comhionann le 12 % de líon iomlán na lamháltas atá i gcúrsaíocht. De mhaolú ar an abairt ***dheiridh***, déanfar an céatadán a dhúbailt go ***dtí an 31 Nollaig 2030***. | 5. In aon bhliain ar leith, má tá líon iomlán na lamháltas atá i gcúrsaíocht idir ***833 mhilliún*** agus ***1 096 mhilliún***, bainfear líon lamháltas atá comhionann leis an difríocht idir líon iomlán na lamháltas atá i gcúrsaíocht, mar a leagtar amach san fhoilseachán is déanaí dá dtagraítear i mír 4 den Airteagal seo, agus ***833 mhilliún***, ó mhéid na lamháltas atá le cur ar ceant ag na Ballstáit faoi Airteagal 10(2) de Threoir 2003/87/CE agus cuirfear sa chúlchiste iad thar thréimhse 12 mhí ag tosú an ***1 Iúil*** den bhliain sin. Má tá líon iomlán na lamháltas atá i gcúrsaíocht os cionn ***1 096 mhilliún*** lamháltas, beidh líon na lamháltas atá le baint ó mhéid na lamháltas atá le cur ar ceant ag na Ballstáit faoi Airteagal 10(2) de Threoir 2003/87/CE agus le cur sa chúlchiste thar thréimhse 12 mhí ag tosú an ***1 Iúil*** den bhliain sin, beidh an líon sin comhionann le 12 % de líon iomlán na lamháltas atá i gcúrsaíocht. De mhaolú ar an abairt ***dheireanach***, ***go dtí an 31 Nollaig 2030,*** déanfar an céatadán a dhúbailt***, más rud é, le linn na tréimhse bliana roimhe sin,*** go ***bhfuil an meánphraghas liúntais níos ísle ná EUR 30***. |
| Gan dochar do líon iomlán na lamháltas atá le baint de bhun na míre seo, go dtí an 31 Nollaig 2030, ní chuirfear lamháltais dá dtagraítear in Airteagal 10(2), an chéad fhomhír, pointe (b) de Threoir 2003/87/CE san áireamh agus sciartha na mBallstát a rannchuidíonn leis an líon iomlán sin á gcinneadh. | Gan dochar do líon iomlán na lamháltas atá le baint de bhun na míre seo, go dtí an 31 Nollaig 2030, ní chuirfear lamháltais dá dtagraítear in Airteagal 10(2), an chéad fhomhír, pointe (b) de Threoir 2003/87/CE san áireamh agus sciartha na mBallstát a rannchuidíonn leis an líon iomlán sin á gcinneadh. |

**Leasú 113**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 1 – pointe c**
Cinneadh (AE) 2015/1814
Airteagal 1 – mír 5a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5a. Mura ***rud é go*** gcinnfear a mhalairt sa chéad athbhreithniú ***arna dhéanamh*** i gcomhréir le ***hAirteagal 3, ní bheidh*** lamháltais a ***choinnítear*** sa chúlchiste os cionn ***400 milliún*** lamháltas ***bailí a thuilleadh ó 2023.;*** | 5a. Mura gcinnfear a mhalairt sa chéad athbhreithniú ***a dhéanfar*** i gcomhréir le ***hAirteagal 3, cuirfear*** lamháltais ***ó 2023*** a ***shealbhaítear*** sa chúlchiste os cionn ***400 milliún*** lamháltas ***ar leataobh chun an Ciste don Nuachóiriú, an Ciste don Nuálaíocht a mhéadú agus chun cosc a chur ar an bhfachtóir ceartúcháin trasearnála a ghníomhachtú.*** |

**Leasú 114**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 2**
Cinneadh (AE) 2015/1814
Airteagal 1a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(2) cuirtear an tAirteagal 1a seo a leanas isteach:*** <br> ***'Airteagal 1a*** <br> ***Feidhmiú Chúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh le haghaidh earnálacha na bhfoirgneamh agus an iompair de bhóthar*** <br> ***[...]*** | ***scriosta*** |

**Leasú 115**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe -1 a (nua)**
Rialachán (AE) 2015/757
Airteagal 2 – mír 2

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Níl feidhm ag an Rialachán seo maidir le longa cogaidh, longa cúntacha cabhlaigh, longa gabhála éisc ná longa próiseála éisc, longa adhmaid de thógáil bhunúsach, longa nach dtiomáintear le | 2. Níl feidhm ag an Rialachán seo maidir le longa cogaidh, longa cúntacha cabhlaigh, longa gabhála éisc ná longa próiseála éisc, longa adhmaid de thógáil bhunúsach, longa nach dtiomáintear le |

fearas meicniúil, ***ná*** longa rialtais a úsáidtear chun críocha neamhthráchtála.

fearas meicniúil, longa rialtais a úsáidtear chun críocha neamhthráchtála ***ná longa chun críocha cosanta sibhialta agus cuardaigh agus tarrthála***.

**Leasú 116**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 1 a (nua)**
Rialachán (AE) 2015/757
Airteagal 3 – pointe b

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(-1 a) in Airteagal 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):*** |
| (b) ciallaíonn ***"***calafort cuarda***"*** an calafort ina stopann long chun lastas a luchtú nó a dhíluchtú nó chun paisinéirí a bhordáil nó a dhíbhordáil; dá ***bhrí*** sin, déantar stopanna a dhéantar chun críocha athbhreoslaithe, soláthairtí ***úra*** a fháil, faoiseamh a thabhairt don chriú, dul i nduga tirim nó obair dheisiúcháin a dhéanamh ar an long ***agus/nó*** a cuid trealaimh, agus chun na gcríoch sin amháin, stopanna i gcalafort toisc go dteastaíonn cabhair ón long nó toisc í a bheith i nguais, aistrithe long-go-long a dhéantar lasmuigh de chalafoirt, agus stopanna chun críche foscadh a fháil ón doineann nó ar ***gá iad mar gheall ar*** ghníomhaíochtaí cuardaigh agus tarrthála, agus chun na críche sin amháin, a eisiamh; | ***'***(b) ciallaíonn ***'***calafort cuarda***'*** an calafort ina stopann long chun lastas a luchtú nó a dhíluchtú nó chun paisinéirí a bhordáil nó a dhíbhordáil; dá ***réir*** sin, ***chun críocha an rialacháin seo*** déantar stopanna a dhéantar chun críocha athbhreoslaithe, soláthairtí a fháil, faoiseamh a thabhairt don chriú, dul i nduga tirim nó obair dheisiúcháin a dhéanamh ar an long ***nó ar*** a cuid trealaimh, agus chun na gcríoch sin amháin, stopanna i gcalafort toisc go dteastaíonn cabhair ón long nó toisc í a bheith i nguais, aistrithe long-go-long a dhéantar lasmuigh de chalafoirt, ***stopanna i gcalafort trasloingsithe tíre comharsanachta nach bhfuil san Aontas*** agus stopanna chun críche foscadh a fháil ón doineann nó ***a bhfuil gá leo i ngeall*** ar ghníomhaíochtaí cuardaigh agus tarrthála, agus chun na críche sin amháin, a eisiamh; |

**Leasú 117**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe -1 b (nua)**
Rialachán (AE) 2015/757
Airteagal 3 – pointe oa (nua) agus ob (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|

| | |
|---|---|
| | ***(-1b) In Airteagal 3, cuirtear na pointí (oa) agus (ob) seo a leanas leis:*** |
| | ***(oa) ciallaíonn 'ag loingsiú faoi dhálaí oighir' long atá aicmithe mar long oighir a loingsiú i limistéar farraige laistigh den imeall oighir;*** |
| | ***(ob) Sainmhínítear "imeall oighir" i mír 4.4 den Ainmníocht Oighir Farraige WMO, Márta 2014 mar chríochú tráth ar bith idir an fharraige oscailte agus oighear na farraige de chineál ar bith, bíodh sé daingean nó le sruth.*** |

**Leasú 118**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 4 – pointe -a (nua)**
Rialachán (AE) 2015/757
Airteagal 6 – mír 4

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(-a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:*** |
| 4. ***Leis an bplean*** faireacháin***, féadfar a faisnéis áireamh*** freisin ***i ndáil*** le haicme oighir na loinge ***agus/nó*** na nósanna imeachta, freagrachtaí, foirmlí agus foinsí sonraí chun an t-achar a taistealaíodh agus an t-am a caitheadh ar muir nuair a ***bhíothas ag loingseoireacht trí oighear*** a chinneadh agus a ***thaifeadeadh***. | "4. ***I gcás cuideachtaí loingseoireachta a bhfuil sé d'aidhm acu níos lú lamháltas astaíochtaí a thabhairt suas ar bhonn aicme oighir nó loingseoireachta long i gcoinníollacha oighir nó iad araon faoi Threoir 2003/87/CE, beidh faisnéis sa phlean*** faireacháin freisin ***maidir*** le haicme oighir na loinge ***agus*** na nósanna imeachta, ***na*** freagrachtaí, ***na*** foirmlí agus ***na*** foinsí sonraí chun an t-achar a taistealaíodh agus an t-am a caitheadh ar muir nuair a ***bhítear ag loingsiú i ndálaí oighir*** a chinneadh agus a ***thaifeadadh***. |
| | ***Cuirfear faisnéis ar fáil freisin faoi nósanna imeachta chun an dáta agus an t-am a bhítear ag loingsiú faoi dhálaí oighir a thaifeadadh agus cibé an dtarlaíonn an turas idir calafoirt atá faoi dhlínse Ballstáit, an n-imíonn sé ó chalafort atá faoi dhlínse Ballstáit nó an dtagann sé i dtír ar chalafort atá faoi*** |

| | |
|---|---|
| | ***dhlínse Ballstáit. "*** |

**Leasú 119**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 5 a (nua)**
Rialachán (AE) 2015/757
Airteagal 9 – mír 1

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(5 a) Leasaítear Airteagal 9, mír 1, mar a leanas:*** |
| | ***(a) cuirtear pointe (h) isteach mar a leanas:*** |
| | ***"(h) aicme oighir agus cibé an mbaineann an t-aistear le loingseoireacht i ndálaí oighir, má tá sé d'aidhm ag an gcuideachta loingseoireachta níos lú lamháltas astaíochtaí a thabhairt suas ar an mbonn sin faoi Threoir 2003/87/CE. Má tá na muiraistir lena mbaineann ag loingsiú i ndálaí oighir agus má tá sé mar aidhm ag an gcuideachta loingseoireachta níos lú lamháltas astaíochtaí a thabhairt suas ar an mbonn sin faoi Threoir 2003/87/CE, cuirfear ar fáil freisin an fhaisnéis maidir leis an dáta, leis an am, agus leis an suíomh nuair a bhítear ag loingsiú i ndálaí oighir, an modh a úsáidtear chun ídiú ola breosla, ídiú breosla agus fachtóir astaíochtaí an bhreosla a thomhas le haghaidh gach cineáil breosla agus iad ag loingsiú faoi dhálaí oighir, agus an fad a thaistealaítear agus é ag loingsiú i ndálaí oighir.*** |
| | ***(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú fomhír:*** |
| ***Féadfaidh cuideachtaí faireachán a dhéanamh freisin ar fhaisnéis a bhaineann le haicme*** oighir ***na loinge agus, más iomchuí, le loingseoireacht tríd an oighear***. | ***'Má tá sé mar aidhm ag an gcuideachta loingseoireachta níos lú lamháltas astaíochtaí a thabhairt suas ar bhonn loingseoireachta loinge i gcoinníollacha*** oighir ***faoi Threoir 2003/87/CE, ní féidir léi an eisceacht faoin gcéad fhomhír a chur i bhfeidhm ach do na míonna sin*** |

| | |
|---|---|
| | ***nuair nach mbíonn an long ag seoladh faoi choinníollacha oighir**.’* |

**Leasú 120**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 5 b (nua)**
Rialachán (AE) 2015/757
Airteagal 9 – mír 2

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(5 b) In Airteagal 9, cuirtear an méid seo a leanas isteach in ionad mhír 2:*** |
| 2. De mhaolú ar mhír 1 den Airteagal seo agus gan dochar d'Airteagal 10, díolmhófar cuideachta ón oibleagáid maidir le faireachán a dhéanamh ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo in aghaidh an mhuiraistir do long sonraithe, más rud é: | "2. De mhaolú ar mhír 1 den Airteagal seo agus gan dochar d'Airteagal 10, díolmhófar cuideachta ón oibleagáid maidir le faireachán a dhéanamh ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo in aghaidh an mhuiraistir do long sonraithe, más rud é:*’* |
| (a) go dtosaíonn nó go gcríochnaíonn aistir uile na loinge le linn na tréimhse tuairiscithe ag calafort atá faoi dhlínse Ballstáit; agus | (a) go dtosaíonn nó go gcríochnaíonn aistir uile na loinge le linn na tréimhse tuairiscithe ag calafort atá faoi dhlínse Ballstáit; agus ***go bhfuil feidhm ag ceachtar de na nithe seo a leanas*** |
| (b) go ndéanann an long, de réir a sceidil, os cionn 300 aistear le linn na tréimhse tuairiscithe**.** | (b) go ndéanann an long, de réir a sceidil, os cionn 300 aistear le linn na tréimhse tuairiscithe ***nó*** |
| | ***(c) go gcailleann an chuideachta do na muiraistir sin an ceart chun níos lú lamháltas astaíochtaí a ghéilleadh ar bhonn na loingseoireachta in oighear faoi Threoir 2003/87/CE*** |

**Leasú 121**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 6 a (nua)**
Rialachán (AE) 2015/757
Airteagal 10 – mír 1 – pointe k a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|

| | |
|---|---|
| | ***(6 a) In Airteagal 10, cuirtear isteach an pointe (ka) seo a leanas:*** <br> ***'(ka) Féadfaidh cuideachtaí faireachán a dhéanamh ar fhaisnéis a bhaineann le haicme oighir na loinge agus, i gcás inarb iomchuí, le loingseoireacht tríd an oighear. I gcás cuideachtaí loingseoireachta a bhfuil sé d'aidhm acu níos lú lamháltas astaíochtaí a thabhairt suas ar bhonn aicme oighir long nó loingseoireachta in oighear nó iad araon faoi Threoir 2003/87/CE, áireofar ar leithligh san fhaireachán an aicme oighir, an t-achar comhiomlán a thaistealaítear agus na hastaíochtaí comhiomlánaithe CO2 ó gach turas a bhain le loingseoireacht faoi dhálaí oighir agus an fad iomlán a taistealaíodh le linn turais a bhain le loingseoireacht faoi dhálaí oighir.*** |

**Leasú 122**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 4 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. ***Cuirfidh*** na Ballstáit na dlíthe, rialacháin agus ***socruithe*** riaracháin ***i bhfeidhm a bhfuil gá leo*** chun ***Airteagail 1 agus 2 den*** Treoir seo a chomhlíonadh faoin 31 ***Nollaig 2023 ar a dhéanaí***. Cuirfidh siad téacs na ***bhforálacha*** sin in iúl don Choimisiún láithreach. | 1. ***Tabharfaidh*** na Ballstáit ***i bhfeidhm*** na dlíthe, ***na*** rialacháin agus ***na forálacha*** riaracháin ***is gá*** chun ***an*** Treoir seo a chomhlíonadh faoin 31 ***Nollaig den bhliain tar éis na bliana a dtiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm***. Cuirfidh siad téacs na ***mbeart*** sin in iúl don Choimisiún láithreach. |

**Leasú 123**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Iarscríbhinn – mír 1 – pointe c –pointe vii – tábla**
Treoir 2003/87/CE
Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe c –pointe vii – tábla

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | |
|---|---|
| ***'Iompar muirí*** | ***Gáis cheaptha teasa a chumhdaítear le Rialachán (AE) 2015/757";*** |
| ***Gníomhaíochtaí muiriompair long a chumhdaítear le Rialachán (AE) 2015/757 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a dhéanann aistir ar mhaithe le paisinéirí nó lastas a iompar chun críocha tráchtála*** | |
| *Leasú* | |
| ***'Iompar muirí*** | ***Gáis cheaptha teasa a chumhdaítear le Rialachán (AE) 2015/757';*** |
| ***Gníomhaíochtaí muiriompair long a chumhdaítear le Rialachán (AE) 2015/757 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a dhéanann aistir ar mhaithe le paisinéirí nó lastas a iompar chun críocha tráchtála***<br>***Ní áireofar leis an ngníomhaíocht sin:***<br>***(a) aistir a dhéantar faoi chuimsiú conradh seirbhíse poiblí nó atá faoi réir oibleagáidí seirbhíse poiblí i gcomhréir le Rialachán (CEE) Uimh 3577/92;***<br>***(b) aistir a dhéantar ar bhealaí chuig na réigiúin is forimeallaí agus/nó uathu agus turais a oibríonn laistigh de na réigiúin is forimeallaí, mar a shonraítear in Airteagal 299(2) den Chonradh;***<br>***(c) turais a dhéantar ar bhealaí idir oileán agus mórthír, laistigh d'oileáin is cuid den réigiún oileánach céanna nó den limistéar oileánach céanna;***<br>***(d) aistir a dhéanann long ar lú a hastaíochtaí bliantúla iomlána ná 10 000 tona in aghaidh na bliana;***<br>***(e) turais daonnúla;***<br>***(f) turais chuardaigh agus tarrthála nó codanna de ghnáth-thurais ag longa inar ghá gníomhaíochtaí cuardaigh agus tarrthála a dhéanamh;*** | |

| | |
|---|---|
| ***(g) Force majeure don turas iomlán nó do chuid den turas;*** | |

**Leasú 124**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe a**
Treoir 2003/87/CE
Iarscríbhinn I – pointe 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Leis an Treoir seo, ní chumhdaítear suiteálacha ná codanna de shuiteálacha a úsáidtear ***chun*** táirgí agus próisis nua ***a thaighde, a fhorbairt agus a thástáil, agus ní chumhdaítear suiteálacha ina gcuireann astaíochtaí ó dhóchán bithmhaise a chomhlíonann na critéir atá leagtha amach de bhun Airteagal 14 le níos mó ná 95 % de na hastaíochtaí gás ceaptha teasa uile leis an Treoir seo***. | 1. Leis an Treoir seo, ní chumhdaítear suiteálacha ná codanna de shuiteálacha a úsáidtear ***le haghaidh taighde, forbartha agus tástáil*** táirgí agus próisis nua. |

**Leasú 125**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Iarscríbhinn I – pointe 2**
Treoir 2003/87/CE
Iarscríbhinní III, III a, III b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(2) Cuirtear na hIarscríbhinní seo a leanas isteach mar Iarscríbhinní III, IIIa agus IIIb a ghabhann le Treoir 2003/87/CE:*** | ***scriosta*** |
| ***[...]*** | ***(scriosadh phointe 2 ina iomláine agus na hIarscríbhinní comhfhreagracha )*** |

**Leasú 126**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Iarscríbhinn I – pointe 3 – pointe c**
Treoir 2003/87/CE
Iarscríbhinn IV, cuid C

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(c) cuirtear an pointe (c) seo a leanas leis:*** | ***scriosta*** |
| ***CUID C — Faireachán agus tuairisciú ar astaíochtaí a chomhfhreagraíonn don ghníomhaíocht dá dtagraítear in Iarscríbhinn III*** | |
| ***[…]*** | |

**Leasú 127**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Iarscríbhinn I – pointe 4**
Treoir 2003/87/CE
Iarscríbhinn V – cuid C

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(4) in Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2003/87/CE cuirtear an Chuid C seo a leanas léi:*** | ***scriosta*** |
| ***'CUID C — Fíorú astaíochtaí a chomhfhreagraíonn don ghníomhaíocht dá dtagraítear in Iarscríbhinn III*** | |
| ***[...]*** | |

## NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | lena leasaítear Treoir 2003/87/CE lena mbunaítear scéim um liúntais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Aontas, Cinneadh (AE) 2015/1814 i ndáil le cúlchiste cobhsaíochta margaidh a bhunú agus a fheidhmiú do scéim trádála an Aontais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa agus Rialachán (AE) 2015/757 |
| **Tagairtí** | COM(2021)0551 – C9-0318/2021 – 2021/0211(COD) |
| **An Coiste freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | ENVI<br>13.9.2021 |
| **Tuairim ó**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | TRAN<br>13.9.2021 |
| \|**Rapóirtéir don tuairim**<br>Dáta an cheapacháin | Andrey Novakov<br>29.10.2021 |
| **Pléite sa choiste** | 7.2.2022 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Magdalena Adamowicz, Andris Ameriks, José Ramón Bauzá Díaz, Erik Bergkvist, Izaskun Bilbao Barandica, Paolo Borchia, Karolin Braunsberger-Reinhold, Marco Campomenosi, Massimo Casanova, Jakop G. Dalunde, Karima Delli, Anna Deparnay-Grunenberg, Ismail Ertug, Gheorghe Falcă, Giuseppe Ferrandino, Carlo Fidanza, Mario Furore, Søren Gade, Isabel García Muñoz, Jens Gieseke, Elsi Katainen, Elena Kountoura, Julie Lechanteux, Bogusław Liberadzki, Peter Lundgren, Benoît Lutgen, Elżbieta Katarzyna Łukacijewska, Marian-Jean Marinescu, Tilly Metz, Cláudia Monteiro de Aguiar, Caroline Nagtegaal, Jan-Christoph Oetjen, Philippe Olivier, Rovana Plumb, Tomasz Piotr Poręba, Dominique Riquet, Massimiliano Salini, Vera Tax, Barbara Thaler, István Ujhelyi, Henna Virkkunen, Petar Vitanov, Elissavet Vozemberg-Vrionidi, Lucia Vuolo, Roberts Zīle, Kosma Złotowski |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Leila Chaibi, Clare Daly, Pär Holmgren |

## VÓTÁIL CRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 30 | + |
|---|---|
| **ECR** | Carlo Fidanza, Tomasz Piotr Poręba, Roberts Zīle, Kosma Złotowski |
| **ID** | Paolo Borchia, Marco Campomenosi, Massimo Casanova, Julie Lechanteux, Philippe Olivier |
| **PPE** | Magdalena Adamowicz, Karolin Braunsberger-Reinhold, Gheorghe Falcă, Jens Gieseke, Elżbieta Katarzyna Łukacijewska, Benoît Lutgen, Marian-Jean Marinescu, Cláudia Monteiro de Aguiar, Massimiliano Salini, Barbara Thaler, Henna Virkkunen, Elissavet Vozemberg-Vrionidi, Lucia Vuolo |
| **Renew** | José Ramón Bauzá Díaz, Izaskun Bilbao Barandica, Søren Gade, Elsi Katainen, Caroline Nagtegaal, Dominique Riquet |
| **S&D** | Andris Ameriks, Isabel García Muñoz |

| 8 | - |
|---|---|
| **ECR** | Peter Lundgre |
| **S&D** | Vera Tax |
| **The Left** | Leila Chaibi, Clare Daly |
| **Verts/ALE** | Karima Delli, Anna Deparnay-Grunenberg, Pär Holmgren, Tilly Metz |

| 10 | 0 |
|---|---|
| **NI** | Mario Furore |
| **Renew** | Jan-Christoph Oetjen |
| **S&D** | Erik Bergkvist, Ismail Ertug, Giuseppe Ferrandino, Bogusław Liberadzki, Rovana Plumb, István Ujhelyi, Petar Vitanov |
| **The Left** | Elena Kountoura |

Eochair do na siombailí a úsáidtear::
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh